



An Bhruiséil, 19 Nollaig 2018
(OR. en)

15726/18

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0152(COD)**

**VISA 340
FRONT 464
MIGR 229
DAPIX 395
SIRIS 190
COMIX 727
CODEC 2398**

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 15505/18
roimhe seo:

Ábhar: Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE na leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, Rialachán (CE) 2017/2226, Rialachán (CE) 2016/399, Rialachán (CE) XX/2018 [An Rialachán maidir le hIdir-inoibritheacht], agus Cinneadh 2004/512/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle
- Sainordú le haghaidh caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa

Ag an gcruinniú a bhí aige an 19 Nollaig 2018, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú faoin sainordú le haghaidh caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é.

Léirítear athruithe a rinneadh ar an togra ón gCoimisiún le *cló trom/cló iodálach* do théacs breise agus léirítear téacs a scriosadh le [...].

2018/0152 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, Rialachán (CE) 2017/2226, Rialachán (CE) 2016/399, Rialachán (CE) XX/2018 [An Rialachán maidir le hIdir-inoibritheacht], agus Cinneadh 2004/512/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe, [...] Airteagal 77(2)(a) (b), (d) agus (e) [...] [...] **Airteagal 79(2)(a) agus** Airteagal 87(2)(a) [...] de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

¹ IO C, , lch. .

² IO C, , lch. .

- (1) Is le Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle³ a bunaíodh an Córas Faisnéise Víosaí (VIS) le bheith ina réiteach teicneolaíoch don mhalartú sonraí faoi víosaí idir Ballstáit. Is le Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴ a leagadh síos an fheidhm VIS seo, agus na feidhmiúlachtaí agus na freagrachtaí a ghabhann leis, mar aon leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta do mhalartú sonraí faoi víosaí gearrfhanachta idir Ballstáit le scrúdú ar iarratais ar víosaí gearrfhanachta agus na cinntí a bhaineann leo a éascú. Is i Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ a leagtar amach na rialacha faoi chlárú na n-aitheantóirí bithmhéadracha in VIS. I gCinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle⁶, leagadh síos na coinníollacha faoina bhféadfaidh údaráis ainmnithe Ballstát agus Europol rochtain a fháil le VIS a cheadú chun críocha cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.
- (2) Is iad cuspóirí foriomlána VIS feabhas ar chur chun feidhme an chomhbheartais víosaí, agus ar chomhar na gconsal agus ar an gcomhairliúchán idir údaráis víosaí láir tríd an malartú sonraí idir Ballstáit maidir leis na hiarratais agus na cinntí lena mbaineann a éascú, d'fhonn an nós imeachta um iarratas a dhéanamh ar víosa a éascú; an tsiopadóireacht víosaí a chosc; an comhrac i gcoinne na calaoise aitheantais a éascú; seiceálacha ag pointí trasnaithe teorann seachtracha agus laistigh de chríoch na mBallstát a éascú; cuidiú le duine a shainithint ar féidir nach mbeadh na coinníollacha maidir le dul isteach, fanacht nó cónaí ar chríoch na mBallstát á gcomhlíonadh aige nó ar féidir nach bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh a thuilleadh aige; cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷ a éascú, agus rannchuidiú le bagairtí ar shlándáil inmheánach aon ceann de na Ballstáit a chosc.
- (3) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2016 dar teideal *Stronger and Smarter Information Systems for Borders and Security* [Córais Faisnéise níos Láidre agus níos Cliste um Theorainneacha agus Slándáil]⁸, rinneadh cur síos ar an ngá atá ann go ndéanfadh an tAontas Eorpach neartú agus feabhsú ar a chuid córas TF, agus ar an ailtireacht sonraí agus ar an malartú faisnéise atá aige i réimse an bhainistithe teorann, fhorfheidhmiú an dlí, agus na frithsceimhlitheoireachta, agus cuireadh béim ar an ngá atá le feabhas a chur ar idir-inoibritheacht na gcóras TF. Sainithníodh sa Teachtaireacht freisin gur gá aghaidh a thabhairt ar bhearnaí faisnéise, lena n-áirítear faisnéis maidir le náisiúnaigh tríú tír a bhfuil víosa fadfhanachta ina seilbh acu.

³ Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle an 8 Meitheamh 2004 lena mbunaítear an Córas Faisnéise Víosaí (VIS) (IO L 213, 15.6.2004, lch. 5).

⁴ Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Ballstáit (Rialachán VIS) (IO L 218, 13.8.2008, lch. 60).

⁵ Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) (IO L 243, 15.9.2009, lch. 1).

⁶ Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le rochtain chomhairliúcháin ar an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) ag údaráis ainmnithe na mBallstát agus ag Europol chun críocha cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath, agus a imscrúdú (IO L 218, 13.8.2008, lch. 129).

⁷ Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (IO L 180, 29.6.2013, lch. 31).

⁸ COM(2016) 205 final.

- (4) An 10 Meitheamh 2016, d'fhorghuinnigh an Chomhairle Treochlár chun feabhas a chur ar an malartú faisnéise agus ar an mbainistiú faisnéise⁹. Chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna faisnéise atá sna doiciméid a eisíodh do náisiúnaigh tríú tír, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar bhunú lárstóras ceadanna cónaithe agus víosaí fadfhanachta a eisíonn na Ballstáit, chun faisnéis a stóráil maidir leis na doiciméid seo, lena n-áirítear na dátaí éaga, agus maidir le haistarraingt fhéideartha na víosaí agus na gceadanna. [...]
- (5) I gConclúidí ón gComhairle an 9 Meitheamh 2017 maidir leis an mbealach chun cinn i dtaca le feabhas a chur ar an malartú faisnéise agus idir-inoibritheacht chórais faisnéise an Aontais a áirithiú¹⁰, d'aithin an Chomhairle go bhféadfadh go mbeadh gá le bearta nua chun na bearnaí faisnéise atá ann faoi láthair don bhainistiú teorannacha agus d'forfheidhmiú an dlí a líonadh, i dtaca le trasnuithe teorann a dhéanann sealbhóirí víosaí fadfhanachta agus sealbhóirí ceadanna cónaithe. D'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún staidéar féidearthachta a dhéanamh gan mhoill faoi lárstóras don Aontas Eorpach a mbeadh faisnéis ann maidir le víosaí fadfhanachta agus cead cónaithe. Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún dhá staidéar: is é ba chonclúid don chéad staidéar féidearthachta¹¹ gur rud indéanta go teicniúil a bheadh i mbunú lárstórais, agus gurbh í athúsáid struchtúr VIS an rogha teicniúil ab fhearr, agus maidir leis an dara staidéar¹², is anailís riachtanais agus comhréireachta a bhí ansin, rud dar chonclúid go mbeadh sé riachtanach agus comhréireach síneadh a chur le raon feidhme VIS chun go mbeadh na doiciméid thuasluaite san áireamh ann.
- (6) Is éard a luadh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 27 Meán Fómhair 2017 dar teideal *Delivery of the European Agenda on Migration* [Cur i gCrích an Chláir Oibre Eorpaigh maidir leis an Imirce]¹³ nach amháin gur cuid bhunúsach d'éascú na turasoíreachta agus d'éascú cúrsaí gnó atá i gcomhbheartas víosaí an Aontais Eorpaigh, ach gurb uirlis rithábhachtach é le rioscaí slándála agus rioscaí imirce neamhrialta chuig an Aontas Eorpach a chosc. Aithníodh sa Teachtaireacht gur gá an comhbheartas víosaí a chur in oiriúint fós do na dúshlán atá ann, agus réitigh TF nua a chur san áireamh, mar aon leis an sochar a bhaineann le taisteal éascaithe le víosa a chur i gcothromaíocht le himirce fheabhsaithe, le slándáil agus le bainistiú teorainneacha. Dúradh sa Teachtaireacht go ndéanfaí athbhreithniú ar chreat dlíthiúil VIS chun próiseáil víosaí a fheabhsú tuilleadh, lena n-áirítear gnéithe a bhaineann le cosaint sonraí, mar aon le rochtain d'údarais forfheidhmithe dlí, agus chun cur le húsáid VIS le haghaidh catagóirí agus úsáidí nua sonraí, agus le húsáid iomlán a bhaint as na huirlisí idir-inoibritheachta.

⁹ Treochlár chun feabhas a chur ar an malartú faisnéise agus ar an mbainistiú faisnéise lena n-áirítear réitigh idir-inoibritheachta i réimse an Cheartais agus na nGnóthaí Baile (9368/1/16 REV 1).

¹⁰ Conclúidí na Comhairle maidir leis an mbealach chun cinn i dtaca le feabhas a chur ar an malartú faisnéise agus idir-inoibritheacht chórais fhaisnéise an Aontais a áirithiú (10151/17).

¹¹ *Integrated Border Management (IBM) – Feasibility Study to include in a repository documents for Long-Stay visas, Residence and Local Border Traffic Permits* [Bainistiú Comhtháite Teorainneacha (IBM) – Staidéar Féidearthachta le cur san áireamh i stóras doiciméad le haghaidh víosaí adfhanachta, Ceadanna Cónaithe, agus Ceadanna Tráchta Teorann] (2017).

¹² *Legal analysis on the necessity and proportionality of extending the scope of the Visa Information System (VIS) to include data on long stay visas and residence documents* [Anailís dhlíthiúil ar an riachtanas agus ar an gcomhréireacht a bhaineann le raon feidhme an Chórais Faisnéise Víosaí (VIS) a shíneadh chun sonraí faoi víosaí fadfhanachta agus doiciméid chónaithe a chur san áireamh ann] (2018).

¹³ COM(2017) 558 final, lch.15.

- (7) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Márta 2018 maidir leis an gcomhbheartas víosaí a chur in oiriúint do dhúshlái nua¹⁴, athdhearbháíodh go ndéanfaí athbhreithniú ar chreat dlíthiúil VIS, mar chuid de phróiseas machnaimh níos leithne ar idir-inoibritheacht na gcóras faisnéise.
- (7a) *In Airteagal 21 den Choinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, foráiltear don cheart chun saorghluaiseachta laistigh de chríoch na stát ar páirtithe iad sa Chomhaontú le haghaidh tréimhse nach faide ná 90 lá laistigh d'aon tréimhse 180 lá, trí na ceadanna cónaithe agus na víosaí fadfhanachta a eisíonn na Stáit sin a aithint go frithpháirteach. Níl aon bhealach ann chun a sheiceáil cibé acu atá nó nach bhfuil sealbhóir na ndoiciméad sin ina bhgairt do shlándáil na mBallstát seachas don Ballstát a d'eisigh an víosa fadfhanachta nó an cead cónaithe. Chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna faisnéise atá sna doiciméid a eisítear do náisiúnaigh tríú tír, ba cheart faisnéis maidir le víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe a stóráil in VIS. A mhéid a bhaineann leis na doiciméid sin, ba cheart é a bheith de chuspóir ag VIS tacú le hardleibhéal slándála, a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis i limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha amhail limistéar Schengen, trí chuidiú lena mheas cibé acu a fhéadfadh nó nach bhféadfadh an t-iarratasóir a bheith ina bhgairt ar an mbeartas poiblí, ar an tslándáil inmheánach nó ar an tsláinte phoiblí. Ba cheart é a bheith mar aidhm leis freisin éifeachtacht agus éifeachtúlacht seiceálacha ag na teorainneacha seachtracha agus seiceálacha laistigh de chríoch na mBallstát a dhéantar i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta a fheabhsú. Ba cheart do VIS cuidiú chun daoine a shainaitheint ar féidir nach bhfuil na coinníollacha maidir le dul isteach, fanacht nó cónaí ar chríoch na mBallstát á gcomhlíonadh acu, nó arbh fhéidir nach bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh a thuilleadh acu, go háirithe chun filleadh an duine sin a éascú. Ba cheart dó cuidiú le cionta sceimhlitheoireachta agus le cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú; ceart-sainaitheint daoine a úirithiú; cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 agus Treoir 2013/32/AE a éascú agus tacú le cuspóirí Chóras Faisnéise Schengen (SIS).*

¹⁴ COM(2018) 251 final.

- (8) Nuair a bhí Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 á ghlacadh, aithníodh nár mhór aghaidh a thabhairt ar cheist leordhóthanacht iontaofacht na méarlorg chun críocha sainaithint agus fíorú, i gcás linbh faoi bhun 12 bhliain d'aois agus, go háirithe, ar éabhlóid na méarlorg de réir mar a théitear in aois, ar bhonn staidéir a cuireadh i gcrích faoi fhreagracht an Choimisiúin. Is é ba chonclúid do staidéar¹⁵ a rinne an tAirmheán Comhpháirteach Taighde in 2013 gur féidir sainaithint méarlorg leanaí idir 6 agus 12 bliain a dhéanamh le leibhéal sásúil cruinnis faoi choinníollacha ar leith. I mí na Nollag 2017, dheimhnigh an dara staidéar¹⁶ an toradh seo, agus thug sé tuilleadh léargais ar thionchar na haoise ar cháilíocht na méarlorg. Ar an mbonn seo, rinne an Coimisiún staidéar eile in 2017 inar fiosraíodh an riachtanas agus an chomhréireacht a bhaineann leis an aois méarlorgaireachta do leanaí a íslíú go 6 bliana sa phróiseas víosa. Is é toradh an staidéir sin¹⁷ gur fearr a d'fhéadfaí cuspóirí VIS a bhaint amach ach an aois méarlorgaireachta a íslíú, go mór mór i dtaca leis an gcomhrac i gcoinne na calaoise aitheantais agus i dtaca leis na seiceála ag pointe trasnaithe teorann seachtraí a éascú, agus go bhféadfaidh breis sochair a bheith ann dá bharr ach an comhrac i gcoinne shárú chearta an linbh, agus cosc an tsáraithe sin a neartú, go háirithe trí chumasú ar shainaithint/fíorú chéannacht leanaí ar náisiúnaigh tríú tír iad a aimsítear i gcríoch Schengen i gcás inar sáraíodh a gcearta nó ina bhfuil baol ann gur sáraíodh iad (e.g. íospartaigh na gáinneála ar dhaoine ar leanaí iad, leanaí atá ar iarraidh, nó mionaoisigh neamhthionlactha atá ag iarraidh tearmainn).
- (9) Tabharfaidh na Ballstáit tús áite do leas an linbh i ndáil le gach nós imeachta dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Leas, sábháilteacht, slándáil agus tuairimí an linbh, is nithe iad sin a chuirfear san áireamh agus a gcuirfear béim chuí orthu de réir aois agus inmhe an linbh. Bíonn ábharthacht faoi leith in VIS nuair is baol gurb íospartach na gáinneála ar dhaoine an leanbh.
- (9a) Ba cheart go mbainfeadh an nós imeachta víosa agus VIS tairbhe as na forbairtí teicneolaíochta a bhaineann le haitheantais íomhá aghaidhe agus as íomhánna beo den aghaidh a ghlacadh **tráth a [...] [...] chuirfear iarratais ar víosaí isteach**. Is í **an íomhá bheo** den aghaidh is ceart a bheith mar príomh-mhodh chun aghaidh[...] na n-iarratasóirí a chlárú in VIS, [...] **i gcás [...] ina gceadaíonn reachtaíocht náisiúnta na mBallstát sin freisin nuair a dhéantar iarratais ar víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe a phróiseáil**. Ba cheart eisceachtaí ón gceanglas sin a dhéanamh, áfach, d'iarratasóirí atá díolmhaithe ón gceanglas a méarloirg a ghabháil **ar chúiseanna eile seachas an dodhéantacht méarloirg a ghlacadh**. **Trí íomhánna beo den aghaidh a ghlacadh nuair a chuirfear iarratais isteach, rannchuideofar le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí bithmhéadracha freisin, amhail 'aghaidhmhorfáil' a úsáidtear le haghaidh calaois aitheantais**.

¹⁵ *Fingerprint Recognition for Children* [Leanaí a Aithint as a gCuid Méarlorg] (2013 - EUR 26193).

¹⁶ *Automatic fingerprint recognition: from children to elderly* [Aithint Uathoibríoch na Méarlorg: ón leanbh go dtí an duine aosta] (2018 – JRC).

¹⁷ *Feasibility and implications of lowering the fingerprinting age for children and on storing a scanned copy of the visa applicant's travel document in the Visa Information System (VIS)* [An indéantacht agus na himpleachtaí a bhaineann leis an aois méarlorgaireachta do leanaí a laghdú agus le cóip scanta de dhoiciméad taistil an iarratasóra ar víosa a stóráil sa Chóras Faisnéise Víosaí (VIS)] (2018).

- (10) Na sonraí pearsanta a sholáthraíonn an t-iarratasóir le haghaidh víosa [...], ba cheart do VIS iad a phróiseáil chun measúnú a dhéanamh an bhféadfadh nó nach bhféadfadh bagairt ar an tslándáil phoiblí nó ar an tsláinte phoiblí san Aontas a bheith ann le dul isteach an iarratasóra san Aontas, agus chun measúnú a dhéanamh ar an riosca imirce neamhrialta a bhaineann leis an iarratasóir. A mhéid a bhaineann le náisiúnaigh trí tír [...] **a dhéanann iarratas ar víosa fadfhanachta nó ar chead cónaithe, ba cheart na seiceálacha sin a theorannú don mhéid a chuireann siad le *measúnú a dhéanamh ar an mbagairt ar bheartas poiblí, ar an tslándáil inmheánach nó ar an tsláinte phoiblí a d'fhéadfadh a bheith sa náisiúnach tríú tír sin agus, i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus leis an reachtaíocht ábhartha náisiúnta*, le céannacht an tsealbhóra doiciméid *mar aon le [...]* barántúlacht agus bailíocht na víosa fadfhanachta nó an cheada cónaithe a mheas. *Maidir le Eurodac, ós rud é go bhfuil sonraí ann sa bhreis ar na sonraí faoi iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, is é sin sonraí a bhaineann le náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a ghabhtar agus baint acu le teorainn sheachtrach a thrasnú go neamhrialta, tá údar sárraitheach imní maidir leis an tslándáil phoiblí ann a fhágann go bhfuil cuardach an bhunachair sonraí sin comhréireach.* [...]**
- (11) Ní féidir rioscaí den chineál sin a mheas gan próiseáil a dhéanamh ar na sonraí pearsanta a bhaineann le céannacht an duine, agus leis an doiciméad taistil, agus [...] más infheidhme, leis an urraitheoir, nó más mionaoiseach don iarratasóir, le céannacht an duine atá freagrach as. Ba cheart gach mír de shonraí pearsanta sna hiarratais a chur i gcomparáid leis na sonraí atá i dtáifead, i gcomhad nó i bhfoláireamh atá cláraithe i gcóras faisnéise (Córas Faisnéise Schengen (SIS), an Córas Faisnéise Víosaí (VIS), sonraí Europol, bunachar sonraí Interpol um Dhoiciméid Taistil Ghoidte nó Chaillte (SLTD), an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES), Eurodac, [an Córas Faisnéise Eorpach um Thairfid Choiriúla (an córas ECRIS-TCN)¹⁸ [...] / agus/nó bunachar sonraí Interpol um Dhoiciméid Taistil a bhaineann le Fógraí (TDAWN Interpol)) nó leis an liosta faire [...] **dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2018/1240 lena mbunaítear an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (liosta faire ETIAS)**, nó le táscairí riosca sonracha. Na catagóirí sonraí pearsanta ar cheart a úsáid chun comparáid a dhéanamh, ba cheart iad a bheith teoranta do na catagóirí sonraí atá sna córais faisnéise ina ndéantar an cuardach, i liosta faire ETIAS nó sna táscairí riosca sonracha.
- (12) Is le [*Rialachán (AE) XX maidir le hidir-inoibritheacht*] a bunaíodh an idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh ionas gurb as lámha a chéile atá córais faisnéise seo an Aontais ag obair, chun feabhas a chur ar bhainistiú na dteorainneacha seachtracha, chun cosc a chur ar an imirce neamhdhleathach, agus leis an imirce neamhdhleathach a chomhrac, agus chun ardléibhéal slándála a áirithiú i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais atá ag an Aontas, lena n-áirítear an tslándáil phoiblí agus an beartas poiblí a chaomhnú, agus an tslándáil a chosaint i gcríoch na mBallstát.

¹⁸ **Fanann tagairtí do ECRIS-TCN idir lúibíní cearnacha sa téacs iomlán agus tuigtear nach mór an plé faoi thodhchaí ECRIS-TCN a fhiosrú, nó gan sin a fhiosrú, a thionól níos déanaí.**

- (13) De bharr na hidir-inoibritheachta idir córais faisnéise an Aontais, féadfaidh na córais obair as lámha a chéile chun ceart-sainaithe daoine a éascú, chun cuidiú a thabhairt an chialais aitheantais a chomhrac, chun ceanglais cáilíochta shonraí chórais faisnéise ábhartha an Aontais a fheabhsú agus a chomhchuíbhíú, chun cur chun feidhme teicniúil agus oibríochtúil chórais faisnéise an Aontais atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a éascú, chun na coimircí i dtaca le slándáil sonraí agus cosaint sonraí a rialaíonn córais faisnéise ábhartha an Aontais a neartú agus a shimpliú, chun rochtain na n-údarás fhorfheidhmithe dlí ar EES, VIS, [...] ETIAS [...] agus Eurodac a shruthlíniú, agus chun tacú le cuspóirí EES, VIS, [...] ETIAS [...], Eurodac, SIS agus [an chórais ECRIS-TCN].
- (14) Na codanna idir-inoibritheachta atá ann, clúdaíonn siad EES, VIS, [...] ETIAS [...], Eurodac agus SIS, agus [an córas ECRIS-TCN] agus le sonraí Europol is féidir cuardach a dhéanamh ann go comhuaineach leis na córais faisnéise seo atá ag an Aontas, agus dá bhrí sin is iomchuí na codanna seo a úsáid chun seiceálacha uathoibrithe a dhéanamh, agus le linn rochtain a fháil ar VIS chun críocha fhorfheidhmiú an dlí. Ba cheart an Tairseach Eorpach chuardaithe (ESP) a úsáid chun na críche seo chun rochtain thapa, rianúil, éifeachtúil, chórasach agus rialaithe a éascú ar chórais faisnéise an Aontais, mar aon le sonraí Europol, agus bunachair sonraí Interpol a bhíonn ag teastáil lena gcuid tascanna a dhéanamh, i gcomhréir lena gcuid cearta rochtana, agus d'fhonn tacú le cuspóirí VIS.
- (15) Ba cheart uathoibriú a dhéanamh ar an gcomparáid le bunachair sonraí eile. An uair a léireoidh comparáid den chineál sin gurb ann do chomhfhreagairt ('amas') idir aon shonra pearsanta nó cumasc de shonraí pearsanta atá sna hiarratais agus i dtaifead, i gcomhad nó i bhfoláireamh sna córais faisnéise thuasluaite, nó le sonraí pearsanta sa liosta faire **ETIAS**, ba cheart an t-iarratas a phróiseáil de láimh ag oibreoir san údarás freagrach. An cinneadh i dtaobh víosa [...] a eisiúint nó gan í a eisiúint, is cinneadh é ar cheart a bheith ina thoradh ar an measúnú a dhéanann an t-údarás freagrach.
- (15a) Ós rud é go mbeidh VIS mar chuid de chreat coiteann na hidir-inoibritheachta, ní mór d'fhorbairt na ngnéithe agus na bpróiseas nua a bheith comhleánach go hiomlán leo siúd atá sna córais TF eile atá mar chuid den chreat seo. Na cuardacha uathoibrithe a sheolfaidh VIS chun a fháil amach an mbeidh eolas ag córais eile ar fhaisnéis faoi víosa nó faoi chead cónaithe, is é an toradh a bheidh orthu sin amais in aghaidh córais TF eile. Tá córas cuardach den chineál céanna ann faoi láthair i gcóras amháin eile - ETIAS - agus feictear coincheap na n-amas in EES freisin, lena n-áirítear i dtaca le hidir-inoibritheacht EES-VIS agus in SIS. Déantar idirdhealú in SIS idir meaitseanna (comhfhreagairt idir sonraí cuardaithe agus aimsithe) agus amais (mar meaitseanna dheimhnithe) le linn phróiseas comparáide sonraí idir foláirimh SIS, agus ní thagraítear sna rialacháin idir-inoibritheachta ach do mheaits mar thoradh ar chomparáid uathoibrithe idir sonraí pearsanta atá ar taifead nó a bhfuil taifead á dhéanamh orthu i gcóras faisnéise nó i mbunachair sonraí. Sa chomhthéacs sin, ba cheart go dtuigfí le coincheap an 'amais' a úsáidtear in VIS go bhfuarthas na sonraí comhfhreagracha is infheidhme maidir leis na cuardacha a seoladh le sonraí VIS. Ba cheart go ngníomhachtódh an t-amas, de réir mar is iomchuí agus i gcás inarb iomchuí, fíorú breise de láimh ar na sonraí atá stóráilte in VIS nó i gcóras eile, chun a áirithiú go bhfaighidh na húdaráis atá ag próiseáil iarratais ar víosa nó ar chead cónaithe an fhaisnéis uile is gá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an iarratas sin. Ní dochar coincheap an 'amais' a úsáidtear sa Rialachán seo do choincheap an 'amais' agus na próisis ghaolmhara sna Rialacháin SIS.**
- (16) Má dhiúltaítear iarratas ar [...] víosa, ní ar bhonn phróiseáil uathoibrithe na sonraí pearsanta sna hiarratais ba cheart an diúltú sin a dhéanamh.

- (17) Iarratasóirí ar diúltaíodh víosa [...] ar bhonn sonra faisnéise a baineadh as an bpróiseáil VIS, ba cheart go mbeadh cead achomhairc acu. Is sa Bhallstát a rinne an cinneadh maidir leis an iarratas ar cheart na hachomhairc a sheoladh, i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit sin. Ba cheart feidhm a bheith ag na coimircí agus na rialacha atá i Rialachán (AE) Uimh. 767/2008 maidir le hachomharc.
- (18) **Maidir le húsáid** táscairí riosca s[...]onracha a chomhfhreagraíonn do riosca slándála, do riosca imirce neamhrialta, nó do riosca don tsláinte phoiblí, ba cheart [...] **go rannchuideodh** a n-úsáid le hanailís a dhéanamh ar chomhad an iarratais ar víosa [...]. Na critéir a úsáidtear le táscairí riosca sonracha a shainmhíniú, ní ceart i gcás ar bith iad a bhunú ar inscne agus ar aois duine amháin. Ní bhunófar iad, i gcás ar bith, ar fhaisnéis maidir le cine an duine, an dath craicinn atá air, a mhianach eitneach nó sóisialta, a airíonna géiniteacha, an teanga atá aige, na tuairimí polaitiúla nó aon tuairimí eile atá aige, an reiligiún nó creideamh fealsúnach atá aige, an ball de cheardchumann é, an ball de mhionlach náisiúnta é, an mhaoin atá aige, an áit ar rugadh é, an bhfuil míchumas air nó an claonadh atá ann ó thaobh gnéis de. **A mhéid is féidir agus i gcás inarb ábhartha, is inmhianaithe sineirgíocht a bhunú idir na táscairí riosca sonracha agus rialacha ETIAS maidir le scagadh.**
- (19) Ní mór freagraí éifeachtacha a thabhairt ar na cineálacha nua bagairtí slándála atá ag teacht chun cinn go leanúnach, agus ar na patrúin nua i dtaobh imirce neamhrialta agus ar na bagairtí don tsláinte phoiblí, agus ní mór cur ina gcoinne le modhanna nua-aimseartha. Ó tharla próiseáil méideanna móra sonraí pearsanta a bheith i gceist leis na modhanna sin, ba cheart coimircí iomchuí a thabhairt isteach ionas nach mbeifear ag teacht salach ach oiread agus is gá i sochaí dhaonlathach ar na cearta atá ann ar urraim don saol príobháideach agus do shaol an teaghlaigh, agus do na sonraí pearsanta.
- (20) Maidir le hiarratasóirí ar víosa [...], nó ar náisiúnaigh tríú tír a dhéanann iarratas ar víosa fadfhanachta nó cead cónaithe, is ceart a áirithiú go gcuirfear rud nach lú ná leibhéal seiceála den chineál céanna i gcion orthu sin agus a chuirtear ar náisiúnaigh tríú tír atá saor ó víosa. [...]
- (21) D'fhonn a ndualgas a chomhlíonadh faoin gCoinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, ba cheart go bhféadfadh iompróirí idirnáisiúnta fíorú an bhfuil nó nach bhfuil na doiciméid [...] bhailí [...] sin ina seilbh ag náisiúnaigh tríú tír atá **faoi réir** [...] **ceanglas** maidir le víosa, [...] víosa ghearrfhanachta [...] nó cead cónaithe. Ba cheart an fíorú seo a bheith indéanta trí shonraí VIS a astarraingt gach lá agus iad a chur i mbunachar sonraí ar leith atá inléite amháin, lena mbeifí in ann íos-fhothacar sonraí riachtanacha a astarraingt le cuardach a éascú a mbeadh freagra cgl/níl sé cgl air.
- (22) Ba cheart don Rialachán seo sainmhíniú a thabhairt ar údaráis na mBallstát a d'fhéadfaí a údarú chun rochtain a dhéanamh ar VIS le sonraí a iontráil, a leasú, agus a scríosadh, nó le sonraí a cheadú maidir le víosaí fadfhanachta nó ceadanna cónaithe le aghaidh na gcríoch sonracha a leagtar amach in VIS don chatagóir doiciméad seo agus dóibh siúd a bhfuil siad ina seilbh acu, agus chomh mór agus is gá le gur féidir leo a gcuid tascanna a chur díobh.

- (23) An phróiseáil a dhéanfar ar shonraí VIS, ba cheart di a bheith i gcomhréir leis na cuspóirí a leanantar dóibh i gcomhlíonadh thascanna na n-údarás inniúil, cuspóirí atá riachtanach do chomhlíonadh na dtascanna sin. Le linn do na húdaráis inniúla a bheith ag úsáid EES, ba cheart a áirithiú leo go n-urramaítear dínit agus sláine an duine a bhfuil a chuid sonraí á n-iarraidh, agus níor cheart dóibh aon idirdhealú a dhéanamh ar bhonn gnéis, nó datha, nó mar gheall ar an mianach eitneach nó sóisialta atá sa duine, ná mar gheall ar na tréithe géiniteacha atá ag roinnt leis, ná an teanga, an reiligiún nó an creideamh atá aige, ná tuairimí polaitiúla ná tuairimí eile, ná an mionlach náisiúnta ar ball de é, ná mhaoin atá aige, an áit ar rugadh é, an míchumas atá air, ná an claonadh atá ann ó thaobh gnéis de.
- (24) Ní mór do na húdaráis forfheidhmithe dlí an fhaisnéis is nuashonraithe a bheith acu má tá siad lena gcuid cúram a dhéanamh sa chomhrac i gcoinne cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile. Ba le Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle a bunaíodh an rochtain atá ag údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus ag Europol ar VIS. Ba cheart ábhar an Chinnidh seo a chomhtháthú le Rialachán VIS, lena chur i gcomhréir leis an gcreat atá ag an gconradh faoi láthair.
- (25) Is léir cheana féin a úsáidí atá rochtain ar shonraí VIS chun críoch fhorfheidhmiú an dlí i dtaobh daoine a maraíodh de bharr an fhoréigin a shainaithint, nó chun cabhrú le himscrúdaitheoirí dul chun cinn mór a dhéanamh i gcásanna a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine, sceimhlitheoireacht nó gáinneáil ar dhruaí. Dá bhrí sin, ba cheart na sonraí atá in VIS a bhaineann le fanachtaí fada a bheith ar fáil freisin d'údaráis ainmnithe na mBallstát agus don Oifig Eorpach Póilíní (Europol), faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach sa Rialachán seo.
- (26) Ós rud é go bhfuil ról lárnach ag Europol sa chomhar idir údaráis na mBallstát i réimse an imscrúdaithe choiriúil trasteorann ó thaobh tacú le coireanna a chosc, a anailísiú agus a imscrúdú ar fud an Aontais. Ba cheart rochtain reatha Europol ar VIS faoi chuimsiú a chúraimí a chódú agus a shruthlíniú, agus na forbairtí is déanaí ar an gcreat dlíthiúil á gcur san áireamh freisin, amhail Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁹.
- (27) Is ionann rochtain ar VIS chun críche cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, é agus cur isteach ar na cearta bunúsacha maidir leis an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh a urramú, agus maidir le sonraí pearsanta na ndaoine a ndéantar a gcuid sonraí pearsanta a phróiseáil in VIS a chosaint. Ní foláir aon chur isteach dá leithéid a bheith i gcomhréir leis an dlí, agus ní foláir a fhoirmiú a bheith beacht a dhóthain chun gur féidir le daoine aonair a n-íompraíocht a choigeartú agus ní foláir dó daoine aonair a chosaint ar aon treallachas agus raon feidhme na lánrogha a bhronntar ar na húdaráis inniúla agus modh a fheidhmithe a léiriú ar bhealach soiléir a dhóthain. Aon chur isteach a dhéantar i sochaí dhaonlathach, ní foláir gá a bheith leis chun leas dlisteanach agus comhréireach a chosaint agus ní foláir é a bheith comhréireach leis an gculpóir dlisteanach atáthar ag iarraidh a bhaint amach.

¹⁹ Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

- (28) Déantar foráil i [Rialachán 2018/XX ar an idir-inoibritheacht] don fhéidearthacht go ndéanfaidh údarás póilíneachta Ballstáit ar thug na bearta reachtaíochta náisiúnta an chumhacht sin dó duine a shainaithint le sonraí bithmhéadracha a glacadh ón duine sin le linn seiceála céannachta. Tharlódh go bhfuil cúinsí faoi leith ann áfach inarb é leas an duine sin sainaithint a dhéanamh air. Ar na cásanna sin tá an cás ina bhfuarthas an duine tar éis dó a bheith ar iarraidh, tar éis a fhuadaithe, nó tar éis a shainaitheanta ina íospartach ag lucht gáinneála **nó i gcás daoine nach eol cé hiad nó taisí daonna gan aithne i gcás tubaiste nádúrtha nó timpiste**. I gcásanna dá leithéid, ba cheart rochtain thapa a thabhairt do na húdaráis forfheidhmithe dlí ar shonraí VIS ionas gur féidir an duine a shainaithint go tapa agus go hiontaofa gan comhlíonadh gach réamhchoinnill agus gach coimirce bhreise ar rochtain an fhorfheidhmithe dlí a bheith ag teastáil.
- (29) I réimse an chomhair phóilíneachta, is rud bunúsach atá sna comparáidí a dhéantar ar bhonn na méarlorg neamhfholas, is é sin rian dachtalascópach a dtarlódh dó ar láthair an chiona. Maidir leis an bhféidearthacht méarlorg neamhfholas a chur i gcomparáid le sonraí méarlorg atá stóráilte in VIS i gcás ina mbeidh foras réasúnach ann chun creidiúint go bhféadfadh an déantóir ciona nó an t-íospartach a bheith cláraithe in VIS, sin féidearthacht a bheadh ina huirlis an-luachmhar ag údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, mar shampla nuair nach bhfuil d'fhianaise ar láthair an chiona ach méarloirg neamhfholasa.
- (30) Ní mór údaráis inniúla a ainmniú i ngach Ballstát, mar aon leis na lárphointí rochtana trína bhfuil na hiarratais ar rochtain ar shonraí VIS le cur isteach; agus ní mór liosta a choinneáil de na haonaid oibríochta atá laistigh de na húdaráis ainmnithe atá údaraithe an rochtain sin a iarraidh chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath, nó a imscrúdú.
- (31) Maidir le hiarrataí ar rochtain ar shonraí atá á stóráil sa Lárchóras, ba cheart do na haonaid oibríochta atá laistigh de na húdaráis ainmnithe na hiarrataí sin a chur chuig an lárphointe rochtana agus ba cheart an t-údar cuí a lua leo. Na haonaid oibríochta atá laistigh de na húdaráis ainmnithe agus atá údaraithe chun rochtain ar shonraí VIS a iarraidh, níor cheart dóibh gníomhú mar údarás fíoraithe. Ba cheart do na lárphointí rochtana gníomhú go neamhspleách ar na húdaráis ainmnithe, agus ba cheart dóibh a bheith freagrach, ar dhóigh neamhspleách, as an deimhniú ar chomhlíonadh iomlán na gcoinníollacha rochtana a bhunaítear sa Rialachán seo. I gcásanna eisceachtúla práinne inar gá rochtain luath chun freagairt do bhagairt shonrach iarbhír a bhaineann le cionta sceimhlitheoireachta nó le cionta cóiriúla tromchúiseacha eile, ba cheart don lárphointe rochtana an tiarraidh a phróiseáil láithreach agus gan an fíorú a dhéanamh ach ina dhiaidh sin.
- (32) Chun sonraí pearsanta a chosaint, agus chun cuardaigh chórasacha a dhéanfadh lucht forfheidhmithe an dlí a chur as an áireamh, níor cheart sonraí VIS a phróiseáil ach i gcásanna ar leith agus nuair is gá sin chun cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Níor cheart do na húdaráis ainmnithe ná do Europól rochtain ar VIS a iarraidh ach amháin nuair atá foras réasúnach acu chun a chreidiúint go bhfaighfear faisnéis de thoradh na rochtana sin a chuideoidh go mór leo cionta sceimhlitheoireachta nó cion coiriúil tromchúiseach eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.

- (33) Na sonraí pearsanta a bhaineann le sealbhóirí doiciméid fhadfhanachta atá á stóráil in VIS, ní ceart a gcoinneáil ach an seal is riachtanach chun críocha VIS. An fhaisnéis a bhaineann le náisiúnaigh tríú tír, is iomchuí a coinneáil ar feadh thréimhse cúig bliana ionas gur féidir faisnéis a thabhairt san áireamh le hiarratais ar víosa [...] a mheas, ionas gur féidir rófhanacht i ndeireadh na tréimhse bailíochta a bhrath, agus chun measúnuithe slándála na náisiúnach tríú tír a ghnóthaigh iad a dhéanamh. Na sonraí faoin úsáid a baineadh as doiciméad san am atá caite, is féidir go n-éascóidh siad eisiúint víosaí [...] san am atá le teacht. Níor leor tréimhse ama ba ghiorra ná sin chun na geríoch a luaitear. Ba cheart na sonraí a scriosadh tar éis tréimhse cúig bliana, mura mbeidh foras ann chun iad a scriosadh níos túisce.
- (34) Tá feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁰ maidir leis an bpróiseáil sonraí a dhéanann na Ballstáit agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm acu. Is le Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a rialaítear sonraí pearsanta a phróiseáil ag údaráis forfheidhmithe dlí chun críocha cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú²¹.
- (35) Baill d'fhoirne ón nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (EBCGA), mar aon le foirne a bhíonn ag plé le tascanna a bhaineann le filleadh, is daoine iad sin, de réir Rialachán (AE) 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, atá i dteideal bunachair sonraí Eorpacha a cheadú nuair is gá le tascanna oibríochtúla a chomhlíonadh, tascanna a luaitear go sonrach sa phlean oibríochán maidir le seiceálacha teorann, faireachas teorann agus filleadh, faoi údarás an Bhallstáit óstaigh. Chun an ceadú sin a éascú, agus le cur ar chumas na bhfoirne rochtain éifeachtach a fháil ar fhaisnéis a cuireadh in VIS, ba cheart rochtain ar VIS a thabhairt don Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (EBCGA). Rochtain den chineál sin, ba ceart di cloí leis na coinníollacha agus leis na teorainneacha a ghabhann leis an rochtain atá i bhfeidhm ar údaráis na mBallstát atá inniúil faoi gach sainchríoch ar féidir sonraí VIS a cheadú ina taobh.
- (36) Náisiúnaigh tríú tír a fhilleadh nuair nach gcomhlíonann siad a thuilleadh na coinníollacha a bhaineann le dul isteach, fanacht nó cónaí sna Ballstáit i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²², is cuid bhunúsach atá ansin de na hiarrachtaí cuimsitheacha chun dul i ngleic leis an imirce neamhrialta, agus is cúis thábhachtach é a bhfuil leas an phobail ag baint leis.

²⁰ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

²¹ Treoir (AE) 2016/680 ó **P**[...]harlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/JHA ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

²² Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tíortha atá ag fanacht go neamhdhlíthiúil a chur ar ais (IO L 348, 24.12.2008, lch. 98).

- (36a) *Níor cheart sonraí pearsanta atá stóráilte in VIS a chur ar fáil d'aon tríú tír ná d'aon eagraíocht idirnáisiúnta. Mar eisceacht ón rialail sin, áfach, ba cheart go bhféadfaí sonraí pearsanta den chineál sin a aistriú chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta i gcás ina bhfuil an t-aistriú faoi réir coinníollacha a leagtar síos i reachtaíocht ábhartha an Aontais nó sa reachtaíocht ábhartha náisiúnta.*
- (37) Na tríú tíortha a mbeifear ag filleadh orthu, is minic nach mbíonn siad faoi réir na gcinntí leordhóthanachta a ghlac an Coimisiún faoi Airteagal 45 de Rialachán (AE) 2016/679, nó faoi na forálacha náisiúnta a glacadh le trasuí ar Airteagal 36 de Threoir (AE) 2016/680. Thairis sin, na hiarrachtaí móra atá á ndéanamh ag an Aontas ó thaobh an chomhair le príomhthíortha tionscnaimh na náisiúnach tríú tír a bhíonn ag fanacht go neamhdhleathach agus atá faoi réir oibleagáid um fhilleadh, theip orthu a áirithiú maidir le tríú tíortha den chineál sin go bhfuil an oibleagáid a bunaíodh sa dlí idirnáisiúnta maidir le hathghlacadh a gcuid náisiúnach féin á comhlíonadh go córasach acu. Comhaontuithe um athlígian isteach atá faoi chaibidlíocht ag an Aontas nó ag na Ballstáit, nó iad tugtha chun críche acu, agus ina ndéantar foráil do choimirí iomchuí don aistriú faisnéise do thríú tíortha de bhun Airteagal 46 de Rialachán (AE) 2016/679, nó do na forálacha náisiúnta a glacadh chun Airteagal 37 de Threoir (AE) 2016/680 a thrasuí, ní chléadaíonn siad sin ach líon teoranta tríú tíortha, agus ní léir gur féidir aon chomhaontú nua a thabhairt chun críche leo. I gcásanna den chineál sin, d'fhéadfaí sonraí pearsanta a phróiseáil de bhun an *R*[...]ialacháin seo le húdarais tríú tír chun beartas um fhilleadh an Aontais a chur i bhfeidhm ach a gcomhlíonfaí na coinníollacha a leagadh síos in Airteagal 49(1)(d) de Rialachán (AE) 2016/679, nó sna forálacha náisiúnta a dhéanann trasuí ar Airteagal 38 nó 39 de Rialachán (AE) 2016/680.
- (38) Na sonraí pearsanta ábhartha a phróiseáiltear in VIS, ba cheart do na Ballstáit iad a chur ar fáil i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí infheidhme, agus nuair is gá i gcásanna ar leith le tascanna a chur i gcrích faoi Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²³, Rialachán Chreat Athlonnaithe an Aontais], chuig [Ghníomhaireacht an Aontais um Thearmann] agus na comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha amhail Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce, agus chuig oibríochtaí Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge um dhídeanaithe agus um athlonnú, i ndáil le náisiúnaigh tríú tír nó le daoine gan stát a chuireann na Ballstáit ina dtreo iad i bhforfheidhmiú Rialachán (AE) .../... [Rialachán Chreat Athlonnaithe an Aontais].
- (39) Tá feidhm ag Rialachán (AE[...]) Uimh ...[...]/20[...]**18** o ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁴ maidir le gníomhaíochtaí institiúidí nó comhlachtaí de chuid an Aontais agus a dtascanna á ndéanamh acu de réir mar atá siad freagrach as bainistiú oibríochtúil VIS.
- (40) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus thug sé tuairim uaidh maidir le...

²³ Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an teideal iomlán] (IO L ..., ..., lch. ...).

²⁴ *Cuir isteach tagairt do theacht in ionad Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 [...]*

- (41) D'fhonn feabhas a chur ar an gcomhar oibre a dhéanann tríú tíortha in athghlacadh na n-imirceach neamhrialta, agus d'fhonn filleadh na náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go mídhleathach a éascú arbh fhéidir go bhfuil a gcuid sonraí á stóráil in VIS, ba cheart cóipeanna de na doiciméid taistil a bhaineann le hiarratasóirí ar víosa [...] a stóráil in VIS. Ní hionann agus faisnéis a tharraingítear as VIS, is rud a bhfuil aitheantas níos forleithne dó i dtríú tíortha atá i gcóipeanna na ndoiciméad taistil.
- (42) Is cuid éigeantach den nós imeachta a ghabhann le scrúdú na víosaí atá i gceadú an liosta doiciméad taistil a thugann teideal don sealbhóir na teorainneacha seachtracha a thrasnú, doiciméid is féidir a fhorghuiniú le víosa, faoi mar a bhunaítear le Cinneadh Uimh. 1105/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁵. Ba cheart do na húdaráis víosa an oibleagáid seo a chur i bhfeidhm go córasach, agus dá bhrí sin ba cheart an liosta seo a ionchorprú in VIS ionas gur féidir fíorú uathoibríoch a dhéanamh ar dhoiciméad taistil an iarratasóra.
- (43) Gan dochar don fhreagracht atá ar na Ballstáit i ndáil le cruinneas na sonraí a iontráiltear in VIS, ba cheart *don Údarás Bainistíochta* [...] a bheith freagrach as cáilíocht sonraí a athneartú trí uirlis lárnach faireacháin cáilíochta sonraí a thabhairt isteach, agus as tuarascálacha a sholáthar do na Ballstáit go tráthrialta.
- (44) Ionas gur féidir faireachán níos fearr a dhéanamh ar úsáid VIS chun anailís a dhéanamh ar threochtaí a bhaineann le brú imirce agus bainistiú teorainneacha, ba cheart go bhféadfadh *an tÚdarás Bainistíochta* [...] acmhainn a fhorbairt chun tuairisciú staidrimh do na Ballstáit, don Choimisiún, agus don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta gan sláine na sonraí a chur i mbaol. Dá bhrí sin, ba cheart lárstóras staidrimh a bhunú. Ní ceart sonraí pearsanta a bheith sna staitisticí a tháirgtear.
- (45) Tá an Rialachán seo gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁶.
- (46) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a chur i gcrích go leordhóthanach, ach de bharr gur gá cur chun feidhme comhbheartais víosaí a áirithiú, is fearr is féidir ardleibhéal slándála laistigh den limistéar atá gan rialuithe teorann a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, mar aon le córas bainistíochta comhtháite le haghaidh na dteorainneacha seachtracha, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

²⁵ Cinneadh Uimh. 1105/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le liosta na ndoiciméad taistil a thugann teideal don sealbhóir na teorainneacha seachtracha a thrasnú agus ar doiciméid iad is féidir a fhorghuiniú le víosa, agus maidir le sásra á bhunú chun an liosta sin a shocrú (IO L 287, 4.11.2011, lch. 9).

²⁶ Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le cearta shaoránaigh an Aontais agus ceart bhail a dteaghlaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

- (47) Bunaítear leis an Rialachán seo rialacha dochta rochtana ar VIS maille leis na coimircí riachtanacha. Foráiltear ann freisin do chearta rochtana, don cheartú, agus don léirscriosadh, agus go háirithe don ceart ar leigheas breithiúnach, mar aon le maoirseacht ar oibriúcháin phróiseála faoi chúram na údarás neamhspleách poiblí. Tugtar coimircí eile isteach leis an Rialachán seo le riachtanais shonracha na gcatagóirí nua faisnéise a chlúdach, faisnéis a mbeidh VIS á próiseáil. Dá bhrí sin, déanann an Rialachán seo na cearta bunúsacha a urramú, agus géilleann sé do na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go mór mór do cheart dínite an duine, an ceart ar shaoirse agus ar shlándáil, an ceart ar shaol príobháideach agus ar shaol teaghlaigh, ar chosaint na sonraí pearsanta, an ceart ar thearmann agus cosaint phrionsabal an non-refoulement agus na cosanta i gcás asbhainte, díbeartha nó eiseachadta, an ceart ar neamh-idirdhealú, cearta an linbh, agus an ceart ar leigheas éifeachtach.
- (48) Ba cheart forálacha sonracha a bheith ann do náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir ag ceanglas víosa ar baill teaghlaigh iad de shaoránach de chuid an Aontais a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leo, nó ar baill teaghlaigh de náisiúnach tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais agus nach bhfuil an cárta cónaithe acu a dtagraítear dó faoi Threoir 2004/38/CE. Sonraítear in Airteagal 21(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh go mbeidh an ceart ag gach saoránach den Aontas gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse laistigh de chríoch na mBallstát, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha dá bhforáiltear sna Conarthaí agus sna bearta a glacadh lena gcur chun feidhme. Tá na teorainneacha agus na coinníollacha ar fáil faoi seach i dTreoir 2004/38/CE.
- (49) Faoi mar a dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, tá sé de cheart ag na baill teaghlaigh sin ní amháin chun dul isteach i gcríoch an Bhallstáit, ach tá sé de cheart acu víosa iontrála a fháil chun na críche sin. Ní mór do na Ballstáit gach saoráid a dheonú do na daoine sin chun na víosaí riachtanacha a fháil, víosaí nach mór a eisiúint saor ina aisce a luaithe agus is féidir, agus ar bhonn nós imeachta práinne.
- (50) An ceart chun údarú taistil a fháil, ní rud gan choinníoll é, mar is féidir a dhiúltú do na baill teaghlaigh a bhfuil riosca iontu don bheartas poiblí, don tslándáil phoiblí, nó don tsláinte phoiblí de bhun Threoir 2004/38/CE. Ós amhlaidh atá, ní féidir sonraí pearsanta baill teaghlaigh a fhíorú ach amháin nuair a bhaineann na sonraí lena gcuid céannachta agus leis an stádas atá acu, agus sa mhéid go bhfuil na sonraí sin ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar an mbagairt slándála *nó sláinte* a d'fhéadfadh a bheith i gceist leo. Go deimhin, níor cheart scrúdú a dhéanamh ar a gcuid iarratas ar víosaí ach amháin i gcoinne na n-ábhar imní atá ann ó thaobh slándála de, agus ní na hábhair imní a bhaineann le rioscaí imirce.
- (51) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótocal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, rud atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo, agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Rialachán seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótocal sin, laistigh de thréimhse sé mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an Rialachán seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

- (52) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil an Ríocht Aontaithe rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle²⁷; dá bhrí sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo ná níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (53) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle²⁸; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (54) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt²⁹, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe A d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle³⁰.
- (55) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt³¹, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe A d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE³² ón gComhairle agus le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/149/CGB ón gComhairle³³.

²⁷ Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 131, 1.6.2000, lch. 43).

²⁸ Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

²⁹ IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

³⁰ Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socrúithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

³¹ IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

³² Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, ar son an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008 lch. 1).

³³ Cinneadh 2008/149/CGB ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, ar son an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 50).

- (56) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt³⁴, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe A d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle³⁵ agus le hAirteagal 3 den Chinneadh 2011/349/AE ón gComhairle³⁶.
- (57) Is é atá sa Rialachán seo, cé is moite d'Airteagal 22r, gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen, nó gníomh atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir mar is brí le hAirteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003, le hAirteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005, agus le hAirteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2011 faoi seach, cé is moite d'fhorálacha a ndearnadh feidhm a thabhairt dóibh maidir leis an mBulgáir agus leis an Rómáin le Cinneadh (AE) 2017/1908 ón gComhairle³⁷,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

³⁴ IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

³⁵ Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, ar son an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

³⁶ Cinneadh 2011/349/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, ar son an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus leis an gcomhar póilíneachta (IO L 160, 18.6.2011, lch. 1).

³⁷ Cinneadh (AE) 2017/1908 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 maidir le forálacha áirithe d'*acquis* Schengen a bhaineann leis an gCóras Faisnéise Víosáí i bPoblacht na Bulgáire agus sa Rómáin a chur i bhfeidhm (IO L 269, 19.10.2017, lch. 39).

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 mar a leanas:

(1) Cuirtear na míreanna seo a leanas le hAirteagal 1:

"Leagtar síos leis an Rialachán seo freisin na nósanna imeachta maidir le malartú faisnéise idir na Ballstáit i dtaca le víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe, lena n-áirítear faisnéis faoi chinntí áirithe maidir le víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe.

Trí shonraí céannachta, sonraí an doiciméid taistil agus sonraí bithmhéadracha a stóráil sa stóras coiteann sonraí céannachta arna bhunú le hAirteagal 17 de Rialachán 2018/XX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* [Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht], cuireann VIS agus cuidíonn sé le ceart-sainaithe daoine atá cláraithe in VIS a éascú."

* Rialachán 2018/XX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* [Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht] (IO L).";

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

"Airteagal 2 Cuspóir an VIS

1. Is é an cuspóir a bheidh ag VIS feabhas a chur ar fheidhmiú an chomhbheartais víosaí, ar an gcomhar consalachta agus ar chomhairliúchán idir údarais víosaí [...] trí mhalartú sonraí idir Bhallstáit maidir leis na hiarratais agus na cinntí lena mbaineann a éascú, d'fhonn na nithe a leanas a dhéanamh:

(a) an nós imeachta um iarratas a dhéanamh ar víosa a éascú;

(b) cosc a chur le seachaint na gcritéar lena gcinntear cén Ballstát atá freagrach as imscrúdú a dhéanamh ar an iarratas *ar víosa*;

(c) an comhrac i gcoinne na calaoise a éascú;

(d) *éifeachtacht agus éifeachtúlacht* [...] seiceálacha ag pointí trasnaithe teorann seachtraí agus laistigh de chríoch na mBallstát a fheabhsú;

(e) cuidiú chun duine a shainaithe ar féidir nach bhfuil na coinníollacha maidir le dul isteach, fanacht nó cónaí ar chríoch na mBallstát á gcomhlíonadh aige nó ar féidir nach bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh a thuilleadh aige *agus chun filleadh an duine sin a éascú*;

(f) cuidiú chun daoine a shainaithe *i gcúinsí sonracha* [...];

(g) [...] cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* agus Threoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** a éascú;

(h) [...] cuidiú chun cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú;

(i) [...] cuidiú chun bagairtí ar shlándáil inmheánach aon cheann de na Ballstáit a chosc;

(j) [...] ceart-sainaithint daoine a áirithiú;

(k) tacú le cuspóirí Chóras Faisnéise Schengen (SIS) a bhaint amach *go háirithe* maidir le foláirimh i dtaca le náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir diúltú cead isteach, daoine a bhfuil tóir orthu lena ngabháil nó chun críocha géillte nó eiseachadta, daoine atá ar iarraidh *nó leochaileach*, [...] daoine a bhfuil tóir orthu chun cúnamh a thabhairt i gcás nós imeachta breithiúnach nó daoine [...] a bhfuiltear ag iarraidh seiceálacha rúnda, *seiceálacha fiosrúcháin* nó seiceálacha sonracha a dhéanamh ina leith."

2. Maidir le víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe, beidh sé mar chuspóir ag VIS malartú sonraí a éascú idir na Ballstáit i ndáil leis na cinntí a bhaineann leis an méid sin, chun críche:

(a) tacú le hardleibhéal slándála trí chuidiú lena mheas an bhféadfadh an t-iarratasóir a bheith ina bhagairt don bheartas poiblí, don tslándáil inmheánach nó don tsláinte phoiblí [...];

(b) [...] éifeachtúlacht *agus éifeachtacht* seiceálacha teorann agus seiceálacha laistigh den chríoch a fheabhsú;

(ba) cuidiú chun duine a shainaithint ar féidir nach bhfuil na coinníollacha maidir le dul isteach, fanacht nó cónaí ar chríoch na mBallstát á gcomhlíonadh aige nó ar féidir nach bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh a thuilleadh aige;

(c) cuidiú chun cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú;

(d) ceart-sainaithint daoine a áirithiú;

(e) cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 agus Treoir 2013/32/AE a éascú;

(f) tacú le cuspóirí Chóras Faisnéise Schengen (SIS) a bhaint amach *go háirithe* maidir le foláirimh i dtaca le náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir diúltú cead isteach, daoine a bhfuil tóir orthu lena ngabháil nó chun críocha géillte nó eiseachadta, daoine atá ar iarraidh *nó leochaileach*, [...] daoine a bhfuil tóir orthu chun cúnamh a thabhairt i gcás nós imeachta breithiúnach agus [...] daoine a bhfuiltear ag iarraidh seiceálacha rúnda, *seiceálacha fiosrúcháin* nó seiceálacha sonracha a dhéanamh ina leith."

* Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna chlárú i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (IO L 180, 29.6.2013, lch. 31).

** Treoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar (IO L 180, 29.6.2013, lch. 60).";

(3) Scriostar Airteagal 3;

(4) in Airteagal 4, cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

(12) ciallaíonn "sonraí VIS" na sonraí uile a stóráiltear i lárchóras VIS agus sa stóras coiteann sonraí céannachta i gcomhréir le hAirteagal 9 go hAirteagal 14, Airteagal 22a agus 22c [...] go 22f;

(13) [...]

(14) ciallaíonn 'sonraí méarlorg' na sonraí *VIS* a bhaineann le méarloirg [...];

(15) ciallaíonn "íomhá den aghaidh" íomhá dhigiteach den aghaidh *arna nglacadh beo, nó scanadh den ghrianghraf dá dtagraítear in Airteagal 10(3)c de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 i gcás nach gá íomhá bheo den aghaidh nó go heisceachtúil an íomhá den aghaidh arna baint ó shlis an ríomhdhoiciméid taistil meaisín-inléite i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009;*

(15a) ciallaíonn 'amas' ceangal comhfhreagrach a bheith ann mar thoradh ar chomparáid uathoibríthe idir sonraí pearsanta atá taifeadta nó atá á dtaipeadadh i gcóras faisnéise nó i mbunachar sonraí;

(16) ciallaíonn "sonraí Europol" sonraí pearsanta a phróiseálann Europol chun na críche dá dtagraítear in Airteagal 18(2)(a) de Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;

(17) ciallaíonn "cead cónaithe" na ceadanna cónaithe uile a eisiúint na Ballstáit de réir na formáide aonfhoirmí a leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle** agus na doiciméid eile uile dá dtagraítear in Airteagal 2(16)(b) de Rialachán (AE) 2016/399;

(18) ciallaíonn "víosa fadfhanachta" údarú a eisiúint Ballstát mar a fhoráiltear dó in Airteagal 18 de Choinbhinsiún Schengen;

(19) ciallaíonn "údarás maoirseachta náisiúnta" [...] an t-údarás maoirseachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 51(1) de Rialachán (AE) 2016/679*** agus an t-údarás maoirseachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 41 de Threoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle****;

- (20) ciallaíonn "forfheidhmiú an dlí" cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú;
- (21) (21) ciallaíonn 'cion[...] sceimhlitheoireachta' cion[...] faoin dlí náisiúnta a chomhfhreagraíonn do *cheann de na cionta* dá dtagraítear i dTreoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*****, nó atá coibhéseach le ceann acu;
- (22) ciallaíonn 'cion [...] coiriúil tromchúiseach' cion [...] a chomhfhreagraíonn do cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB*****, nó *atá* [...] coibhéseach leis, má tá sé inphionósaithe faoin dlí náisiúnta le pianbhreith coimeádta nó le hordú coinneála arb é trí bliana ar a laghad a uastréimhse.

* Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

** Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach le haghaidh ceadanna cónaithe do náisiúnaigh tríú tír (IO L 157, 15.6.2002, lch. 1).

*** ***Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1)***

**** Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a bhíonn á bpróiseáil ag údarais inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

***** Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, a thagann in ionad Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6).

***** Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit (IO L 190, 18.7.2002, lch. 1)";

- (5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

*"Airteagal 5
Catagóirí sonraí*

1. Ní dhéanfar ach na catagóirí sonraí seo a leanas a thaifeadadh in VIS:

(a) sonraí alfa-uimhriúla maidir leis an iarratasóir ar víosa [...] agus maidir leis na víosaí a iarradh, a eisíodh, a diúltaíodh, a neamhníodh, a cúlghaireadh nó ar cuireadh síneadh leo dá dtagraítear in Airteagal 9(1) go (4) agus in Airteagal 10 go hAirteagal 14, sonraí alfa-uimhriúla maidir leis an iarratasóir ar víosa fadhfhanachta agus maidir leis na ceadanna cónaithe a iarradh, a eisíodh, a diúltaíodh, a neamhníodh, a cúlghaireadh, **a rinneadh a athnuachan** nó ar cuireadh síneadh leo dá dtagraítear in Airteagail 22a, 22c, 22d, 22e agus 22f agus faisnéis maidir leis na hamais dá dtagraítear in Airteagal 9a agus Airteagal 22b [...];³⁸

(b) íomhánna den aghaidh dá dtagraítear in Airteagal 9(5) agus Airteagal 22a[...](*I*[...])(*j*[...]);

(c) sonraí méarlorg dá dtagraítear in Airteagal 9(6) agus Airteagal 22a[...](*I*[...])(*k*[...]);

(ca) scanadh de leathanach na sonraí beathaisnéiseacha den doiciméad taistil dá dtagraítear in Airteagal 9(7) agus Airteagal 22a(1)(h);

(d) naisc le hiarratais eile dá dtagraítear in Airteagal 8(3) agus (4) agus in Airteagal 22a(3)."

2. Na teachtaireachtaí a tharchuirfear le VIS, dá dtagraítear in Airteagal 16, Airteagal 24(2) agus Airteagal 25(2), ní dhéanfar iad a thaifeadadh in VIS, gan dochar do thaifead na n-oibríochtaí próiseála sonraí de bhun Airteagal 34.

3. 3. Beidh sa stóras coiteann sonraí céannachta na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(a) go (cc), Airteagal 9(5) agus 9(6), Airteagal 22a[...](*I*[...])(*d*[...]) go (*g*[...]), (*j*[...]) agus (*k*[...])[...]. An chuid eile de shonraí VIS, stórálfar i Lárchóras VIS iad."

- (6) cuirtear an tAirteagal 5a seo a leanas isteach:

"Airteagal 5a

Liosta na ndoiciméad taistil aitheanta

- (1) Liosta na ndoiciméad taistil aitheanta a thugann teideal don sealbhóir na teorainneacha seachtracha a thrasnú agus ar doiciméid iad is féidir a fhorhnuiniú le víosa, mar a bhunaítear le Cinneadh Uimh. 1105/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, déanfar an liosta sin a chomhtháthú in VIS.
- (2) Cuirfear ar fáil le VIS an fheidhmiúlacht chun liosta na ndoiciméad taistil aitheanta a bhainistiú go lárnach, agus chun fógra a thabhairt faoi na doiciméad taistil atá liostaithe a bheith aitheanta nó gan a bheith aitheanta de bhun Airteagal 4 de Chinneadh Uimh. 1105/2011/AE.
- (3) Leagfar síos i ngníomhartha cur chun feidhme na rialacha mionsonraithe maidir leis an bhfeidhmiúlacht dá dtagraítear i mír 2 a bhainistiú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 49(2).

³⁸ Bhí an tagairt d'Airteagal 22a in easnamh in 15505/18 ach beartaíodh roimhe sin é a chur isteach (cf. 15504/18).

* Cinneadh Uimh. 1105/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le liosta na ndoiciméad taistil a thugann teideal don sealbhóir na teorainneacha seachtracha a thrasnú agus ar doiciméid iad is féidir a fhorhvuiniú le víosa, agus maidir le sásra á bhunú chun an liosta sin a shocrú (IO L 287, 4.11.2011, lch. 9).

(7) Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(-a) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 1:

"1. Is ag foireann chuí-údaraithe na n-údarás víosaí agus ag na húdaráis atá inniúil ar chinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas ar víosa fadfhanachta nó ar chead cónaithe i gcomhréir le hAirteagal 22a go 22f, agus acusan amháin, a bheidh rochtain ar VIS chun na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 5(1) a iontráil, a leasú nó a scriosadh de réir an Rialacháin seo."

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Is ag foireann chuí-údaraithe údaráis náisiúnta gach Ballstáit agus foireann chuí-údaraithe chomhlachtaí an Aontais atá inniúil chun na gcríoch a leagtar síos in **Airteagal 6a agus 6b**, Airteagail 15 go 22, Airteagail 22g[...] go 22l[...], [...] agus chun na gcríoch sin a leagtar síos in Airteagal 20 agus Airteagal 21 de [*Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht*] agus acusan amháin, a bheidh rochtain ar VIS chun na sonraí a cheadú.

Beidh an rochtain sin teoranta do rochtain ar na sonraí is gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh i gcomhréir leis na cuspóirí sin, agus i gcomhréir leis na cuspóirí atá le baint amach."

(b) cuirtear an mhír 4 seo a leanas isteach:

"4. I dteannta na bhfógraí a luaitear i mír 3, déanfaidh gach Ballstát liosta de na húdaráis inniúla náisiúnta a bhfuil rochtain acu ar VIS chun críocha an Rialacháin seo a chur in iúl don Údarás Bainistíochta gan mhoill freisin. Sonrófar sa liosta sin an chúis a bhfuil rochtain ar na sonraí atá stóráilte in VIS le tabhairt do gach údarás.

Le VIS, cuirfear ar fáil an fheidhmiúlacht chun an liosta sin a bhainistiú go lárnach."

(c) cuirtear an mhír 5 seo a leanas isteach:

"5. Leagfar síos i ngníomhartha cur chun feidhme na rialacha mionsonraithe maidir leis an bhfeidhmiúlacht don bhainistiú láraithe dá dtagraítear i mír 3 a bhainistiú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 49(2)."

(7a) Cuirtear isteach mír 6a agus mír 6b a leanas:

"Airteagal 6a

Rochtain ar shonraí chun críocha céannachta

1. Chun críocha aon duine a shainaithint a d'fhéadfadh gur cláraíodh é nó í cheana in VIS nó nach gcomhlíonann sé nó sí, nó nach gcomhlíonann sé nó sí a thuilleadh, na coinníollacha a bhaineann le dul isteach, le fanacht nó le cónaí a dhéanamh ar chríoch na mBallstát, agus chucu siúd amháin, beidh ag na húdaráis atá inniúil ar sheiceálacha a dhéanamh ag teorainneacha ag a n-oibrítear EES nó laistigh de chríoch na mBallstát an bhfuil na coinníollacha a bhaineann le dul isteach, nó fanacht nó cónaí ar chríoch na mBallstát á gcomhlíonadh nó nach bhfuil, beidh ag na húdaráis sin rochtain d'fhonn cuardach a dhéanamh in VIS le méarloirg an duine sin.

I gcás nach féidir méarloirg an duine sin a úsáid nó go dteipfidh ar an gcuardach leis na méarloirg, déanfar an cuardach trí bhíthin na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(a) agus/nó (c) agus/nó Airteagal 9(5); nó Airteagal 22a(1)(d) agus/nó (e), (f), (g) agus/nó (j); féadfar an cuardach seo a dhéanamh i dteannta na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(b) nó Airteagal 9(4)(cc). Ní bheidh an íomhá den aghaidh ar an aon chritéar cuardaigh amháin, áfach.

2. Má léirítear leis an gcuardach a dhéantar leis na sonraí atá liostaithe i mír 1 go bhfuil sonraí maidir leis an iarratasóir taifeadta sa VIS, tabharfar rochtain don údarás inniúil chun na sonraí seo a leanas den chomhad iarratais agus de chomhad nó de chomhaid iarratais nasctha de bhun Airteagal 8(3) agus (4) agus Airteagal 22a(3) a cheadú, chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1 amháin:

(a) uimhir an iarratais, an fhaisnéis maidir le stádas agus an t-údarás lenar taisceadh an t-iarratas;

(b) na sonraí a tógadh ón bhfoirm iarratais, dá dtagraítear in Airteagal 9(4) nó na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 22a, 22c nó 22d;

(c) íomhánna den aghaidh;

(d) na sonraí a iontráladh maidir le haon víosa a eisíodh, a diúltaíodh, a neamhníodh, a cúlghaireadh nó a ndearnadh a bhailíocht a fhadú, nó maidir le hiarratais i gcás inar scoireadh den scrúdú, dá dtagraítear in Airteagail 10 go 14 nó sonraí a iontráladh maidir le haon víosa fadghanachta nó cead cónaithe a eisíodh, a cuireadh síneadh léi, a diúltaíodh, a tarraingíodh siar, a cúlghaireadh nó a neamhníodh dá dtagraítear in Airteagail 22a agus 22c go 22f.

3. I gcás go mbeidh víosa nó víosa fadghanachta nó cead cónaithe ag an duine, is i gcomhréir le hAirteagal 18 nó le hAirteagal 19 nó Airteagal 22g nó 22h a dhéanfaidh na húdaráis inniúla VIS a rochtain ar dtús."

Airteagal 6b

Sonraí VIS a úsáid chun críche foláirimh áirithe SIS a iontráil

1. Féadfar sonraí a stóráiltear in VIS a úsáid chun críche foláireamh a iontráil maidir le daoine dá dtagraítear in Airteagal 32 de Rialachán (AE) ... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Rialachán (AE) maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla]. Sna cásanna sin, déanfar sonraí a thraschur trí mhodh sábháilte chuig Biúró SIRENE an Ballstáit atá freagrach.

2. I gcás ina mbeidh amas i leith fholáireamh SIS mar a thagraítear dó i mír 1, féadfaidh údaráis cosanta leanaí agus údaráis bhreithiúnacha náisiúnta, lena n-áirítear na húdaráis atá freagrach as ionchúisimh phoiblí a thionscnamh in imeachtaí coiriúla agus as fiosrúcháin bhreithiúnacha roimh chúiseamh mar aon lena n-údaráis chomhordúcháin, mar a thagraítear dóibh in Airteagal 44 de Rialachán (AE) ... [COM(2016) 883 final – SIS LE], féadfaidh siad, agus a gcúraimí á gcomhlíonadh acu, rochtain a iarraidh ar na sonraí arna n-iontráil in VIS. Beidh feidhm leis na coinníollacha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais agus sa reachtaíocht náisiúnta."

(8) In Airteagal 7, cuirtear mír 3 nua isteach:

"3. Tabharfaidh na Ballstáit tús áite do leas an linbh i ndáil le gach nós imeachta a bhforáiltear dó sa Rialachán seo. Déanfar leas, slándáil agus sábháilteacht an linbh a chur san áireamh, go háirithe nuair a bheidh riosca ann gur íospartach [...] gáinneála ar dhaoine é an leanbh, mar aon le dearcadh an linbh féin, agus cuirfear béim chuí air sin de réir aois agus aibíocht an linbh."

(9) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil II:

"IONTRÁIL AGUS ÚSÁID SONRAÍ AR [...] VÍOSAÍ AG NA HÚDARÁIS VÍOSAÍ"

(10) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. I gcás ina mbeidh an t-iarratas inghlactha de bhun Airteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, déanfaidh an t-údarás víosaí an comhad iarratais a chruthú laistigh de **cheithre** [...] lá oibre, trí na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9 a iontráil in VIS, a mhéid a ceanglaíodh ar an iarratasóir na sonraí sin a sholáthar.";

(b) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

"1a. Nuair a chruthófar an comhad iarratais, seolfar an cuardach go huathoibríoch in VIS de bhun Airteagal 9a, agus cuirfear torthaí ar fáil.

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

5. I gcás nach gcaithfear sonraí ar leithligh a sholáthar ar chúiseanna dlíthiúla nó nach féidir iad a sholáthar go fíorasach, cuirfear "ní bhaineann le hábhar" sa réimse sainiúil sonraí nó sna réimsí sainiúla sonraí. Luafar "VIS0" i gcás nach ann do shonraí méarlorg; ina theannta sin, ceadóidh an córas idirdhealú a dhéanamh idir na cásanna de bhun Airteagal 13(7)(a) go (d) de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009."

(11) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a), phointe (b) agus phointe (c):

"(a) an sloinne (ainm an teaghlaigh); túsainm(**neacha**) [...] (céadainmneacha); dáta breithe; náisiúntacht nó náisiúntachtaí **faoi láthair**; inscne;

(aa) sloinne breithe ([...] **sloinne** nó sloinnthe roimhe sin); áit agus tír bhreithe; náisiúntacht bhreithe;

- (b) cineál agus uimhir an doiciméid taistil [...];
- (c) dáta éaga bhailíocht an doiciméid taistil [...];
- (cc) an [...] **tír** a d'eisigh an doiciméad taistil agus dáta a eisiúna;"

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 5:

"5. íomhá den aghaidh ag an iarratasóir **agus léiriú maidir lenar tógadh an íomhá tráth a cuireadh isteach an t-iarratas** [...];

(c) cuirtear na pointí 7 **agus 7a** [...] a leanas isteach:

"7. scanadh de leathanach na sonraí beathaisnéiseacha [...] **sa doiciméad taistil**;

7a. i gcás inarb infheidhme, ós rud é go ndéanann iarratasóir iarratas mar bhall teaghlaigh le saoránach den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leis nó ar ball teaghlaigh é le náisiúnach tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta atá coibhéiseach le ceart shaoránaigh an Aontais faoi chomhaontú idir an tAontas agus a Bhallstáit, ar an taobh amháin, agus tríú tír, ar an taobh eile."

[...]

[...]

[...]

[...]

***TREOIR 2004/38/CE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 29 Aibreán 2004 maidir le cearta shaoránaigh an Aontais agus ceart bhail a dteaghlaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE**

(12) cuirtear Airteagal 9a go hAirteagal 9d seo a leanas isteach:

"Airteagal 9a

Córais eile a chuardach

1. Déanfar na comhaid iarratais a phróiseáil go huathoibríoch le VIS chun amais a bhrath. Déanfar gach comhad ar leithligh a scrúdú in VIS.
2. I gcás ina ndéanfar comhad iarratais a chruthú [...], seiceálfaidh VIS an aithnítear an doiciméad taistil a bhaineann leis an iarratas sin i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 1105/2011/AE trí chuardach uathoibríoch a dhéanamh i liosta na ndoiciméad taistil aitheanta dá dtagraítear in Airteagal 5a, agus cuirfear toradh ar fáil.
3. Chun críche na bhfíoruithe dá bhforáiltear in Airteagal 21(1) agus in Airteagal 21(3)(a), (c), agus (d) de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, cuirfear cuardach ar bun le VIS [...] chun comparáid a dhéanamh idir na sonraí ábhartha dá dtagraítear i bpointí (4), (5) agus (6) d'Airteagal 9 den Rialachán seo agus na sonraí atá i dtaifead, comhad nó foláireamh atá cláraithe in VIS, Córas Faisnéise Schengen (SIS), an Córas Dul Isteach agus Imeachta (EES), an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS), lena n-áirítear an liosta faire dá dtagraítear in Airteagal 34 [...] de Rialachán (AE) 2018/1240 [...] chun críocha Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil a bhunú, Eurodac, [an córas ECRIS-TCN [...]], sonraí Europol, bunachar sonraí Interpol um Dhoiciméid Taistil Ghoidte nó Chailte (SLTD) agus bunachar sonraí Interpol um Dhoiciméid Taistil a bhaineann le Fógraí (TDAWN Interpol).

Féadfar an cuardach sin a sheoladh, i gcás inarb iomchuí, tríd an Tairseach Eorpach Chuardaithe a úsáid i gcomhréir le Caibidil II [den Rialachán maidir le hIdir-inoibritheacht].

4. In VIS, cuirfear leis an gcomhad iarratais tagairt d'aon amas a gheofar de bhun mhír 3, ***cé is moite d'amais a eascráinn as an gcomparáid dá dtagraítear i mír 5, sonraí Europol nó bunachar sonraí Interpol um dhoiciméid taistil a bhaineann le fógraí (TDAWN Interpol).*** [...]
- 4a. ***I gcás ina dtuairiscítear sa chomparáid uathoibríoch dá dtagraítear i mír (3), amas i gcoinne sonraí Europol nó i gcoinne bunachar sonraí Interpol um dhoiciméid taistil a bhaineann le fógraí (TDAWN Interpol) nó amas i gcoinne foláireamh SIS a bhaineann le daoine a bhfuiltear sa tóir orthu lena ngabháil chun críocha géillte nó eiseachadta, déanfar taifead sa chomhad iarratais in VIS gur gá tuilleadh fíoruithe.***

5. Chun críocha Airteagal 2(1)(k), sna cuardaigh a dhéanfar faoi mhír 3 den Airteagal seo, cuirfear na sonraí ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 15(2) i gcomparáid leis na sonraí atá in SIS chun a chinneadh an bhfuil an t-iarratasóir faoi réir ceann ar bith de na foláirimh seo a leanas:
- (a) [...]
 - (b) foláireamh maidir le daoine atá ar iarraidh *nó leochaileach*;
 - (c) foláireamh maidir le daoine a bhfuiltear sa tóir orthu chun cabhrú le nós imeachta breithiúnach;
 - (d) foláireamh maidir le daoine [...] i ndáil le seiceálacha rúnda, *seiceálacha fiosrúcháin* nó seiceálacha sonracha³⁹.

Airteagal 9b

Forálacha sonracha is infheidhme maidir le baill de theaghlach saoránaigh den Aontas nó baill de theaghlach náisiúnaigh tríú tír eile ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais a chuardach i gcórais eile

1. Maidir le náisiúnaigh tríú tír ar baill iad de theaghlach saoránaigh den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leo, nó de theaghlach náisiúnaigh tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta atá coibhéiseach le ceart saoránach den Aontas faoi chomhaontú idir an tAontas agus na Ballstáit, ar lámh amháin, agus tríú tír, ar an lámh eile, déanfar na seiceálacha uathoibrithe dá dtagraítear in Airteagal 9a(3) chun críche a sheiceáil nach bhfuil aon táscairí fíorasacha nó foras réasúnach bunaithe ar tháscairí fíorasacha ann lena chinneadh go bhfuil riosca slándála nó riosca [...] eipidéime ann i gcomhréir le Treoir 2004/38/CE de dheasca na ndaoine sin a bheith ar chríoch na mBallstát, agus chun na críche sin amháin.
2. Ní fhíorófar an méid seo a leanas in VIS:
 - a) má tá sé tuairiscithe faoi láthair gur rófhantóir é an t-iarratasóir, nó má tuairiscíodh gur rófhantóir é san am atá caite trí EES a cheadú;
 - b) más duine an t-iarratasóir a bhfuil a shonraí ar taifead in Eurodac.
3. I gcás ina bhfaighfear amas de bharr uathphróiseáil an iarratais, mar a thagraítear dó in Airteagal 9a(3), a chomhfhreagraíonn do dhiúltú cead isteach agus foláireamh fanachta mar a thagraítear dó in Airteagal 24 de Rialachán (CE) 1987/2006, fíoróidh an t-údarás víosaí an foras leis an gcinneadh faoinar cuireadh isteach an foláireamh sin in SIS. Más rud é go mbaineann an foras sin le riosca na himirce neamhdhleathaí, níor cheart an foláireamh a chur san áireamh i measúnú an iarratais. Feidhmeoidh an t-údarás víosaí de réir Airteagal 25(2) de Rialachán SIS II.

³⁹ Bhí scríosadh na n-ábhar in easnamh in 15505/18, ach beartaíodh roimhe sin go scríosfaí iad (cf. 15504/18).

Airteagal 9c

Na hamais [...] a fhíorú de lámh [...]

1. Aon amas de bhun Airteagal 9a(4[...]), déanfaidh údarás **inniúil víosaí** [...] an Bhallstáit atá ag próiseáil an iarratais é a fhíorú de lámh.
2. I gcás ina mbeidh na hamais á bhfíorú de lámh aige, beidh rochtain ag an údarás **inniúil víosaí** [...] ar an gcomhad iarratais agus ar aon chomhad iarratais nasctha atá ann, agus ar na hamais uile a gníomhachtaíodh le linn na huathphróiseála de bhun Airteagal 9a(3).
3. Fíoróidh an t-údarás **inniúil víosaí** [...] an gcomhfhreagraíonn céannacht an iarratasóra atá taifeadta sa chomhad iarratais do na sonraí atá in VIS, nó i gceann éigin de na bunachair shonraí a ceadaíodh.
4. I gcás nach gcomhfhreagraíonn na sonraí pearsanta do chéannacht an iarratasóra, agus i gcás nach bhfuarthas aon amas eile le linn na huathphróiseála de bhun Airteagal 9a(3), scriosfaidh an t-údarás **inniúil víosaí** [...] an t-amas bréagach ón gcomhad iarratais.
- 4a. *Tar éis don údarás inniúil víosaí fíorú dá dtagraítear i mír 3 a dhéanamh, i gcás ina gcomhfhreagraíonn na sonraí pearsanta leis na sonraí atá in SIS, cuirfidh VIS fógra uathoibríthe freisin chuig Biúró SIRENE an Bhallstáit a chuir an foláireamh isteach i ndiaidh amas a ghníomhachtú i gcoinne SIS.*
- 4b. *Beidh na sonraí seo dá dtagraítear in Airteagal 9 den Rialachán seo san fhógra a thugtar do Bhiúró SIRENE an Bhallstáit sin a chuir isteach an foláireamh.*
5. [...]
6. [...]
7. De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina dtuairiscítear amas amháin nó roinnt amas de thoradh na comparáide dá dtagraítear in Airteagal 9a(5), **nó i gcás ina dtuairiscíodh amas amháin nó roinnt amas i gcoinne foláirimh SIS a bhaineann le daoine a bhfuiltear sa tóir orthu lena ngabháil chun críocha géillte nó eiseachadta**, cuirfidh VIS fógra uathoibríthe chuig **Biúró SIRENE**[...] an Bhallstáit **a chuir an foláireamh isteach. Fíoróidh Biúró SIRENE lena mbaineann arís eile comhfhreagracht sonraí pearsanta an iarratasóra leis na sonraí pearsanta atá san fholáireamh a ghníomhachtaigh an t-amas agus, más gá, [...]** déanfaidh sé aon ghníomhaíocht leantach is iomchuí **i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha.**

- 7a. *De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina tuairiscítear amas amháin nó roinnt amas de thoradh na comparáide le bunachar sonraí Interpol um dhoiciméid taistil a bhaineann le fógraí (TDAWN Interpol), cuirfidh VIS fógra uathoibríthe chuig Biúró Lárnach Náisiúnta Interpol an Bhallstáit a sheol an cuardach agus, más ga, déanfaidh sé aon ghníomhaíocht leantach is iomchuí, i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha.*
- 7b. *Cuirfear toradh na bhfíoruithe leis an gcomhad iarratais.*
8. *[...] Tar éis fógraí a fháil faoi mhír 7 maidir le foláireamh SIS a bhaineann le daoine a bhfuiltear sa tóir orthu chun críocha géillte nó eiseachadta agus 7a, tabharfaidh údarás an Bhallstáit nó na mBallstát a rachfar i gcomhairle leis/leo tuairim réasúnaithe don Bhallstát atá freagrach as an iarratas ar víosa a phróiseáil, a chuirfear san áireamh agus an t-iarratas ar víosa á scrúdú de bhun Airteagal 21 den Chód Víosáí. Tabharfaidh údarás na mBallstát a rachfar i gcomhairle leo freagra laistigh de 7 lá ón bhfógra a fháil. Má tá loiceadh maidir le freagra a thabhairt faoin spriocdháta, measfar gurb ionann é sin agus tuairim dhearfach ar an bhfógra a fuarthas.*

Airteagal 9ca

Comhairliúchán le Europol

1. *I gcás ina n-aithneofar gur sholáthair Europol na sonraí lenar gníomhachtaíodh amas i sonraí Europol i gcomhréir le hAirteagal 9a(3), cuirfear fógra uathoibríthe chuig Europol chun an t-amas a fhíorú trína chur i gcomparáid lena shonraí féin. Chun na críche sin, déanfaidh VIS sonraí ábhartha an chomhaid iarratais a ghníomhachtaigh an t-amas sin a tharchur chuig Europol freisin. I gcás ina gcuirtear in iúl dó, agus ina ndeimhnítear an t-amas, ba cheart do Europol tuairim réasúnaithe a thabhairt d'aonad náisiúnta Europol agus d'údarás inniúil víosaí an Bhallstáit fhreagraigh a dhéanfaidh é a thairfead sa chomhad iarratais i gcomhréir le Airteagal 9c(3).*
2. *Féadfaidh údarás inniúil víosaí an Bhallstáit fhreagraigh dul i gcomhairle le Europol tar éis freagra a fháil maidir le hiarratas faisnéis bhreise a iarraidh. I gcás den sórt sin, tarchuirfidh údarás inniúil víosaí chuig Europol aon fhaisnéis ábhartha nó aon doiciméadacht ábhartha arna soláthar ag an iarratasóir i ndáil leis an iarratas ar víosa a dtéitear i gcomhairle le Europol ina leith.*
3. *Déanfar comhairliúcháin den sórt sin i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794 agus le Caibidil IV den Rialachán sin ach go háirithe.*
4. *Freagróidh Europol laistigh de 60 uair an chloig ón dáta ar tugadh fógra faoin gcomhairliúchán. Má mhainníonn Europol freagra a thabhairt laistigh den spriocdháta, measfar gurb ionann é sin agus tuairim dhearfach ar an iarratas.*

Airteagal 9d

Freagrachtaí Europol

Déanfaidh Europol a chóras faisnéise a oiriúnú chun a áirithiú go mbeidh sé indéanta próiseáil uathoibríoch a dhéanamh ar na cuardaigh dá dtagraítear in Airteagal 9a(3) agus Airteagal 22b(2)."

(13) [...] Leasaítear Airteagal 13 *mar a leanas* [...]:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) i mír 1:

"(b) an t-údarás a neamhnigh nó a chúlghair an víosa;"

(b) cuirtear an mhír 4 seo a leanas isteach:

"4. I gcás ina ndéanfar an comhad iarratais a nuashonrú de bhun mhír 1 agus mhír 2, seolfar fógra trí VIS chuig an mBallstát a d'eisigh an víosa, ag cur in iúl an chinnidh i dtaca le neamhniú nó cúlghairm na víosa sin. Déanfar an fógra sin a ghineadh go huathoibríoch sa lárchóras agus tarchuirfeadh é tríd an sásra dá bhforáiltear in Airteagal 16.";

(14) Leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an pointe (ea) seo a leanas isteach:

"ea) íomhá den aghaidh;"

(b) cuirtear an mhír 2a seo a leanas isteach:

"2a. Ní hí an íomhá den aghaidh dá dtagraítear i bpointe (ea) de mhír 2 an t-aon chritéar cuardaigh amháin.";

(c) i mír 5, cuirtear na focail "Airteagal 6a" in ionad na bhfocal "Airteagal 20" .

(15) In Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 agus mhír 3:

"2. I gcás ina gcruthófar comhad iarratais in VIS maidir le náisiúnach tríú tír ar leith nó náisiúnach a bhaineann le catagóir ar leith de na náisiúnaigh sin a n-iarrtar comhairliúchán roimh ré ina leith de bhun Airteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, déanfar an iarraidh ar chomhairliúchán a tharchur chuig an mBallstát nó chuig na Ballstáit i dtrácht trí VIS.

Tarchuirfidh an Ballstát nó na Ballstáit a rachfar i gcomhairle leis nó leo freagra chuig VIS, agus déanfar an freagra sin a tharchur trí VIS chuig an mBallstát a chruthaigh an t-iarratas.

Chun críche an nós imeachta comhairliúcháin a dhéanamh, agus chun na críche sin amháin, déanfar liosta na mBallstát a cheanglaíonn ar údaráis lárnacha Ballstát eile dul i gcomhairle lena n-údaráis lárnacha le linn scrúdú a bheith á dhéanamh ar iarratais ar víosaí aonfhoirmeacha a thaisceann náisiúnaigh tríú tíortha ar leith nó catagóirí ar leith de na náisiúnaigh sin, de réir Airteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, agus liosta na náisiúnach tríú tír lena mbaineann, déanfar na liostaí sin a chomhtháthú in VIS. **Le VIS, cuirfeadh ar fáil an fheidhmiúlacht chun an liosta sin a bhainistiú go lárnach."**

3. Beidh feidhm leis an nós imeachta a leagtar amach i mír 2, *mutatis mutandis* maidir leis an méid seo a leanas freisin:

(a) tarchur faisnéise de bhun **Airteagal 24(2) maidir le sonraí a leasú mar aon le hAirteagal 25(4) agus Airteagal 31 de Rialachán (CE) Uimh 810/2009, faoi seach** maidir le víosaí a bhfuil bailíocht chríochach theoranta acu a eisiúint, [...] agus [...] maidir le fógraí *ex post*;

(b) aon teachtaireacht eile a bhaineann le comhar consalach a bhfuil tarchur sonraí pearsanta atá taifeadta in VIS nó gaolmhar leis ag baint léi, le tarchur iarrataí chuig an údarás inniúil víosaí maidir le cóipeanna de dhoiciméid taistil a chur ar aghaidh de bhun phointe 7 d'Airteagal 9 agus doiciméid eile a thacaíonn leis an iarratas, agus le tarchur cóipeanna leictreonacha de na doiciméid sin, agus a bhaineann le hiarrataí de bhun [...] Airteagal 38(3). Tabharfaidh na húdaráis inniúla víosaí freagra ar aon iarraidh den chineál sin laistigh de *sheacht* [...] lá *féilire* oibre.";

(16) Scriostar Airteagal 17;

(17) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil III:

"ROCHTAIN AR [...] SHONRAÍ VÍOSAÍ AG ÚDARÁIS EILE"

(18) [...] Leasaítear Airteagal 18 *mar a leanas* [...]:

(a) i mír 4, pointe (b), cuirtear na focail "íomhánna den aghaidh" in ionad an fhocail "grianghraif";

(b) i mír 5, pointe (b), cuirtear na focail "íomhánna den aghaidh" in ionad an fhocail "grianghraif";

(c) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Na húdaráis atá inniúil ar sheiceálacha a dhéanamh ag teorainneacha ag a n-oibrítear EES, fíoróidh siad méarloirg an tsealbhóra víosa leis na méarloirg atá ar taifead in VIS. I gcás sealbhóirí víosa nach féidir a méarloirg a úsáid, déanfar an cuardach dá dtagraítear i mír 1 leis na sonraí alfa-uimhriúla dá bhforáiltear i mír 1 *i gcomhar leis an íomhá den aghaidh*.";

(d) i mír 8, cuirtear na focail "Airteagal 6a" in ionad na bhfocal "Airteagal 20".

(18a) Scriostar Airteagal 20;

(19) [...]

[...]

[...]

1. [...]

2. [...]

[...]

[...]

(19a) Leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fohír de mhír 1:

"I gcás nach féidir méarloirg an iarrthóra tearmainn a úsáid nó go dteipfidh ar an gcuardach leis na méarloirg, déanfar an cuardach leis na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(a) agus/nó (c) agus/nó Airteagal 9(5); féadfar an cuardach seo a dhéanamh i dteannta na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(b). Ní bheidh an íomhá den aghaidh ar an aon chritéar cuardaigh amháin, áfach."

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (b):

"(b) na sonraí a tógadh ón bhfoirm iarratais, dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(a) agus (aa);"

(c) i mír 2, pointe (f), cuirtear na focail "íomhánna den aghaidh" in ionad an fhocail "grianghraif";

(d) i mír 2, cuirtear isteach an pointe seo a leanas idir pointe (f) agus pointe (g):

"(fa) na sonraí a iontráiltear maidir le haon víosa a eisítear, a neamhnítear, a chúlghairtear nó a ndéantar sinéadh a chur lena bhailíocht, dá dtagraítear in Airteagal 10, Airteagal 13 agus Airteagal 14;"

(e) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (g):

"(g) na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(a) agus (aa) de chomhad nó comhaid iarratais nasctha an chéile agus na leanaí."

(20) [...] Leasaítear Airteagal 22 [...] mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fohír de mhír 1:

I gcás nach féidir méarloirg an iarrthóra tearmainn a úsáid nó go dteipfidh ar an gcuardach leis na méarloirg, déanfar an cuardach leis na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(a) agus/nó (c) agus/nó Airteagal 9(5); féadfar an cuardach seo a dhéanamh i dteannta na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(b). Ní bheidh an íomhá den aghaidh ar an aon chritéar cuardaigh amháin, áfach.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Más léir ón gcuardach a dhéantar leis na sonraí a liostaítear i mír 1 go bhfuil sonraí maidir leis an iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta taifeadta sa VIS, beidh rochtain ag an údarás inniúil tearmainn ar shonraí seo a leanas an iarratasóra, d'fhonn iad a cheadú, agus ar aon chomhad iarratais nasctha a bhaineann leis an iarratasóir de bhun Airteagal 8(3), chun na críche dá dtagraítear i mír 1, agus chun na críche sin amháin :

(a) uimhir an iarratais;

(b) na sonraí a bhaintear ón bhfoirm nó foirmeacha iarratais, dá dtagraítear i bpointí (4), (5) agus (7) d'Airteagal 9;

(c) *íomhánna den aghaidh* [...];

(d) na sonraí a iontráiltear maidir le haon víosa a eisítear, a neamhnítear, a chúlghairtear nó a ndéantar síneadh a chur lena bailíocht, dá dtagraítear in Airteagal 10, Airteagal 13 agus Airteagal 14;

(e) na sonraí dá dtagraítear i bpointe (4) agus i bpointe (5) d'Airteagal 9 de na comhaid iarratais nasctha de bhun Airteagal 8(4).";

(21) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 23:

"Airteagal 23

Tréimhse choinneála i gcomhair sonraí a stóráil

1. Stórálfar gach comhad iarratais in VIS ar feadh cúig bliana ar a mhéad, gan dochar don scríosadh dá dtagraítear in Airteagal 24 agus Airteagal 25 agus gan dochar do choimeád na dtaifead dá dtagraítear in Airteagal 34.

Tosóidh an tréimhse sin:

(a) ar dháta éaga na víosa, na víosa fadfhanachta nó an cheada cónaithe, más rud é gur eisíodh víosa, víosa fadfhanachta nó cead cónaithe;

(b) ar dháta éaga nua na víosa, na víosa fadfhanachta [...], más rud é gur cuireadh síneadh le víosa [...] **nó** víosa fadfhanachta [...];

(c) ar an dáta a chruthaítear an ***aistarraingt ag sealbhóir an doiciméid nó cinneadh an údaráis fhreagraigh [...]*** in VIS, más rud é go ndearnadh an t-iarratas a aistarraingt, a dhúnadh nó gur scoireadh dó;

(d) ar dháta an chinnidh ón údarás freagrach, más rud é go ndearnadh víosa, víosa fadfhanachta nó cead cónaithe a dhiúltú, a neamhniú, [...] a aistarraingt nó a cúlghairm, de réir mar is infheidhme.

2. Ar dhul in éag don tréimhse dá dtagraítear i mír 1, scríosfar go huathoibríoch in VIS an comhad agus an nasc nó na naisc leis an gcomhad sin mar a thagraítear dóibh in Airteagal 8(3) agus (4) agus in Airteagal [...] 22a(3) [...].";

(22) In Airteagal 24, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Má tá fianaise ag Ballstát a léiríonn go bhfuil sonraí a próiseáladh in VIS míchruinn nó gur próiseáladh na sonraí sin in VIS de shárú ar an Rialachán seo, cuirfidh sé an méid sin in iúl láithreach don Bhallstát atá freagrach. Déanfar an teachtaireacht sin a tharchur i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 16(3).

I gcás ina dtagraíonn na sonraí neamhchruinne do naisc a cruthaíodh de bhun Airteagal 8(3) nó (4) agus Airteagal 22a(3), ***nó i gcás ina bhfuil naisc ar iarraidh***, déanfaidh an Ballstát freagraigh na fíoruithe is gá agus tabharfaidh sé freagra laistigh de ***thrí lá oibre*** [...] agus, de réir mar atá an cás, leigheasfaidh sé an nasc. Mura dtugtar freagra laistigh den sprioc-am atá leagtha síos, leigheasfaidh an Ballstát a rinne an t-iaratas an nasc agus tabharfaidh sé fógra don Bhallstát freagrach trí VISMail faoin leigheas a rinneadh.";

(23) Leasaítear Airteagal 25 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Más rud é, sula rachaidh an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 23(1) in éag, go mbeidh náisiúntacht Ballstáit faighte ag iartrasóir, scríosfaidh an Ballstát a chruthaigh na comhaid iarratais agus na naisc ábhartha, scríosfaidh sé na comhaid iarratais, na comhaid agus na naisc dá dtagraítear in Airteagal 8(3) agus (4) ***agus in*** [...] Airteagal 22a(3) ó VIS.";

(b) [...] ***cuirtear an méid seo a leanas in ionad*** mhír 2 [...]: [...]

"2. Cuirfidh gach Ballstát an Ballstát nó na Ballstáit atá freagrach ar an eolas gan mhoill má fhaigheann iartrasóir náisiúntacht an Bhallstáit sin. Is trí VISMail a tharchuirfeair an teachtaireacht sin."

(24) in Airteagal 26, cuirtear an mhír 8a seo a leanas isteach:

"8a. Beidh cead ag ***an Údarás Bainistíochta*** [...] sonraí pearsanta iarbhír anaithnidithe as córas [...] VIS a úsáid chun críocha tástála sna cásanna seo a leanas⁴⁰:

(a) le haghaidh diagnóisice agus deisiú i gcás fabhtanna le ***hoibriú VIS*** [...];

(b) chun teicneolaíochtaí agus teicnící nua a thástáil atá ábhartha maidir le [...] ***hoibriú VIS***.

Sna cásanna sin, beidh na bearta slándála, an rialú rochtana agus na gníomhaíochtaí logála sa timpeallacht tástála ar comhchéim leis na réimsí céanna sin i gcóras [...] VIS. Na sonraí pearsanta iarbhír a ghlacfar le haghaidh tástála, déanfar sonraí anaithnide díobh chun nach féidir a dhéanamh amach cén duine is ábhar do na sonraí a thuilleadh.";

⁴⁰ Bhí an scríosadh ar "táirgeadh" in easnamh in 15505/18, ach beartaíodh roimhe sin go scríosfaí é (cf. 15504/18).

(25) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 27:

"Airteagal 27

Suíomh an Lárchórais Faisnéise Víosáí

Beidh príomh-lárchóras VIS, lena ndéanfar an mhaoirseacht theicniúil agus na feidhmeanna riarachán, suite in Strasbourg (an Fhrainc) agus beidh cúltaca de lárchóras VIS, a mbeidh ar a chumas feidhmiúlachtaí uile phríomh-lárchóras VIS a áirithiú, suite in Sankt Johann im Pongau (an Ostair).

Féadfar an dá shuíomh a úsáid san am céanna le haghaidh oibríocht ghníomhach VIS ar choinníoll go bhfanfaidh an dara suíomh de bheith in ann oibríocht a áirithiú i gcás ina dteipfeadh ar an gcóras.";

(26) Leasaítear Airteagal 29 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

"Freagracht maidir le húsáid agus cáilíocht na sonraí";

(b) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (c):

"(c) go mbeidh na sonraí cruinn agus cothrom le dáta agus ar cháilíocht leordhóthanach agus iomlán a ndóthain nuair a tharchuirfeadh chuig VIS iad.";

(c) i bpointe (a) de mhír 2, cuirtear na focail "VIS nó an stórais choitinn sonraí céannachta" in ionad an fhocail "VIS" an dá uair a fheictear é;

(d) cuirtear an mhír 2a seo a leanas isteach:

"2a. Déanfaidh an t-údarás bainistíochta mar aon leis an gCoimisiún sásraí uathoibríthe um rialú cáilíochta sonraí agus nósanna imeachta maidir le seiceálacha cáilíochta a dhéanamh ar na sonraí in VIS, déanfaidh siad iad a fhorbairt agus a chothabháil agus soláthróidh siad tuarascálacha ar bhonn rialta do na Ballstáit. Soláthróidh an t-údarás bainistíochta tuarascáil **freisin, uair sa bhliain ar a laghad**, do na Ballstáit agus don Choimisiún ar na rialuithe cáilíochta sonraí.

Déanfar an sásra sin, na nósanna imeachta sin agus léirmhíniú na comhlíontachta ó thaobh cáilíochta sonraí de a bhunú trí bhithin bearta cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 49(2).";

(27) cuirtear an tAirteagal 29a seo a leanas isteach:

"Airteagal 29a

Rialacha sonracha maidir le sonraí a iontráil

1. Beidh iontráil na sonraí dá dtagraítear in Airteagail 9 go 14, 22a, agus 22c go [...] 22e[...] in VIS faoi réir na [...] gcoinníollacha seo a leanas:

(a) sonraí de bhun Airteagail 9 go 14, 22a, agus 22c go [...] 22e[...] agus Airteagal 6(4), ní fhéadfar iad a sheoladh chuig VIS go dtí go mbeidh seiceáil cháilíochta déanta ag na húdaráis náisiúnta freagracha;

(b) sonraí de bhun Airteagail 9 go 14, 22a, agus 22c go [...] 22e[...] agus Airteagal 6(4), déanfar iad a phróiseáil in VIS tar éis seiceáil cháilíochta a bheith déanta ag VIS de bhun mhír 2.

2. Déanfar seiceálacha cáilíochta in VIS, dé réir mar a leanas:

- (a) nuair a bheidh comhaid iarratais nó comhaid náisiúnach tríú tír á gcruthú in VIS, déanfar seiceálacha cáilíochta ar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9 *go 14, 22a, agus 22c go* [...] *22e*[...]; i gcás ina dteipfeadh ar na seiceálacha sin na critéir cháilíochta bhunaithe a chomhlíonadh, thabharfaí freagra uathoibríoch ar na húdaráis fhreagracha trí VIS;
- (b) ní fhéadfar na nósanna imeachta uathoibríthe de bhun Airteagal 9 [...] a [...] (3) agus 22b(2) a ghníomhachtú in VIS go dtí go mbeidh seiceáil cháilíochta déanta ag VIS de bhun an Airteagail seo; i gcás ina dteipfeadh ar na seiceálacha sin na critéir cháilíochta bhunaithe a chomhlíonadh, thabharfaí freagra uathoibríoch ar na húdaráis fhreagracha trí VIS;
- (c) déanfar seiceálacha cáilíochta ar íomhánna den aghaidh agus ar *mhéarloirg* [...] nuair a bheidh comhaid iarratais náisiúnach tríú tír á gcruthú in VIS, chun a chinneadh go bhfuil na híoschaighdeáin um cháilíocht sonraí lenar féidir meaitseáil bhithmhéadrach a dhéanamh, go bhfuil na híoschaighdeáin sin comhlíonta;
- (d) déanfar seiceálacha cáilíochta ar na sonraí de bhun Airteagal 6(4) nuair a bheidh faisnéis faoi na húdaráis ainmnithe náisiúnta á stóráil in VIS.

3. Bunófar caighdeáin cháilíochta i ndáil le stóráil na sonraí dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 den Airteagal seo. Leagfar síos sonraíocht na gcaighdeán sin sna gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 49(2).";

(28) [...] Leasaítear Airteagal 31 *mar a leanas* [...]:

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Ní dhéanfar sonraí a phróiseálfar in VIS de bhun an Rialacháin seo a aistriú chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta, ná ní chuirfear na sonraí sin ar fáil dóibh.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, agus gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679, maidir leis na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(a) go [...] (cc), (k) agus (m) agus [...] Airteagal 9(5 [...]) go [...] 9(7) nó Airteagal 22a(1) pointí (d) go (k), féadfar iad a tharchur nó a chur ar fáil do thríú tír nó d'eagraíocht idirnáisiúnta a liostaítear san Iarscríbhinn, más gá i gcásanna aonair chun críche céannacht náisiúnach tríú tír a chruthú, agus chun críche filleadh i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE, [...] athlonnú i gcomhréir le Rialachán ...[An Creat-Rialachán maidir le hathlonnú] nó chun críche scéimeanna náisiúnta um athlonnú [...] agus chun na gcríoch sin amháin, agus ar choinníoll go bhfuil formheas faighte ón mBallstát a d'iontráil na sonraí in VIS."

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Na sonraí pearsanta a bhainfidh Ballstát nó Europol as VIS chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, ní dhéanfar iad a aistriú chuig aon tríú tír, eagraíocht idirnáisiúnta ná eintiteas príobháideach arna bhunú laistigh den Aontas nó lasmuigh de ná ní chuirfear ar fáil dóibh iad. Beidh feidhm ag an toirmeasc seo freisin i gcás ina ndéantar tuilleadh próiseála ar na sonraí sin ar an leibhéal náisiúnta nó idir Ballstáit de bhun Chinneadh (AE) 2016/680."

(d) cuirtear an mhír 2a seo a leanas isteach:

"2a. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, féadfaidh an t-údarás ainmnithe na sonraí dá dtagraítear i bpointe (a) go (cc) d'Airteagal 9(4), pointí (d) go (g) d'Airteagal 22a(1) a aistriú chuig tríú tír i gcásanna aonair, ach na coinníollacha seo a leanas a shásamh:

(a) baineann práinn eisceachtúil leis an gcás, i gcás ina bhfuil:

(i) garchontúirt ann a bhaineann le cion sceimhlitheoireachta; nó

(ii) beatha duine i ngarchontúirt agus baint ag an gcontúirt sin le cion coiriúil tromchúiseach;

(b) is gá sonraí a aistriú chun an cion sceimhlitheoireachta nó an ciona coiriúil tromchúiseach sin a chosc, a bhrath nó a imscrúdú ar chríoch na mBallstát nó na tríú tíre atá i gceist;

(c) tá rochtain ag an údarás ainmnithe ar na sonraí sin i gcomhréir leis an nós imeachta agus leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 22m agus in Airteagal 22n;

(d) déantar an t-aistriú i gcomhréir leis na coinníollacha is infheidhme arna leagan amach i dTreoir (AE) 2016/680, go háirithe i gCaibidil V de;

(e) rinne an tríú tír iarraidh chuí-réasúnaithe scríofa nó leictreonach a thíolacadh.

I gcás ina mbunaítear aistriú de bhun na chéad fomhíre den mhír seo, déanfar an t-aistriú sin a dhoiciméadú agus cuirfead an doiciméadacht ar fáil, arna iarraidh sin, don údarás maoirseachta a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 41(1) de Threoir (AE) 2016/680, lena n-áirítear dáta agus am an aistrithe, faisnéis faoin údarás inniúil a ghlac an t-aistriú, an bonn cirt a bhí leis an aistriú agus na sonraí pearsanta a aistríodh."

(29) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 34:

"Airteagal 34
Logaí a choinneáil

1. Coinneoidh gach Ballstát, an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus an t-údarás bainistíochta logaí ar a gcuid oibríochtaí próiseála sonraí uile sa VIS. Léireofar leis na logaí sin cuspóir na rochtana dá dtagraítear in Airteagal 6(1), Airteagal 6b [...] (1), Airteagal 22k(1) agus Airteagal 15 go hAirteagal 22 agus Airteagal 22g go hAirteagal 22j, an dáta agus an t-am, an cineál sonraí a tarchuireadh dá dtagraítear in Airteagail 9 go 14, an cineál sonraí a úsáideadh i gcomhair iniúchadh dá dtagraítear in Airteagail 15(2), 18, 19(1), 6a [...] (1), 21(1), 22(1), 22g, 22h, 22i, 22j, 45a agus Airteagal 45d agus ainm an údarais a d'iontráil nó a d'aisghabh na sonraí. Ina theannta sin, coinneoidh gach Ballstát logaí den fhoireann atá cuí-údaraithe chun na sonraí a iontráil nó a aisghabháil.

2. I gcás na n-oibríochtaí a liostaítear in Airteagal 45b, coinneofar loga ar gach oibríocht próiseála sonraí a dhéanfar in VIS agus in EES i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le hAirteagal 41 de Rialachán (AE) 2226/2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES).

3. Ní fhéadfar *logaí* den sórt sin a úsáid ach amháin chun faireachán cosanta sonraí a dhéanamh ar inghlacthacht próiseála sonraí agus freisin chun slándáil sonraí a áirithiú. Cosnófar na logaí le bearta iomchuí in éadan rochtain **agus modhnú neamhúdaraithe agus** scriosfar iad tar éis tréimhse bliana tar éis don tréimhse choinneála dá dtagraítear in Airteagal 23(1) dul in éag, mura mbeidh siad de dhíth i gcomhair nósanna imeachta faireacháin a mbeidh tús curtha leo cheana.";

(29a) Cuirtear isteach an tAirteagal 36a agus 36b seo a leanas:

"Airteagal 36a

Cosaint sonraí

1. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 maidir leis an bpróiseáil ar shonraí pearsanta a dhéanann an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus an tÚdarás Bainistíochta.

2. Beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 maidir leis an bpróiseáil ar shonraí pearsanta arna déanamh ag na húdaráis víosaí a dhéanann measúnú ar iarratais agus a chuireann fíoruithe i gcrích de bhun Airteagail 9c, 9ca agus 22b, ag údaráis teorann agus ag údaráis inimirce.

I gcásanna ina ndéanann an t-údarás víosaí cinneadh maidir le víosa a eisiúint, a dhiúltú, a chúlghairm nó a neamhniú, beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679.

3. Beidh feidhm ag Treoir (AE) 2016/680 maidir leis an bpróiseáil ar shonraí pearsanta a dhéanann údaráis ainmnithe na mBallstát chun críocha Airteagail 2(1)(h) agus 2(2)(c) den Rialachán seo agus maidir leis an bpróiseáil ar shonraí pearsanta a dhéanann údaráis inniúla na mBallstát mar a shainítear iad in Airteagal 3(7) de Threoir (AE) 2016/680 chun críocha Airteagail 6a agus 22h den Rialachán seo.

4. Beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2016/794 maidir leis an bpróiseáil ar shonraí pearsanta a dhéanann Europol de bhun Airteagail 9ca agus 22b den Rialachán seo."

Airteagal 36b

Próiseálaí sonraí

1. Meastar gur próiseálaí i gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. .../2018⁴¹ iad an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus an tÚdarás Bainistíochta, faoi seach, maidir le próiseáil sonraí pearsanta in VIS.

2. Áiritheoidh an tÚdarás Bainistíochta go ndéanfar VIS a oibriú, i gcomhréir leis an Rialachán seo."

⁴¹ Cuir isteach tagairt don Rialachán nua a thiocfaidh in ionad Rialachán (CE) Uimh. 45/2001

(30) Leasaítear Airteagal 37 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití 1:

"Cuirfidh an Ballstát atá freagrach na náisiúnaigh tríú tír agus na daoine dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(f) [...] ar an eolas faoin méid seo a leanas:"

(aa) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) de mhír 1:

"(c) na catagóirí d'fhaighteoirí na sonraí, lena n-áirítear na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal [...] 22k agus Europol;"

(ab) i mír 1, cuirtear na pointí seo a leanas isteach, faoi seach, idir pointí (c) agus (d) agus idir pointí (e) agus (f):

"(ca) an fíoras go bhféadfaidh na Ballstáit agus Europol VIS a rochtain chun críocha fhorfheidhmiú an dlí;"⁴²

"(ea) an fíoras go bhféadfar sonraí pearsanta a stóráiltear sa VIS a aistriú chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 31 agus chuig Ballstáit i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/1908 ón gComhairle;"*

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. An fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, cuirfear ar fáil i scríbhinn í don náisiúnach tríú tír nuair a bhaileofar na sonraí, an *íomhá den aghaidh* [...] agus na sonraí méarlorg dá dtagraítear i bpointí (4), (5) agus (6) d'Airteagal 9 nó *i bpointí (d) go (k) d'Airteagal 22a* [...] (*I* [...]) [...], agus cuirfear in iúl de bhéal í, más gá, i dteanga agus ar bhealach atá intuigthe don duine is ábhar do na sonraí, nó i dteanga ar féidir glacadh leis ar bhonn réasúnta atá intuigthe dóibh. Ní mór leanaí a chur ar an eolas ar bhealach a oireann dá n-aois [...].";

(c) [...] i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Cheal foirm den sórt sin a bheidh sínithe ag na daoine sin, cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2016/679.";

* *CINNEADH (AE) 2017/1908 ÓN gCOMHAIRLE an 12 Deireadh Fómhair 2017 maidir le forálacha áirithe de acquis Schengen a bhaineann leis an gCóras Faisnéise Viosáí i bPoblacht na Bulgáire agus sa Rómáin a chur i bhfeidhm*

⁴² Bhí an frása "chun críocha fhorfheidhmiú an dlí" in easnamh in 15505/18, ach beartaíodh roimhe sin é a chur isteach (cf. 15504/18).

(31) [...] Leasaítear Airteagal 38 [...] *mar a leanas*:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"Gan dochar d'Airteagail 15, 16, 17 agus 23 de Rialachán (AE) 2016/679, d'Airteagail 14, 15 agus 16 de Treoir (AE) 2016/680, d'Airteagal 53 de Rialachán [XXX] maidir le SIS i réimse na seiceálacha teorann, d'Airteagal 67 de Rialachán [XXX] maidir le SIS i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla agus Rialacha Interpol maidir le Sonraí Pearsanta a Phróiseáil, beidh sé de cheart ag aon duine cumarsáid faoi na sonraí a bhaineann leis agus atá ar taifead in VIS a fháil agus cumarsáid de chuid an Bhallstáit a tharchuir chuig VIS iad. Ní fhéadfaidh ach Ballstát, agus é sin amháin, rochtain den sórt sin ar shonraí a dheonadh. Coinneoidh gach Ballstát taifead ar iarrataí ar rochtain den sórt sin."

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Má dhéantar an iarraidh dá bhforáiltear i mír 2 chuig Ballstát eile, seachas an Ballstát atá freagrach *as an iarratas*, déanfaidh údaráis an Bhallstáit inar taisceadh an iarraidh teagmháil le húdaráis an Bhallstáit a bheidh freagrach *as an iarratas* laistigh de seacht lá. Seiceálfaidh an Ballstát atá freagrach cruinneas na sonraí agus dlíthiúlacht a bpróiseála in VIS laistigh de mhí.";

(c) cuirtear isteach mír nua 3a:

"3a. Féadfaidh Ballstát atá freagrach as an iarratas faisnéis a sholáthar, don duine is ábhar do na sonraí, faoi shonraí ar bith de shonraí pearsanta an duine is ábhar do na sonraí i liosta faire ETIAS, in TDawn Interpol, i sonraí Europol nó in SIS, seachas foláirimh i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir diúltú cead isteach agus fanachta, i gcás inar léirigh an Ballstát/Europol, a chuir na sonraí sna bunachair sonraí sin, a sheasamh maidir leis an iarraidh ar rochtain don Bhallstát atá freagrach as an iarratas agus sa chás sin amháin."

(d) cuirtear isteach mír 7 nua:

"Déanfaidh Ballstát cinneadh gan faisnéis a sholáthar don duine is ábhar do na sonraí, go hiomlán nó go páirteach, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta a mhéid atá, agus ar feadh cibé tréimhse a bhfuil, srian iomlán nó páirteach den sórt sin ina bheart riachtanach comhréireach i sochaí dhaonlathach, agus aird chuí á tabhairt ar chearta bunúsacha agus leasanna dlísteanaigh an duine is ábhar do na sonraí lena mbaineann, chun an méid seo a leanas a bhaint amach:

(a) bac ar fhiosrúcháin, imscrúduithe nó nósanna imeachta oifigiúla nó dlíthiúla a sheachaint;

(b) dochar do chosc, do bhrath, d'imscrúdú nó d'ionchúiseamh cionta coiriúla, nó d'fhorghníomhú pionós coiriúil, a sheachaint;

(c) an tslándáil phoiblí a chosaint;

(d) an tslándáil náisiúnta a chosaint; nó

(e) cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.

I gcásanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cuirfidh an Ballstát an duine is ábhar do na sonraí ar an eolas i scríbhinn, gan moill mhíchuí, faoi dhiúltú nó srianadh rochtana agus faoi na fáthanna a bhí leis an gcinneadh sin. Féadfar faisnéis den sórt sin a fhágáil ar lár i gcás ina mbainfeadh soláthar na faisnéise sin an bonn d'aon cheann de na cúiseanna a leagtar amach i bpointe (a) go pointe (e) den chéad fhomhír. Cuirfidh an Ballstát an duine is ábhar do na sonraí ar an eolas faoin bhféidearthacht gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta nó leigheas breithiúnach a lorg.

Déanfaidh an Ballstát na cúiseanna fíorasacha nó dlí ar a bhfuil an cinneadh gan faisnéis a chur in iúl don duine is ábhar do na sonraí bunaithe a dhoiciméadú. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil do na húdaráis mhaoirseachta.

I gcásanna den sórt sin, féadfar an duine is ábhar do na sonraí a chearta a fheidhmiú trí na húdaráis mhaoirseachta inniúla i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta."

(32) in Airteagal 43, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

"1. Gníomhóidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i ndlúthchomhar leis na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta ar shaincheisteanna sonracha inar gá rannpháirtíocht náisiúnta, go háirithe más rud é go gcinneann an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí nó údarás maoirseachta náisiúnta go bhfuil neamhréitigh mhóra idir cleachtais na mBallstát nó má aimsíonn sé aistriú a d'fhéadfadh a bheith neamhdhleathach a rinneadh trí bhealaí cumarsáide na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta a úsáid, nó i gcomhthéacs ceisteanna arna n-ardú ag údarás maoirseachta náisiúnta amháin nó níos mó ar chur chun feidhme agus léirmhíniú an Rialacháin seo.

2. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, áiríteofar maoirseacht chomhordaithe i gcomhréir le hAirteagal 62 de Rialachán (AE) XXXX/2018 [Rialachán athbhreithnithe 45/2001].";

(33) in Airteagal 45, cuirtear an mhír 3 seo a leanas leis:

"3. Leagfar síos i ngníomhartha cur chun feidhme na sonraíochtaí teicniúla i dtaca le cáilíocht, taifeach agus úsáid méarlorg agus na híomhá den aghaidh le haghaidh fíorú bithmhéadrach agus sainaitheint in VIS. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 49(2).";

(34) cuirtear an tAirteagal 45a seo a leanas isteach:

"Airteagal 45a

Úsáid sonraí chun críocha tuairiscithe agus staidrimh

1. Chun críocha tuairiscithe agus staidrimh agus chun na gcríoch sin amháin, ach gan cead a bheith acu iarratasóirí aonair a aithint, beidh rochtain ag foireann chuí-údaraithe údaráis inniúla na mBallstát, an Coimisiún, **an tÚdarás Bainistíochta**, [...] **Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann** agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta arna bunú le Rialachán (AE) 2016/1624 ar na sonraí seo a leanas, d'fhonn iad a cheadú:

(a) faisnéis maidir le stádas;

- (b) an t-údarás inniúil, lena n-áirítear a shuíomh;
- (c) inscne, dáta breithe agus náisiúntacht/*náisiúntachtaí* [...] an iarratasóra;
- (d) Ballstát an chéad dul isteach, i gcás víosaí [...] amháin, ***i gcás inarb infheidhme***;
- (e) dáta agus áit an iarratais agus an cinneadh maidir leis an iarratas [...] ;
- (f) an cineál doiciméid a eisíodh, i.e. víosa idirthurais aerfoirt [...] , víosa aonfhoirmeach nó víosa ag a bhfuil bailíocht chríochach theoranta [...], víosa fadfhanachta nó cead cónaithe;
- (g) cineál an doiciméid taistil [...] i gcás víosaí [...] amháin;
- (h) an foras a luaitear le haon chinneadh maidir leis an doiciméad nó an t-iarratas, i gcás víosaí [...] amháin; i gcás víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe, an cinneadh a bhaineann leis an iarratas (an víosa a eisiúint nó an t-iarratas a dhiúltú, agus an foras leis an gcinneadh sin);
- (i) an t-údarás inniúil, lena n-áirítear a shuíomh, a dhiúltaigh an t-iarratas agus dáta an diúltaithe, i gcás víosaí [...] amháin;
- (j) na cásanna ina ndearna an t-iarratasóir céanna iarratas ar [...] víosa ó bhreis agus údarás víosaí amháin, ina luaitear na húdaráis víosaí sin, a suíomh agus dátaí na ndiúltuithe [...] ;
- (k) [...] i gcás víosaí [...], príomhchuspóir/príomhchuspóirí an turais [...] ;
- (ka) iarratais ar víosaí a phróiseáiltear de bhun Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009;***
- (l) na sonraí a iontráiltear i ndáil le haon doiciméad a aistarraingíodh, a neamhníodh, a cúlghairmeadh nó ar cuireadh síneadh lena bhailíocht, de réir mar is infheidhme;
- (m) [...] dáta éaga na víosa fadfhanachta nó an cheada cónaithe;
- (n) an líon daoine atá díolmhaithe ón gceanglas méarloirg a thabhairt de bhun Airteagal 13(7) de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009.
- (o) na cásanna nárbh fhéidir na sonraí dá dtagraítear i bpointe (6) d'Airteagal 9 a sholáthar go fíorasach i gcomhréir leis an dara habairt d'Airteagal 8(5);
- (p) na cásanna nár ghá na sonraí dá dtagraítear i bpointe (6) d'Airteagal 9 a sholáthar ar chúiseanna dlíthiúla i gcomhréir leis an dara habairt d'Airteagal 8(5);

- (q) na cásanna inar diúltaíodh víosa do dhuine, i gcomhréir leis an dara habairt d'Airteagal 8(5), nach raibh in ann na sonraí dá dtagraítear i bpointe (6) d'Airteagal 9 a sholáthar go fíorasach;
- (r) *na cásanna ina n-aimsítear in Eurodac, le linn an chuardaigh i gcomhréir le hAirteagal 9a(3) nó 22b (2), duine a rinne iarratas ar víosa, ar víosa fadfhanachta nó ar chead cónaithe;*
- (s) *maidir le víosaí, naisc chuig an gcomhad iarratais a bhí ann roimhe sin maidir leis an iarratasóir sin chomh maith le naisc maidir le comhaid iarratais na ndaoine atá ag taisteal le chéile.*

Beidh rochtain ag foireann chuí-údaraithe na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta d'fhonn na sonraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír a cheadú chun na hanailísí riosca agus na measúnuithe leochaileachta dá dtagraítear in Airteagal 11 agus in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2016/1624 a dhéanamh.

2. Chun críche mhír 1 den Airteagal seo, stórálfaidh [...] *an tÚdarás Bainistíochta* [...] na sonraí dá dtagraítear sa mhír sin sa lárstóras um thuairisciú agus staidreamh dá dtagraítear in [Airteagal 39 de Rialachán 2018/XX *maidir le hidir-inoibritheacht*]

3. Áireofar leis na nósanna imeachta a chuirfidh *an tÚdarás Bainistíochta* [...] ar bun chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht VIS mar a thagraítear dó in Airteagal 50(1) go bhféadfar staidreamh a sholáthar ar bhonn rialta d'fhonn an faireachán sin a áirithiú.

4. Gach ráithe, tiomsóidh [...] *an t-Údarás Bainistíochta* staidreamh ar bhonn shonraí VIS maidir le víosaí [...] *dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe 1* ina léireofar, i gcás gach suímh inar taisceadh iarratas ar víosa, an méid seo a leanas go háirithe:

- (a) *líon na víosaí idirthurais aerfoirt (A), dá dtagraítear i bpointe 5 d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 810/2009, a ndearnadh iarratas orthu; líon na víosaí A a eisíodh, arna n-ímdhealú de réir dul isteach aonuaire idirthurais aerfoirt agus dul isteach iolrach idirthurais aerfoirt; líon na víosaí a diúltaíodh [...];*
- (b) *líon na víosaí gearrfhanachta (C), dá dtagraítear i bpointe 2(a) d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, a ndearnadh iarratas orthu (agus arna n-ímdhealú de réir phríomhchuspóir an turais); líon na víosaí C a eisíodh, arna n-ímdhealú de réir víosaí a eisíodh le haghaidh dul isteach aonuaire nó dul isteach iolrach agus na víosaí dul isteach iolrach sin roinnte de réir fad bailíochta (6 mhí nó faoina bhun, 1 bhliain, 2 bhliain, 3 bliana, 4 bliana, 5 bliana); líon na víosaí a eisíodh a bhfuil bailíocht chríochach theoranta (LTV) acu; líon na víosaí C a diúltaíodh [...];*
- (c) [...]
- (d) [...]
- (e) [...]
- (f) [...]

(g) [...]

(h) [...]

(i) [...]

Déanfar an staidreamh laethúil a stóráil sa lárstóras um thuairisciú agus staidreamh.

5. Gach ráithe, tiomsóidh *an tÚdarás Bainistíochta* [...] staidreamh ar bhonn shonraí VIS maidir le víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe ina léireofar, i gcás gach suímh, an méid seo a leanas go háirithe:

(a) líon iomlán na víosaí fadfhanachta a ndearnadh iarratas orthu, a diúltaíodh, ar cuireadh síneadh leo agus a aistarraingíodh;

(b) líon iomlán na gceadanna cónaithe a ndearnadh iarratas orthu, a diúltaíodh, ar cuireadh síneadh leo agus a aistarraingíodh.

6. Ag deireadh gach bliana, is i bhfoirm staidreamh ráithiúil don bhliain sin a thiomsófar na sonraí staitistiúla. Beidh miondealú ar shonraí gach Ballstáit sa staidreamh.

7. Arna iarraidh sin don Choimisiún, cuirfidh *an tÚdarás Bainistíochta* [...] ar fáil dó staidreamh maidir le gnéithe ar leith a bhaineann le cur chun feidhme an chomhbheartais víosaí nó an bheartais imirce *agus tearmainn*, lena n-áirítear gnéithe de bhun chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013.";

(35) cuirtear na hAirteagail 45b, 45c, 45d agus 45e seo a leanas isteach:

"Airteagal 45b

Rochtain ar shonraí chun críocha fíorú ag iompróirí

1. D'fhonn a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi phointe (b) d'Airteagal 26(1) den Choinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, déanfaidh aeriompróirí, iompróirí ar muir agus iompróirí idirnáisiúnta a iompraíonn grúpaí ar tír i gcóiste, déanfaidh siad cuardach in VIS chun a fhíorú an bhfuil víosa [...] bhailí, víosa fadfhanachta bhailí nó cead cónaithe bailí ina seilbh ag náisiúnaigh tríú tír atá *faoi réir* [...] víosa [...], víosa fadfhanachta nó cead cónaithe [...], de réir mar is infheidhme. Chun na críche sin, maidir le víosaí [...], soláthróidh iompróirí na sonraí a liostaítear faoi phointe (a), pointe (b) agus pointe (c) d'Airteagal 9(4) den Rialachán seo *agus, a mhéid a bhaineann le víosa fadfhanachta nó cead cónaithe, na sonraí a liostaítear* faoi phointí (d[...]), (e[...]) agus (f[...]) d'Airteagal 22a(1)[...].

2. Chun críche mír 1 a chur chun feidhme, nó chun críche aon díospóid fhéideartha a d'fhéadfadh a eascairt as cur i bhfeidhm na míre sin, coinneoidh *an tÚdarás Bainistíochta* [...] logaí ar gach oibríocht próiseála sonraí a dhéanfaidh iompróirí laistigh den gheata iompróra. Taispeánfaidh na logaí sin dáta agus am gach oibríochta, na sonraí a úsáideadh don iniúchadh, na sonraí a tarchuireadh leis an geata iompróra, agus ainm an iompróra i dtrácht.

Stórálfar logaí go ceann tréimhse dhá bhliain. Úsáidfear bearta iomchuí chun logaí a chosaint ó rochtain neamhúdaraíthe.

3. Le rochtain shlán ar an ngeata iompróra dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(h) de Chinneadh 2004/512/CE [...] beidh iompróirí in ann leanúint leis an gcuardach dá dtagraítear i mír 1 sula mbordálann an paisinéir. Chun na críche sin, seolfaidh an t-iompróir an t-iarratas ar chuardach in VIS atá le ceadú ag úsáid na sonraí atá sa chuid den doiciméad taistil atá meaisín-inléite.
4. Léireoidh an freagra ó VIS cibé acu atá nó nach bhfuil víosa bhailí, **víosa fadfhanachta bhailí nó cead cónaithe bailí** ag an duine agus soláthrófar CGL/NÍL SÉ CGL do na hiompróirí.
5. Bunófar scéim fíordheimhnithe, d'iompróirí amháin, d'fhonn rochtain a thabhairt ar an ngeata iompróra, chun críoch mhír 2, do na baill chuí-údaraithe d'fhoireann na n-iompróirí. Glacfaidh an Coimisiún an scéim fíordheimhnithe sin trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 49(2).

Airteagal 45c

Nósanna imeachta cúltaca i gcás nach bhfuil sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, ag iompróirí na sonraí a rochtain

1. I gcás nach bhfuil sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, an cuardach dá dtagraítear in Airteagal 45b(1) a dhéanamh, de bharr gur chlis ar chuid éigin de VIS nó ar chúiseanna eile nach bhfuil neart ag na hiompróirí orthu, déanfar na hiompróirí a dhíolmhú ón oibleagáid a fhíorú, [...] tríd an ngeata iompróra a úsáid, an bhfuil víosa bhailí, **víosa fadfhanachta bhailí nó cead cónaithe bailí i seilbh** an taistealaí. I gcás ina mbraithfidh an t-údarás bainistíochta cliseadh den chineál sin, cuirfidh sé na hiompróirí **agus na Ballstáit** ar an eolas faoi⁴³. Cuirfidh sé na hiompróirí ar an eolas freisin nuair a bheidh an cliseadh réitithe. I gcás ina mbraithfidh na hiompróirí cliseadh den chineál sin, féadfaidh siad an t-údarás bainistíochta a chur ar an eolas faoi. **Cuirfidh an tÚdarás Bainistíochta in iúl do na Ballstáit gan mhoill gur cuireadh na hiompróirí ar an eolas faoin méid sin.**
2. Déanfar mionsonraí na nósanna imeachta cúltaca a leagan síos i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 49(2).

Airteagal 45d

Rochtain ar shonraí VIS ag foirne ón nGarda Teorann agus Cósta Eorpach

1. Chun na cúraimí agus cumhachtaí a fheidhmiú de bhun Airteagal 40(1) de Rialachán (AE) 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* agus i dteannta na rochtana dá bhforáiltear in Airteagal 40(8) den Rialachán sin, beidh an ceart ag baill na bhfoirne ón nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, agus ag foirne de bhail foirne a bhfuil baint acu le hoibríochtaí a bhaineann le filleadh, de réir a sainordaithe, chun rochtain a fháil ar shonraí atá iontráilte in VIS, agus chun cuardach a dhéanamh sna sonraí sin.
2. Chun an rochtain dá dtagraítear i mír 1 a áirithiú, ainmneoidh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta aonad speisialaithe le hoifigigh chuí-chumhachtaithe de chuid an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh mar lárphointe rochtana. Fíorófar tríd an lárphointe rochtana go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 45e maidir le rochtain ar VIS a iarraidh.

⁴³ Bhí "agus na Ballstáit" in easnamh in 15505/18, ach beartaíodh roimhe sin é a chur isteach (cf. 15504/18).

* Rialachán (AE) 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 863/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2005/267/CE ón gComhairle (IO L 251, 16.9.2016, lch. 1).

Airteagal 45e

Coinníollacha agus nósanna imeachta maidir le rochtain ar shonraí VIS ag foirne ón nGarda Teorann agus Cósta Eorpach

1. I bhfianaise na rochtana dá dtagraítear i mír 1 d'Airteagal 45d, féadfaidh foireann ón nGarda Teorann agus Cósta Eorpach iarraidh ar na sonraí uile nó ar thacar sonraí atá stóráilte in VIS a cheadú a chur faoi bhráid an lárphointe rochtana de chuid an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 45d(2). Déanfar tagairt san iarraidh sin don phlean oibríochtúil maidir le seiceálacha teorann, faireachas teorann agus/nó filleadh atá ag an mBallstát sin ar a bhfuil an iarraidh bunaithe. Ar iarraidh ar rochtain a fháil, déanfaidh lárphointe rochtana an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a fhíorú an bhfuil na coinníollacha rochtana dá dtagraítear i mír 2 comhlíonta. Más rud é go bhfuil na coinníollacha rochtana uile comhlíonta, déanfaidh foireann chuí-údaraithe an lárphointe rochtana na hiarrataí a phróiseáil. Tarchuirfead na sonraí a bhfuarthas rochtain orthu in VIS chuig an bhfoireann ar bhealach nach sáróidh slándáil na sonraí sin.
2. Chun cead rochtana a thabhairt, beidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas:
 - a) tugann an Ballstát óstach údarú do na baill foirne VIS a cheadú chun na haidhmeanna oibríochtúla a shonraítear sa phlean oibríochtúil maidir le seiceálacha teorann, faireachas teorann agus filleadh a chomhlíonadh, agus
 - b) ní mór VIS a cheadú chun na cúraimí sonracha a chuireann an Ballstát óstach de chúram ar an bhfoireann a dhéanamh.
3. I gcomhréir le hAirteagal 40(3) de Rialachán (AE) 2016/1624, ní fhéadfaidh baill de na foirne, ná foirne de bhaill foirne a bhfuil baint acu le cúraimí a bhaineann le filleadh, gníomhú chun freagairt ar fhaisnéis arna fáil ó VIS ach amháin de réir treoracha ó ghardaí teorann nó ó bhaill foirne a bhfuil baint acu le cúraimí a bhaineann le filleadh an Bhallstáit óstaigh ina bhfuil siad ag oibriú, agus, mar riail ghinearálta, ní fhéadfaidh siad gníomhú amhlaidh ach amháin i láthair na ngardaí teorann nó na mball foirne sin. Féadfaidh an Ballstát óstach baill na bhfoirne a údarú chun gníomhú thar a cheann.
4. I gcás amhrais nó má theipeann ar fhíorú chéannacht shealbhóir na víosa, shealbhóir na víosa fadfhanachta nó shealbhóir an cheada cónaithe, treoróidh an ball d'fhoireann an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh an duine chuig garda teorann de chuid an Bhallstáit óstaigh.
5. Déanfaidh baill na bhfoirne sonraí VIS a cheadú mar seo a leanas:
 - (a) Agus na cúraimí a bhaineann le seiceálacha teorann de bhun Rialachán (AE) 2016/399 á bhfeidhmiú, beidh rochtain ag baill na bhfoirne ar shonraí VIS lena bhfíorú ag pointí trasnaithe teorann seachtraí i gcomhréir le hAirteagal 18 nó Airteagal 22g den Rialachán seo, faoi seach;

- (b) Agus baill na bhfoirne ag fíorú an gcomhlíontar na coinníollacha maidir le dul isteach, fanacht nó cónaí ar chríoch na mBallstát, beidh rochtain acu ar shonraí VIS lena bhfíorú laistigh de chríoch náisiúnach tríú tír i gcomhréir le hAirteagal 19 nó Airteagal 22h den Rialachán seo, faoi seach;
- c) Agus aon duine ar féidir nach bhfuil na coinníollacha maidir le dul isteach, fanacht nó cónaí ar chríoch na mBallstát á gcomhlíonadh aige nó ar féidir nach bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh a thuilleadh aige á shainaithint, beidh rochtain ag baill na bhfoirne ar shonraí VIS lena shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 6a [...] den Rialachán seo⁴⁴.

6. I gcás ina nochtfar de bharr rochtain agus cuardach den chineál sin gurb ann d'amas in VIS, cuirfear an Ballstát óstach eisiúna ar an eolas ina leith sin.

7. Gach iontráil a dhéanfaidh ball d'fhoireann ón nGarda Teorann agus Cósta Eorpach nó foirne de bhaill foirne a bhfuil baint acu le cúraimí a bhaineann le filleadh sa loga ar oibríochtaí próiseála sonraí laistigh de VIS, coinneoidh an t-údarás bainistíochta é i gcomhréir le forálacha Airteagal 34.

8. Gach rochtain agus gach cuardach a dhéanann an Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta déanfar é a logáil i gcomhréir le forálacha Airteagal 34 agus déanfar gach úsáid a bhainfear as sonraí a mbeidh rochtain faighte ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta orthu a chlárú.

9. Ach amháin más gá ar mhaithe le comhlíonadh na gcúraimí chun críoch an Rialacháin lena mbunaítear an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS), ní dhéanfar aon chodanna de VIS a nascadh le haon chóras ríomhaireachta atá ann chun sonraí a bhailiú agus a phróiseáil agus atá á oibriú ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta nó sa Gníomhaireacht sin, ná ní dhéanfar na sonraí atá in VIS a bhfuil rochtain ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta orthu a aistriú chuig córas den sórt sin. Ní dhéanfar aon chuid de VIS a íoslódáil. Ní fhorléireofar logáil rochtana agus cuardach mar íoslódáil nó cóipeáil sonraí VIS.

10. Déanfaidh an Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta bearta chun slándáil a áirithiú, dá bhforáiltear in Airteagal 32, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm."

(36) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 49:

"Airteagal 49

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. ***I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní ghlacfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.***

⁴⁴ Bhí an coigeartú ar an tagairt in easnamh in 15505/18, cé gur beartaíodh roimhe sin é (cf. 15504/18).

* Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).";

(37) [...]

[...]

[...]

(38) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 50:

"Airteagal 50

Faireachán agus meastóireacht

1. Áiritheoidh an tÚdarás Bainistíochta go mbeidh nósanna imeachta ann chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú VIS de réir a chuspóirí i dtaca le haschur, costéifeachtúlacht, slándáil agus cáilíocht seirbhíse.
2. Chun críoch na cothabhála teicniúla, beidh rochtain ag an Údarás Bainistíochta ar an bhfaisnéis is gá maidir leis na hoibríochtaí próiseála a dhéanfar in VIS.
3. Gach dhá bhliain, cuirfidh **an tÚdarás Bainistíochta** [...] tuarascáil ar fheidhmiú teicniúil VIS, lena n-áirítear slándáil an chórais sin, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, agus an Choimisiúin.
4. Agus urraim á tabhairt d'fhorálacha an dlí náisiúnta maidir le faisnéis íogair a fhoilsiú, ullmhóidh gach Ballstát agus Europol tuarascálacha bliantúla maidir le héifeachtacht na rochtana ar shonraí VIS ina mbeidh faisnéis agus staitisticí, chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) cuspóir baileach an chomhairliúcháin, lena n-áirítear an cineál ciona sceimhlitheoireachta nó an cineál ciona thromchúisigh choiriúil;
 - (b) na forais réasúnacha a tugadh maidir leis an amhras, a bhfuil údar leis, go bhfuil an t-amhrastach, déantóir nó íospartach i gcatagóir a chumhdaítear leis an Rialachán seo;
 - (c) an líon iarrataí ar rochtain ar VIS chun críocha fhorfheidhmiú an dlí;
 - (d) an líon agus na cineálacha cásanna inar éirigh leis an tsainithint.

Tarchuirfear tuarascálacha bliantúla na mBallstát agus Europol chuig an gCoimisiún faoin 30 Meitheamh an bhliain ina dhiaidh sin.

- 4a. ***Cuirfear réiteach teicniúil ar fáil do na Ballstáit d'fhonn cuardach VIS a éascú ar mhaithe le hiarrataí ó úsáideoirí a bhainistiú agus staitisticí a ghiniúint. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme maidir le sonraíochtaí an réitigh theicniúil sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 49(2).***
5. Gach ceithre bliana, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht fhoriomlán ar VIS. Áireofar sa mheastóireacht fhoriomlán sin scrúdú ar na torthaí a fuarthas de réir na geuspóirí a bhí ann, agus measúnú ar bhailíocht leanúnach na bunreásunachta, ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo maidir le VIS, ar shlándáil VIS, ar an úsáid a baineadh as na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 31 agus ar aon impleachtaí d'oibríochtaí amach anseo. Tarchuirfidh an Coimisiún an mheastóireacht chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.
6. Soláthróidh na Ballstáit don údarás bainistíochta agus don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun na tuarascálacha dá dtagraítear i míreanna 3, 4, agus 5 a dhréachtú.
7. Soláthróidh an t-údarás bainistíochta don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun na meastóireachtaí foriomlána dá dtagraítear i mír 5 a dhéanamh.";
- (39) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Iarscríbhinn 1:
- "Liosta de na heagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 31(1)".
- (40) Tar éis Airteagal 22, cuirtear isteach Caibidil IIIa agus Caibidil IIIb seo a leanas:

CAIBIDIL IIIa

IONTRÁIL AGUS ÚSÁID SONRAÍ AR VÍOSAÍ FADFHANACHTA AGUS CEADANNA CÓNAITHE

Airteagal 22a

Nósanna imeachta maidir le sonraí a iontráil [...] tráth a dhéantar iarratas ar víosa fadfhanachta nó cead cónaithe

1. Ar [...] iarratas a fháil ar víosa fadfhanachta nó ar chead cónaithe, cruthóidh an t-údarás ***inniúil*** [...] gan mhoill comhad [...] [...] ***iarratais***, trí na sonraí ***seo a leanas*** [...] a iontráil in VIS ***a mhéid a cheanglaítear ar an iarratasóir na sonraí sin a chur ar fáil i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais nó leis an reachtaíocht náisiúnta ábhartha:*** [...]
- a. uimhir iarratais;***
- b. faisnéis maidir le stádas, lena gcuirtear in iúl gur iarradh víosa fadfhanachta nó cead cónaithe;***
- c. an t-údarás lena cuireadh an t-iarratas isteach, lena n-áirítear a shuíomh;***

d. an sloinne (ainm an teaghlaigh); céadainm (céadainmneacha); dáta breithe; náisiúntacht nó náisiúntachtaí faoi láthair; inscne; áit bhreithe;

e. cineál agus uimhir an doiciméid taistil;

f. dáta éaga bhailíocht an doiciméid taistil;

g. an tír a d'eisigh an doiciméad taistil agus dáta a eisiúna;

h. scanadh de leathanach na sonraí beathaisnéiseacha sa doiciméad taistil;

i. i gcás mionaoiseach, sloinne agus céadainm nó céadainmneacha údarás tuismitheora nó chaomhnóir dlíthiúil an tsealbhóra;

j. íomhá d'aghaidh an tsealbhóra, íomhá a glacadh beo ar an láthair nó grianghraf más féidir;

k. méarloirg an tsealbhóra.

2. Tráth a chruthaítear an comhad *iarratais* [...], seolfar go huathoibríoch in VIS an cuardach de bhun Airteagal 22b.
3. Má tá iarratas déanta ag an sealbhóir mar chuid de ghrúpa nó le ball teaghlaigh, cruthóidh an t-údarás comhad *iarratais* [...] do gach aon duine sa ghrúpa agus nascfaidh sé comhaid na ndaoine sin a chuir iarratas isteach in éineacht le chéile *ar an* [...] víosa fadfhanachta nó cead cónaithe.
4. I gcás nach gcaithfear sonraí ar leithligh a sholáthar i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais nó reachtaíocht náisiúnta nó nach féidir iad a sholáthar go fíorasach, cuirfear "níl bainteach" sa réimse sainiúil sonraí nó sna réimsí sainiúla sonraí. I gcás méarlorg, ceadóidh an córas idirdhealú a dhéanamh idir na cásanna nach gá méarloirg a sholáthar i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais nó reachtaíocht náisiúnta agus na cásanna nach féidir iad a sholáthar go fíorasach.

Airteagal 22b

Córais eile a chuardach

1. Chun measúnú a dhéanamh an bhféadfadh an duine a bheith ina bhagairt ar bheartas poiblí, nó ar shlándáil inmheánach nó ar an tsláinte phoiblí sna Ballstáit, de bhun Airteagal 6(1)(e) de Rialachán (AE) 2016/399, agus chuige sin amháin, déanfar na comhaid a phróiseáil go huathoibríoch in VIS chun aon amas a bhrath. Déanfar gach comhad ar leithligh a scrúdú in VIS.

2. Gach uair a chruthaítear comhad *iarratais* [...] *i gcomhréir le hAirteagal 22a* [...] seolfar cuardach [...] le VIS [...] chun comparáid a dhéanamh idir na sonraí *iarratais* ábhartha [...] agus na sonraí ábhartha [...] in VIS, Córas Faisnéise Schengen (SIS), an Córas Dul Isteach agus Imeachta (EES), an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS), lena n-áirítear liosta faire *ETIAS* [...], *Eurodac*, [córas ECRIS-TCN [...]], sonraí Europol, bunachar sonraí Interpol um Dhoiciméid Taistil Ghoidte nó Chaillte (SLTD) agus bunachar sonraí Interpol um Dhoiciméid Taistil a bhaineann le Fógraí (TDAWN Interpol).

Féadfar an cuardach sin a sheoladh, i gcás inarb iomchuí, tríd an Tairseach Eorpach Chuardaithe i gcomhréir le Caibidil II [den Rialachán maidir le hIdir-inoibritheacht].

3. [...] ***Gan dochar don reachtaíocht náisiúnta chun na húdaráis inniúla a chinneadh beidh feidhm dá réir ag an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 9a, 9c agus 9ca.***

4. [...]
- (a) [...]
- (b) [...]
- (c) [...]
- (d) [...]

[...]

5. [...]
6. [...]

7. [...]
- (a) [...]
 - (b) [...]
 - (c) [...]
 - (d) [...]

Airteagal 22c

[...] Comhad *iarratais* atá le [...] *nuashonrú* i gcás víosa fadfhanachta nó cead cónaithe a eisítear

I gcás ina ndéanfar cinneadh víosa fadfhanachta nó cead cónaithe a eisiúint, cuirfidh an t-údarás inniúil a d'eisigh an víosa fadfhanachta nó an cead cónaithe na sonraí seo a leanas leis an gcomhad iarratais i gcás ina ndéanfar na sonraí a bhailiú i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais nó leis an reachtaíocht náisiúnta ábhartha [...]:

- (1) [...]
- (2) [...]
- [...]
- [...]
- [...]
- [...]
- [...]
- [...]
- [...]

[...]

[...]

(3) [...]

(a) faisnéis maidir le stádas lena gcuirtear in iúl gur eisíodh víosa fadfhanachta nó cead cónaithe;

(aa) an t-údarás a rinne an cinneadh;

(b) láthair agus dáta an chinnidh [...];

(c) an cineál doiciméid a eisíodh (víosa fadfhanachta nó cead cónaithe);

(d) uimhir na víosa fadfhanachta nó an cheada cónaithe a eisíodh;

(e) **dátaí tosaithe agus** éaga na víosa fadfhanachta nó an cheada cónaithe; [...]

(f) na sonraí arna liostú in Airteagal 22a(1), má tá siad ar fáil agus mura ndearnadh iad a iontráil sa chomhad iarratais nuair a bheidh iarratas déanta ar víosa fadfhanachta nó cead cónaithe.

Airteagal 22d

[...] Comhad *iarratais* atá le [...] **nuashonrú** i gcásanna áirithe nuair a dhiúltaítear víosa fadfhanachta nó cead cónaithe a eisiúint

I. I gcás ina ndéanfar cinneadh víosa fadfhanachta nó cead cónaithe a dhiúltú toisc go meastar gur bagairt é an t-iarratasóir don bheartas poiblí, don tslándáil inmheánach nó don tsláinte phoiblí nó toisc gur thaispeáin an t-iarratasóir doiciméid a fuarthas go calaoiseach, nó a ndearnadh iad a fhalsú nó a chrioscaíl, cuirfidh an t-údarás a dhiúltaigh an víosa fadfhanachta nó cead cónaithe **na sonraí seo a leanas leis an gcomhad iarratais i gcás ina ndéanfar na sonraí a bhailiú i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta ábhartha** [...]:

a. [...]

b. [...]

c. [...]

d. [...]

e. [...]

- f. [...]
- g. [...]
- h. faisnéis lena gcuirtear in iúl gur diúltaíodh an víosa fadfhanachta nó an cead cónaithe toisc go meastar gur bagairt é an t-iarratasóir ar bheartas poiblí, ar shlándáil phoiblí nó ar an tsláinte phoiblí nó toisc gur thaispeáin an t-iarratasóir doiciméid a fuarthas go calaoiseach, nó a ndearnadh iad a fhalsú nó a chrioscaíl;
- i. an t-údarás a dhiúltaigh an víosa fadfhanachta nó an cead cónaithe [...];
- j. an áit a ndearnadh an cinneadh an víosa fadfhanachta nó an cead cónaithe a dhiúltú, agus an dáta a rinneadh an cinneadh sin.

2. I gcás ina ndéanfar cinneadh críochnaitheach víosa fadfhanachta nó cead cónaithe a dhiúltú ar bhonn cúiseanna eile seachas na cúiseanna dá dtagraítear i mír 1, scriosfar an comhad iarratais gan mhoill ó VIS.

Airteagal 22e

Sonraí atá le cur leis an gcomhad iarratais i gcás víosa fadfhanachta nó cead cónaithe a dhéanfar a aistarraingt, **a chúlghairm nó a neamhniú**

1. I gcás ina ndéanfar cinneadh **víosa fadfhanachta nó cead cónaithe [...]**, a aistarraingt, **a chúlghairm nó a neamhniú**, cuirfidh an t-údarás a rinne an cinneadh sin na sonraí seo a leanas leis an gcomhad **iarratais [...]**, **i gcás ina ndéanfar na sonraí a bhailiú i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais nó leis an reachtaíocht náisiúnta ábhartha:**

- (a) faisnéis maidir le stádas lena gcuirtear in iúl go ndearnadh an víosa fadfhanachta nó an cead cónaithe a aistarraingt, **a chúlghairm nó a neamhniú [...]**;
- (b) **an t-údarás a rinne an cinneadh [...]**;
- (c) an áit a ndearnadh an cinneadh, agus an dáta a rinneadh é. [...]
- (d) [...]
- (e) [...]

2. Ina theannta sin, léireofar sa chomhad **iarratais [...]** an foras nó na forais chun víosa fadfhanachta nó cead cónaithe a aistarraingt, **a chúlghairm nó a neamhniú [...]**, i gcomhréir le [...] hAirteagal 22 d.

Airteagal 22f

Sonraí atá le cur leis an gcomhad i gcás víosa fadfhanachta a chuirtear [...] síneadh léi
nó cead cónaithe a dhéantar a athnuachan

I gcás ina ndearnadh cinneadh síneadh a chur le **bailíocht** [...] víosa fadfhanachta, cuirfidh an t-údarás a chuir síneadh le bailíocht na víosa na sonraí seo a leanas leis an gcomhad aonair, **i gcás ina mbailítear na sonraí i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus leis an reachtaíocht ábhartha náisiúnta:**

- (a) faisnéis maidir le stádas lena gcuirtear in iúl gur cuireadh síneadh le **bailíocht** na víosa fadfhanachta [...];
- (b) an t-údarás **a rinne an cinneadh** [...];
- (c) an áit a ndearnadh an cinneadh, agus an dáta a rinneadh é.
- (d) [...] uimhir an ghreamáin víosa [...];
- (e) dáta éaga **bhailíocht na víosa fadfhanachta** [...].

I gcás ina ndearnadh cinneadh cead cónaithe a athnuachan, beidh feidhm ag Airteagal 22c.

Airteagal 22g

Rochtain ar shonraí chun víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe a fhíorú ag pointí trasnaithe teorann seachtraí

1. Chun céannacht an tsealbhóra doiciméid agus/nó barántúlacht agus bailíocht na víosa fadfhanachta nó an cheada cónaithe a fhíorú agus chun a fhíorú an meastar nach bhfuil an duine ina bhgairt ar bheartas poiblí, slándáil inmheánach nó sláinte phoiblí aon cheann de na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 6(1)(e) de Rialachán (AE) 2016/399, agus chuige sin amháin, beidh rochtain ag na húdaráis atá inniúil ar sheiceálacha a dhéanamh ag pointí trasnaithe teorann seachtraí i gcomhréir leis an Rialachán sin chun cuardach a dhéanamh trí uimhir an doiciméid a úsáid in éineacht le sonraí amháin nó roinnt sonraí in Airteagal 22a [...] (**I** [...])(**d** [...]), (**e** [...]),₂ [...] (**j** [...]) agus (**k**) den Rialachán seo.
2. Má léirítear leis an gcuardach a dhéantar leis na sonraí a liostaítear i mír 1 go bhfuil taifead ar shonraí maidir le sealbhóir an doiciméid in VIS, tabharfar rochtain don údarás inniúil rialaithe teorann chun na sonraí seo a leanas sa chomhad **iarratais** [...] a cheadú, chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1 agus chun na gcríoch sin amháin:
 - (a) faisnéis maidir le stádas na víosa fadfhanachta nó an cheada cónaithe lena gcuirtear in iúl an ndearnadh an víosa fadfhanachta nó an cead cónaithe a eisiúint, a aistarraingt, **a chúlghairm, a neamhniú, a athnuachan** nó ar cuireadh síneadh léi nó leis;
 - (b) na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 22c [...] (c), (d) agus (e);

- (c) [...]
- (d) [...] *íomhánna den aghaidh dá* dtagraítear in Airteagal 22a(1)(j) [...];
- (e) [...] *méarloirg* dá dtagraítear in Airteagal 22a [...] (I [...])(k [...]); [...]
- (f) *más infheidhme, an t-amas nó na hamais de bhun Airteagal 22b(3) agus torthaí na bhfíoruithe a bhaineann leis na hamais sin de bhun Airteagal 9c.*

Airteagal 22h

Rochtain ar shonraí chun fíorú a dhéanamh laistigh de chríoch na mBallstát

1. Chun céannacht an tsealbhóra mar aon le barántúlacht agus bailíocht na víosa fadfhanachta nó an cheada cónaithe a fhíorú agus chun a fhíorú an meastar nach bhfuil an duine ina bhgairt ar bheartas poiblí, slándáil inmheánach nó sláinte phoiblí aon cheann de na Ballstáit [...] agus chuige sin amháin, beidh rochtain ag na húdaráis atá inniúil ar sheiceálacha a dhéanamh laistigh de chríoch na mBallstát lena gcinntear an bhfuil na coinníollacha a bhaineann le dul isteach, fanacht nó cónaí ar chríoch na mBallstát comhlíonta agus, de réir mar is infheidhme, beidh rochtain ag na húdaráis phóilíneachta chun cuardach a dhéanamh ag baint úsáid as uimhir na víosa fadfhanachta nó an cheada cónaithe in éineacht le sonra amháin nó roinnt sonraí in Airteagal 22a [...] (I [...])(d [...]), (e [...]), (j) agus (k [...]) *i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta ábhartha.*
2. Má léirítear leis an gcuardach a dhéantar leis na sonraí a liostaítear i mír 1 go bhfuil taifead ar shonraí maidir leis an sealbhóir in VIS, tabharfar rochtain don údarás inniúil chun na sonraí seo a leanas sa chomhad [...] *iarratais* [...] a cheadú, chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1 agus chun na gcríoch sin amháin:
 - (a) faisnéis maidir le stádas na víosa fadfhanachta nó an cheada cónaithe lena gcuirtear in iúl an ndearnadh an víosa fadfhanachta nó an chead cónaithe a eisiúint, a aistarraingt, *a athnuachan* nó ar cuireadh síneadh léi nó leis;
 - (b) na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 22c [...] (c), (d) agus (e);
 - (c) [...]
 - (d) más infheidhme, na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 22f(d) agus (e);
 - (e) [...] *íomhánna den aghaidh dá* dtagraítear in Airteagal 22a [...] (I [...])(j [...]);
 - (f) *méarloirg dá dtagraítear in Airteagal 22a(1)(k).*

Airteagal 22i

Rochtain ar shonraí chun an fhreagracht maidir le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta a chinneadh

1. Chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an mBallstát atá freagrach as iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 604/2013, agus chun na críche sin amháin, beidh rochtain ag na húdaráis inniúla tearmainn chun cuardach a dhéanamh trí bhíthin mhéarloirg an iarratasóra ar chosaint idirnáisiúnta.

I gcás nach féidir méarloirg an iarratasóra ar chosaint idirnáisiúnta a úsáid nó i gcás ina dteipfidh ar an gcuardach leis na méarloirg, déanfar an cuardach trí bhíthin uimhir na víosa fadfhanachta nó an cheada cónaithe i gcomhar le **sonra amháin nó le roinnt** de na sonraí in Airteagal 22a [...] (**I** [...])(d [...]), (**e** [...]), (**j**) agus (**k** [...]). **Ní bheidh an íomhá den aghaidh ar an aon chritéar cuardaigh amháin.**

2. Má léirítear leis an gcuardach a dhéantar leis na sonraí a liostaítear i mír 1 go bhfuil taifead ar víosa fadfhanachta nó cead cónaithe in VIS, tabharfar rochtain don údarás inniúil tearmainn chun na sonraí seo a leanas sa chomhad iarratais a cheadú agus, maidir leis na sonraí a liostaítear i bpointe (g), chun sonraí i gcomhad nó comhaid iarratais nasctha an chéile agus na leanaí a cheadú, de bhun Airteagal 22a(3[...]), chun na críche dá dtagraítear i mír 1 agus chun na críche sin amháin:

(a) an t-údarás a rinne an víosa fadfhanachta nó an cead cónaithe a eisiúint, **a dhiúltú, a neamhniú, a chúlghairm, a athnuachan** nó a chuir síneadh leis nó léi;

(b) na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 22a[...] (**I** [...])(d [...]) agus (**e** [...]);

(c) an cineál doiciméid;

(d) tréimhse bhailíochta na víosa fadfhanachta nó an cheada cónaithe;

(f) [...] **íomhánna den aghaidh** dá dtagraítear in Airteagal 22a [...] (**I** [...])(j [...]);

(fa) méarloirg dá dtagraítear in Airteagal 22a(1)(k);

(g) na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 22a[...] (**I** [...])(d [...]) agus (**e** [...]) de chomhad nó comhaid iarratais nasctha an chéile agus na leanaí.

3. Is iad na húdaráis **inniúla tearmainn** [...] dá dtagraítear in Airteagal 27 de Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* agus iadsan amháin a dhéanfaidh VIS a cheadú de bhun mhír 1 agus mhír 2 den Airteagal seo.

Airteagal 22j

Rochtain ar shonraí chun iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú

1. Chun iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú, agus chun na críche sin amháin, beidh rochtain ag na húdaráis inniúla tearmainn i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 chun cuardach a dhéanamh le méarloirg an iarratasóra ar chosaint idirnáisiúnta.

I gcás nach féidir méarloirg an iarratasóra ar chosaint idirnáisiúnta a úsáid nó i gcás ina dteipfidh ar an gcuardach leis na méarloirg, déanfar an cuardach trí bhíthin uimhir na víosa fadfhanachta nó an doiciméid cónaithe i gcomhar le **sonra amháin nó le roinnt** de na sonraí in Airteagal 22a [...] (**I** [...])(d [...]), (**e** [...]), (**j**) agus (**k** [...]) . **Ní bheidh an íomhá den aghaidh ar an aon chritéar cuardaigh amháin.**

2. Má léiríonn an cuardach a dhéantar leis na sonraí a liostaítear i mír 1 go bhfuil taifead ar shonraí maidir leis an iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta in VIS, beidh rochtain ag an údarás inniúil tearmainn, chun na críche dá dtagraítear i mír 1 agus chun na críche sin amháin, chun sonraí an iarratasóra agus sonraí i gcomhad nó comhaid iarratais nasctha an iarratasóra a iontráladh i dtaobh aon víosa fadfhanachta nó cead cónaithe a eisíodh, a diúltaíodh, a aistarraingíodh nó ar cuireadh síneadh lena bailíocht nó lena bhailíocht, dá dtagraítear in Airteagail 22c, 22d, 22e agus 22f, chun na sonraí sin a cheadú de bhun Airteagal 22a(3).
3. Is iad na húdaráis **inniúla tearmainn** [...] dá dtagraítear in Airteagal 27 de Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 agus iadsan amháin a dhéanfaidh VIS a cheadú de bhun mhír 1 agus mhír 2 den Airteagal seo.

CAIBIDIL IIIb

Nós imeachta agus coinníollacha rochtana ar VIS chun críoch fhorfheidhmiú an dlí [...]

Airteagal 22k

Údaráis ainmnithe na mBallstát

1. Ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis atá i dteideal na sonraí atá stóráilte in VIS a cheadú chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath **nó** [...] a imscrúdú.
2. Coinneoidh gach Ballstát liosta de na húdaráis ainmnithe sin. Tabharfaidh gach Ballstát fógra don **Údarás Bainistíochta** [...] agus don Choimisiún maidir lena údaráis ainmnithe agus féadfaidh sé fógra eile a chur in ionad an fhógra nó é a leasú tráth ar bith.
3. Ainmneoidh gach Ballstát lárphointe rochtana a mbeidh rochtain aige ar VIS. Fíoróidh an lárphointe rochtana go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 22n maidir le rochtain ar VIS a iarraidh.

Féadfaidh na húdaráis[...] ainmnithe agus an lárphointe rochtana a bheith san eagraíocht chéanna, má cheadaítear sin faoin dlí náisiúnta, ach gníomhóidh an lárphointe rochtana go [...] neamhspleách ar na húdaráis ainmnithe agus a chúraimí faoin Rialachán seo á gcomhlíonadh aige. Ní bhfaighidh an lárphointe rochtana treoracha ó [...] **na húdaráis ainmnithe** a mhéid a bhaineann leis an toradh ar an bhfíorú a dhéanfaidh sé go neamhspleách.

Ag brath ar a struchtúr eagraíochtúil agus riaracháin, féadfaidh na Ballstáit níos mó ná aon lárphointe rochtana amháin a ainmniú chun a gceanglais bhunreachtúla nó dhlíthiúla a chomhlíonadh.

4. Tabharfaidh gach Ballstát fógra don **Údarás Bainistíochta** [...] agus don Choimisiún maidir lena lárphointe rochtana agus féadfaidh sé fógra eile a chur in ionad an fhógra nó é a leasú tráth ar bith.
5. Ar an leibhéal náisiúnta, coimeádfaidh gach Ballstát liosta de na haonaid oibríochta laistigh de na húdaráis ainmnithe atá údaraithe rochtain a iarraidh ar shonraí atá stóráilte in VIS trí na lárphointí rochtana.
6. Is í foireann chúí-chumhachtaithe an lárphointe rochtana nó na lárphointí rochtana agus í sin amháin a bheidh údaraithe VIS a rochtain i gcomhréir le hAirteagal 22m agus Airteagal 22n.

Airteagal 22l
Europol

1. Ainmneoidh Europol ceann amháin dá aonaid oibríochta mar "údarás ainmnithe Europol" agus tabharfaidh sé údarás dó rochtain a iarraidh ar VIS trí lárphointe rochtana ainmnithe VIS dá dtagraítear i mír 2 chun tacú le bearta na mBallstát agus chun iad a neartú i dtaca le cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.
2. Ainmneoidh Europol aonad speisialaithe ina mbeidh oifigigh chúí-chumhachtaithe Europol mar lárphointe rochtana. Fíoróidh an lárphointe rochtana go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 22p maidir le rochtain ar VIS a iarraidh.

I dtaca lena chúraimí a chomhlíonadh faoin Rialachán seo, gníomhóidh an lárphointe rochtana go neamhspleách agus ní bhfaighidh sé treoracha ó údarás ainmnithe Europol dá dtagraítear i mír 1 i dtaobh thoradh an fhíoraithe sin.

Airteagal 22m
Nós imeachta le haghaidh rochtain ar VIS [...]

1. Cuirfidh na haonaid oibríochta dá dtagraítear in Airteagal 22k(5) iarraidh réasúnaithe i scríbhinn nó i bhfoirm leictreonach faoi bhráid na lárphointí rochtana dá dtagraítear in Airteagal 22k(3) le haghaidh rochtain ar shonraí arna stóráil in VIS. Ar iarraidh ar rochtain a fháil, fíoróidh an lárphointe rochtana nó na lárphointí rochtana an bhfuil na coinníollacha maidir le rochtain dá dtagraítear in Airteagal 22n comhlíonta. Má tá na coinníollacha rochtana comhlíonta, déanfaidh an lárphointe rochtana nó na lárphointí rochtana na hiarrataí a phróiseáil. Cuirfear na sonraí a bhfuarthas rochtain orthu in VIS ar aghaidh chuig na haonaid oibríochta dá dtagraítear in Airteagal 22k(5) ar bhealach nach sáróidh slándáil na sonraí sin.

2. I gcás práinn eisceachtúil nuair is gá garchontúirt do bheatha duine a bhaineann le cion sceimhlitheoireachta nó le cion coiriúil tromchúiseach eile a chosc, déanfaidh an lárphointe rochtana nó na lárphointí rochtana an iarraidh a phróiseáil láithreach agus fíoróidh siad *ex post* ar comhlíonadh na coinníollacha uile dá dtagraítear in Airteagal 22n, lena n-áirítear an raibh cás práinne ann i ndáiríre. Déanfar an fíorú *ex post* gan moill mhíchúil agus, ar aon chuma, ag tráth nach déanaí ná seacht lá oibre tar éis an iarraidh a phróiseáil.
3. I gcás ina gcinntear leis an bhfíorú *ex post* nach raibh údar leis an rochtain ar shonraí VIS, déanfaidh na húdaráis uile a cheadaigh na sonraí sin in VIS an fhaisnéis a raibh rochtain acu uirthi a scríosadh agus cuirfidh siad na lárphointí rochtana ar an eolas faoin scríosadh sin.

Airteagal 22n

Coinníollacha maidir le rochtain ar shonraí VIS ag údaráis ainmnithe na mBallstát

1. ***Gan dochar d'Airteagal 22 de Rialachán 2018/XX [maidir le hidir-inoibritheacht], [...]*** ***beidh*** rochtain ag údaráis ainmnithe ***ar*** VIS lena cheadú má chomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) is gá agus is comhréireach rochtain le haghaidh ceadú chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú;
 - (b) is gá agus is comhréireach rochtain le haghaidh ceadú i gcás ar leith;
 - (c) má tá foras réasúnach ann chun a mheas go bhféadfaidh ceadú sonraí VIS a bheith ina mhórchuidiú chun aon cheann de na cionta coiriúla atá i gceist a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, go háirithe i gcás ina bhfuil amhras bailíochtaithe go dtagann amhrastach, déantóir nó íospartach ciona sceimhlitheoireachta nó ciona choiriúil thromchúisigh eile faoi chatagóir atá cumhdaithe sa Rialachán seo;
 - (d) i gcás inar seoladh iarraidh ar chuardach chuig an stóras coiteann sonraí céannachta i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán 2018/XX [maidir le hidir-inoibritheacht], nochtar leis an bhfreagra a fuarthas, dá dtagraítear i mír 5 d'Airteagal 22 den Rialachán sin, go bhfuil sonraí á stóráil in VIS."
2. Ní gá an coinníoll dá bhforáiltear i bpointe (d) de mhír 1 a chomhlíonadh i gcásanna ina mbeidh rochtain ar VIS riachtanach mar uirlis chun an cúlra i dtaobh víosaí nó tréimhsí údaráithe fanachta ar chríoch na mBallstát a cheadú i dtaobh amhrastach aitheanta, déantóir aitheanta nó íospartach amhrasta aitheanta ciona sceimhlitheoireachta nó ciona choiriúil thromchúisigh eile, ***nó i gcásanna nach stóráiltear in CIR an catagóir sonraí lena ndéantar an cuardach.***
3. Beidh ceadú VIS teoranta do chuardach a dhéanamh sa chomhad ***iarratais*** [...] le haon cheann de na sonraí seo a leanas:
 - (a) sloinne nó sloinnte (ainm teaghlaigh), céadainm nó céadainmneacha, dáta breithe; náisiúntacht nó náisiúntachtaí agus/nó inscne;
 - (b) cineál agus uimhir an doiciméid taistil nó na ndoiciméad taistil, cód trí litir na tíre eisiúna agus an dáta a rachaidh bailíocht an doiciméid taistil in éag;

- (c) uimhir an ghreamáin víosa nó uimhir na víosa fadfhanachta nó an doiciméid cónaithe agus dáta éaga bhailíocht na víosa, na víosa fadfhanachta nó an doiciméid cónaithe, de réir mar is infheidhme;
 - (d) méarloirg, lena n-áirítear méarloirg neamhfholasa;
 - (e) íomhá den aghaidh.
4. I gcás ina bhfaighfear amas nuair a dhéanfar VIS a cheadú, tabharfar rochtain ar aon sonraí a liostaítear sa mhír seo mar aon le haon sonraí eile ón gcomhad *iarratais* [...], lena n-áirítear sonraí arna n-iontráil maidir le haon doiciméad a eisíodh, a diúltaíodh, a cuireadh ar neamhní, a rinneadh a chúlghairm nó ar cuireadh síneadh leis. Ní thabharfar rochtain ar na sonraí dá dtagraítear i bpointe (4)(1) d'Airteagal 9 mar atá ar taifead sa chomhad iarratais ach amháin má rinneadh ceadú na sonraí sin a iarraidh go sainráite in iarraidh réasúnaithe agus a formheasadh de bharr fíorú neamhspleách.

Airteagal 22o

Rochtain ar VIS chun daoine a shainaithint i gcásanna ar leith

De mhaolú ar Airteagal 22n(1), ní bheidh sé d'oibleagáid ar údaráis ainmnithe na coinníollacha a leagtar síos sa mhír sin a chomhlíonadh chun rochtain ar VIS a fháil ar mhaithe le daoine a bhí ar iarraidh a shainaithint, ar daoine iad a fuadaíodh nó a sainaitníodh ina n-íospartaigh gáinneála ar dhaoine, ***nó daoine nach eol cé hiad nó taisí daonna gan aithne i gcás tubaiste nádúrtha nó timpiste***, agus a bhfuil foras réasúnach ina leith lena mheas go gcuideoidh ceadú shonraí VIS na daoine sin a shainaithint agus/nó go mbeidh sé ina chuidiú imscrúdú a dhéanamh ar chásanna sonracha gáinneála ar dhaoine. Sna cásanna sin, féadfaidh na húdaráis ainmnithe cuardach a dhéanamh in VIS le méarloirg na ndaoine sin.

I gcás nach féidir méarloirg na ndaoine sin a úsáid nó i gcás ina dteipfidh ar an gcuardach leis na méarloirg, déanfar an cuardach trí bhíthin na sonraí dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) d'Airteagal 9 ***(4) nó i bpointí (a) agus (e) d'Airteagal 22c(1)***.

I gcás ina bhfaighfear amas nuair a dhéanfar VIS a cheadú, tabharfar rochtain ar aon sonraí in Airteagal 9, ***Airteagal 22a, Airteagal 22c, Airteagal 22d nó in Airteagal 22e***, mar aon leis na sonraí in Airteagal 8(3) agus (4) ***nó Airteagal 22a(3)***.

Airteagal 22p

Nós imeachta agus coinníollacha le haghaidh rochtain ag Europol ar shonraí VIS

1. Beidh rochtain ag Europol chun VIS a cheadú i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:
 - (a) is gá agus is comhréireach an ceadú chun tacú le bearta na mBallstát agus chun iad a neartú i dtaca le cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a thagann faoi réim shainordú Europol a chosc, a bhrath nó a imscrúdú;
 - (b) is gá agus is comhréireach an ceadú i gcás ar leith;

- (c) má tá foras réasúnach ann chun a mheas go bhféadfaidh ceadú shonraí VIS a bheith ina mhórchuidiú chun aon cheann de na cionta coiriúla atá i gceist a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, go háirithe i gcás ina bhfuil amhras bailíochtaithe go dtagann amhrastach, déantóir nó íospartach ciona sceimhlitheoireachta nó ciona choiriúil thromchúisigh eile faoi chatagóir atá cumhdaithe sa Rialachán seo;
 - (d) i gcásanna inar seoladh iarraidh ar chuardach chuig an stóras coiteann sonraí céannachta i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán 2018/XX [*maidir le hidir-inoibritheacht*], [...] **léirítear** leis an bhfreagra a fuarthas, dá dtagraítear in Airteagal 22(3) den Rialachán sin, go bhfuil sonraí á stóráil in VIS.
2. Beidh feidhm ag na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 22n(2), (3) agus (4) dá réir sin.
 3. Féadfaidh údarás ainmnithe Europol iarraidh leictreonach réasúnaithe a dhéanamh chun na sonraí uile nó tacar sonraí ar leith atá stóráilte in VIS a cheadú agus an iarraidh sin a chur chuig lárphointe rochtana Europol dá dtagraítear in Airteagal 22l[...] (2[...]). Ar iarraidh ar rochtain a fháil, déanfaidh lárphointe rochtana Europol a fhíorú an bhfuil na coinníollacha rochtana dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 comhlionta. Más tá na coinníollacha rochtana uile comhlionta, déanfaidh foireann chuí-údaraithe an lárphointe rochtana nó na lárphointí rochtana na hiarrataí a phróiseáil. Cuirfear na sonraí a bhfuarthas rochtain orthu in VIS ar aghaidh chuig na haonaid oibríochta dá dtagraítear in Airteagal 22l(1) ar bhealach nach sáraíonn slándáil na sonraí sin.
 4. An phróiseáil ar fhaisnéis a fuair Europol trí sonraí VIS a cheadú, beidh sí faoi réir údarú ón mBallstát tionscnaimh. Gheofar an t-údarú sin trí aonad náisiúnta Europol sa Bhallstát sin.

Airteagal 22q
Logáil agus doiciméadacht

1. Áiritheoidh gach Ballstát agus Europol go ndéanfar gach oibríocht próiseála sonraí a thagann as iarrataí ar rochtain ar sonraí VIS i gcomhréir le Caibidil IIIb[...] a logáil nó a dhoiciméadú chun críocha inghlacthacht na hiarrata a sheiceáil, faireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na próiseála sonraí agus ar shláine agus ar shlándáil sonraí agus chun críocha féinfhaireacháin.
2. Léireoidh an loga nó an doiciméadacht an méid seo a leanas, i ngach cás:
 - (a) cad é go baileach is cuspóir don iarraidh ar rochtain ar sonraí VIS, lena n-áirítear an cion sceimhlitheoireachta nó an cion coiriúil tromchúiseach eile lena mbaineann agus, i gcás Europol, cad é go baileach is cuspóir don iarraidh ar rochtain;
 - (b) tagairt an chomhaid náisiúnta;
 - (c) an dáta agus an t-am baileach ar iarr an lárphointe rochtana rochtain ar lárchóras VIS;
 - (d) ainm an údaráis a d'iarr rochtain chomhairliúcháin;

- (e) más infheidhme, an cinneadh arna ghlacadh maidir leis an bhfíorú *ex post*;
 - (f) na sonraí a úsáideadh le haghaidh ceadaithe;
 - (g) i gcomhréir le rialacha náisiúnta nó le Rialachán (AE) 2016/794, aitheantas uathúil úsáideora [...] *an bhaill foirne chuí-údaraithe* a rinne an cuardach agus an oifigigh a d'ordaigh an cuardach.
3. Ní úsáidfear logaí ná doiciméadacht ach amháin chun faireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na próiseála sonraí agus chun sláine agus slándáil sonraí a áirithiú. Ní fhéadfaidh ach logaí nach gcuimsíonn sonraí pearsanta a úsáid i gcomhair an fhaireacháin agus na meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 50 den Rialachán seo. An t-údarás maoirseachta, arna *ainmniú* [...] i gcomhréir le hAirteagal 41(1) de Threoir (AE) 2016/680, atá freagrach as inghlacthacht na hiarrata a sheiceáil, as faireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na próiseála sonraí agus as sláine agus slándáil na sonraí, beidh rochtain aige ar na logaí seo arna iarraidh sin dó chun críche a dhualgais a chomhlíonadh.

Airteagal 22r

Coinníollacha le haghaidh rochtain ar shonraí VIS ag údaráis ainmnithe Ballstáit nár cuireadh an Rialachán seo i bhfeidhm ina leith fós

1. Beidh rochtain ar shonraí VIS chun é a cheadú ag údaráis ainmnithe Ballstáit nár cuireadh an Rialachán seo i bhfeidhm ina leith fós i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) tá an rochtain laistigh de raon feidhme a gcumhachtaí;
 - (b) tá an rochtain faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 22n(1);
 - (c) sula dtabharfar rochtain ar shonraí VIS, déanfar iarraidh chuí-réasúnaithe i scríbhinn nó i bhfoirm leictreonach a chur faoi bhráid údarás ainmnithe Ballstáit a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leis; ansin iarraidh an t-údarás ar an lárphointe rochtana náisiúnta nó na lárphointí rochtana náisiúnta VIS a cheadú.
2. Ballstát nár cuireadh an Rialachán seo i bhfeidhm ina leith fós, cuirfidh sé an fhaisnéis atá aige faoi víosaí ar fáil do na Ballstáit a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo, bunaithe ar iarraidh chuí-réasúnaithe i scríbhinn nó i bhfoirm leictreonach, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 22n(1).

* Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le bunú "Eurodac" chun méarloing a chur i gcomparáid ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach Rialachán (CE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát agus maidir le hiarrataí ó údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus ó Europol ar chomparáidí le sonraí Eurodac chun críocha forghníomhaithe dlí, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórsála sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (IO L 180, 29.6.2013, lch. 1)."

Airteagal 2
Leasuithe ar Chinneadh 2004/512/CE

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1(2) de Chinneadh 2004/512/CE:

"2. Bunófar an Córas Faisnéise Víosáí ar ailtireacht láraithe agus is é a bheidh ann:

(a) an stóras coiteann sonraí céannachta dá dtagraítear in [Airteagal 17(2)(a) de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht],

(b) córas lárnach faisnéise, dá ngairtear an "lárchóras faisnéise víosaí" (VIS) anseo feasta,

(c) comhéadan i ngach Ballstát, dá ngairtear an "comhéadan náisiúnta" (NI-VIS) anseo feasta lena ndéanfar an nasc le húdarás náisiúnta láir ábhartha an Bhallstáit i gceist, nó comhéadan aonfhoirmeach náisiúnta i ngach Ballstát a bheidh bunaithe ar shonraíochtaí teicniúla coiteanna agus iad ar aon dul le chéile sna Ballstáit uile ionas gur féidir ceangal a dhéanamh idir an córas lárnach agus na bonneagair teorann náisiúnta sna Ballstáit,

(d) bonneagar cumarsáide idir an córas lárnach faisnéise víosaí (VIS) agus na comhéadain náisiúnta (NI-VISanna);

(e) bealach cumarsáide slán idir lárchóras VIS agus lárchóras EES;

(f) bonneagar cumarsáide slán idir lárchóras VIS agus bonneagair láir na tairsí Eorpaí chuardaithe arna bunú le [hAirteagal 6 de Rialachán 2017/XX maidir le hidir-inoibritheacht], an tseirbhís chomhroinnte meaitseála bithmhéadraí arna bunú le [hAirteagal 12 de Rialachán 2017/XX maidir le hidir-inoibritheacht], an stóras coiteann sonraí céannachta arna bhunú le [hAirteagal 17 de Rialachán 2017/XX maidir le hidir-inoibritheacht] agus an brathadóir ilchéannachtaí arna bhunú le [Airteagal 25 de Rialachán 2017/XX maidir le hidir-inoibritheacht];

(g) sásra le haghaidh comhairliúchán idir údaráis víosaí láir i dtaobh iarratas agus malartú faisnéise ("VISMaiI");

(h) geata iompróra;

(i) seirbhís gréasáin shlán lena gcumasaítear cumarsáid idir VIS, sa chéad chás de, agus an geata iompróra, agus na córais idirnáisiúnta (córais/bunachair sonraí Interpol), sa dara cás de;

(j) stóras sonraí chun críocha tuairiscithe agus staidrimh.

Déanfaidh an lárchóras, na comhéadain aonfhoirmeacha náisiúnta, an tseirbhís gréasáin, an geata iompróra agus an bonneagar cumarsáide atá ag VIS comhphárteanna crua-earraí agus comhphárteanna bogearraí ó lárchóras EES, comhéadain aonfhoirmeacha náisiúnta EES, geata iompróra ETIAS, seirbhís gréasáin EES, agus bonneagar cumarsáide EES a chomhroinnt agus a athúsáid, a oiread is féidir go teicniúil."

Airteagal 3
Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 810/2009

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 810/2009 mar a leanas:

(1) [...] Leasaítear Airteagal 10 *mar a leanas* [...]:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) de mhír 3:

"(c) grianghraf a thíolacadh i gcomhréir leis na caighdeáin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 [...] ."

(b) i mír 3, cuirtear an pointe seo a leanas isteach idir pointe (c) agus pointe (d):

"(ca) íomhá dá aghaidh a cheadú, mar a shainmhínítear i bpointe 15 d'Airteagal 4 de Rialachán VIS, arna glacadh beo i gcomhréir le Airteagal 13;"

(2) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(-a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Baileoidh na Ballstáit aitheantóirí bithmhéadracha de chuid an iarratasóra arb éard a bheidh iontu íomhá dá aghaidh agus na deich gcinn de mhéarloirg an iarratasóra i gcomhréir leis na cosaintí a leagtar síos i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh."

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad [...] mhír 2 [...]:

"2. Ceanglófar ar an iarratasóir a bheith i láthair go pearsanta an tráth a mbeidh an chéad iarratas á chur isteach agus gach 59 mí ar a laghad ina dhiaidh sin. An tráth sin, baileofar na haitheantóirí bithmhéadracha seo a leanas de chuid an iarratasóra:

- íomhá den aghaidh arna glacadh beo mar a shainmhínítear i bpointe 15 d'Airteagal 4 de Rialachán VIS;

- na deich gcinn dá mhéarloirg a tógadh agus na méara leata agus a bailíodh go digiteach.

(b) [...] cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3 [...]:

"3. I gcás inar bailíodh méarloirg agus íomhá bheo den aghaidh de cháilíocht leordhóthanach ón iarratasóir agus inar iontráladh iad in VIS mar chuid d'iarratas a taisceadh ag tráth is lú ná 59 mí roimh dháta an iarratais nua, d'fhéadfaí na sonraí sin a chóipeáil isteach san iarratas a dhéanfar ina dhiaidh sin; ina éagmais sin, ní mór na sonraí sin a bhailiú as an nua. Sula ndéanfar íomhá den aghaidh a chóipeáil, cuirfear san áireamh athruithe ar chuma na n-iarratasóirí, go háirithe i gcás leanaí óga, nuair is féidir.

I gcás ina mbeadh amhras réasúnta ann, áfach, maidir le céannacht an iarratasóra, déanfaidh an chonsalacht na méarloirg a bhailiú laistigh den tréimhse a shonraítear sa chéad fhomhír.

Thairis sin, más rud é, an tráth a dtaiscefar an t-iarratas ar víosa, nach féidir a dheimhniú láithreach gur bailiódh na méarloirg laistigh den tréimhse ama a shonraítear sa chéad fhomhír, baileofar arís iad."

(ba) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"Beidh tairfeach agus cáilíocht leordhóthanach ag íomhá d'aghaidh na náisiúnach tríú tír dá dtagraítear i mír 2 chun go bhféadfar iad a úsáid le haghaidh meaitseáil bhithmhéadrach uathoibríthe."

(c) i mír 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) leanaí faoi bhun 6 bliana d'aois;"

(ca) i mír 7, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

"(e) daoine nach mór dóibh teacht i láthair mar fhinné os comhair cúirteanna agus binsí idirnáisiúnta i gcríoch na mBallstát agus a bheadh i mbaol mór dá mbeidís i láthair go pearsanta chun an t-iarratas ar víosa a chur isteach."

(cb) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

"7a. Féadfaidh iarratasóirí dá dtagraítear i mír 7 (a), (c), (d) agus (e) a bheith díolmhaithe ó íomhána den aghaidh a bheith glactha beo tráth an t-iarratas a chur isteach. I gcásanna mar sin, tiolacfar íomhá den aghaidh ar leor a tairfeach agus a cáilíocht le haghaidh meaitseáil bhithmhéadrach uathoibríthe.

"7b. I gcásanna eisceachtúla, nach féidir na sonraíochtaí i dtaca le cáilíocht agus le tairfeach a leagtar amach maidir le clárú beo na híomhá den aghaidh a chomhlíonadh, is féidir an íomhá den aghaidh a bhaint go leictreonach ó shlis an Doiciméid leictreonaigh Taistil Meaisín-Inléite (eMRTD). Sula mbainfeadh na sonraí ón tslis, deimhneofar barántúlacht agus sláine shonraí na slise trí úsáid a bhaint as an tsraith iomlán de dheimhnithe bailí, ach amháin mura bhfuil sin indéanta ar chúiseanna teicniúla nó dodhéanta toisc nach bhfuil deimhnithe bailí ar fáil. I gcásanna den sórt sin, cuirfeadh an íomhá den aghaidh isteach i gcomhad an iarratasóra in VIS de bhun Airteagal 9 agus 22a den Rialachán VIS tar éis fíorú leictreonach a dhéanamh go bhfuil an íomhá den aghaidh atá cláraithe i slis eMRTD ag teacht leis an íomhá bheo d'aghaidh an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann."

(d) scriostar mír 8;

(3) Leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. I dtaca le gach iarratas, déanfar VIS a cheadú i gcomhréir le hAirteagail 8(2), 9a agus 15 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008. Áiríteoidh na Ballstáit go mbainfear lánúsáid as na critéir chuardaigh uile de bhun na n-airteagal seo chun diúltú bréagach agus céannú bréagach a sheachaint.

(b) cuirtear isteach mír 3a, **3aa** agus mír 3b mar seo a leanas:

"3a. Chun measúnú a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le dul isteach dá bhforáiltear i mír 3, cuirfidh [...] **an t-údarás víosa** san áireamh an toradh a bheidh ar an bhfíorú a dhéanfar ar na bunachair shonraí seo a leanas de bhun Airteagal 9c de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008:

- (a) bunachar sonraí SIS agus bunachar sonraí SLTD chun seiceáil an bhfuil an doiciméad taistil a úsáideadh i gcomhair an iarratais ag comhfhreagairt do dhoiciméad taistil a tuairiscíodh gur cailleadh é, gur goideadh é, **gur mí-leithghabháladh é** nó gur cuireadh ó bhail é [...] agus an bhfuil an doiciméad taistil a úsáideadh i gcomhair an iarratais ag comhfhreagairt do dhoiciméad taistil atá ar taifead i gcomhad in TDAWN Interpol;
- (b) lárchóras ETIAS chun seiceáil an gcomhfhreagraíonn an t-iarratas d'iarratas ar údarú taistil a diúltaíodh, a rinneadh a chúlghairm nó a cuireadh ar neamhní **nó do shonraí ón liosta faire dá dtagraítear in Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2018/1240 chun críocha Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) a chur ar bun;**
- (c) bunachar sonraí VIS chun seiceáil an gcomhfhreagraíonn na sonraí a soláthraíodh san iarratas maidir leis an doiciméad taistil d'iarratas eile ar víosa a ghabhann le sonraí difriúla céannachta agus, lena chois sin, an raibh an t-iarratasóir faoi réir cinneadh i dtaobh víosa a dhiúltú, a chúlghairm nó a chur ar neamhní;
- (d) bunachar sonraí EES chun seiceáil an bhfuil sé tuairiscithe faoi láthair gur rófhantóir é an t-iarratasóir, nó ar tuairiscíodh gur rófhantóir é san am atá caite nó ar diúltaíodh cead isteach don iarratasóir san am atá caite;
- (e) bunachar sonraí Eurodac chun seiceáil an raibh an t-iarratasóir faoi réir tharraingt siar nó dhiúltú an iarratais ar mhaithe le cosaint idirnáisiúnta **[nó ar cláraíodh in Eurodac é mar gheall ar theacht isteach neamhdhleathach agus fanacht neamhdhleathach];**
- (f) sonraí Europol chun seiceáil an gcomhfhreagraíonn na sonraí a soláthraíodh san iarratas do shonraí atá ar taifead sa bhunachar sonraí sin;
- (g) **[an Córas ECRIS-TCN [...]]**
- (h) bunachar sonraí SIS chun seiceáil an bhfuil an t-iarratasóir faoi réir foláireamh maidir le daoine a bhfuiltear sa tóir orthu lena ngabháil chun críocha géillte ar bhonn Barántas Gabhála Eorpach nó a bhfuiltear sa tóir orthu lena ngabháil chun críocha eiseachadta [...];
- (i) **bunachar sonraí SIS chun seiceáil an bhfuil an t-iarratasóir faoi réir foláireamh chun críche iontráil a dhiúltú i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) Uimh .../...ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Teorainneacha SIS];**

- (j) ***bunachar sonraí SIS chun seiceáil an bhfuil an t-iarratasóir faoi réir foláireamh maidir le daoine atá faoi réir cinneadh um fhilleadh.***

Beidh rochtain ag an [...] ***údarás víosa*** ar an gcomhad iarratais agus ar aon chomhad iarratais nasctha, más ann dó, mar aon le toradh na bhfioruithe ar fad de bhun Airteagal 9c de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.

3aa. De mhaolú ar mhír 3a, de bharr imthosca eisceachtúla, i gcás inar féidir síneadh a chur leis an tréimhse bailíochta agus/nó le ré fanachta víosa a eisiódh de bhun Airteagal 33 nó i gcás inar féidir víosa a eisiúint ag an teorainn sheachtrach de bhun Airteagal 35 nó Airteagal 36 ach nach féidir na fíoruithe is gá de bhun Airteagal 9a (4a) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 a thabhairt i gcrích in am trátha, caithfidh an t-údarás víosaí a thiomhdiú nach ndéanfar síneadh a chur leis an víosa ná í a eisiúint.

3b. Ceadóidh an t-údarás víosaí an brathadóir ilchéannachtaí mar aon leis an stóras coiteann sonraí céannachta dá dtagraítear in Airteagal 4(37) de Rialachán 2018/XX [*maidir le hidir-inoibritheacht*] nó Córas Faisnéise Schengen nó an dá rud chun na difríochtaí sna céannachtaí atá nasctha a mheasúnú agus déanfaidh sé aon fhíorú breise is gá chun cinneadh a dhéanamh maidir le stádas agus dath an naisc agus, chomh maith leis sin, chun cinneadh a dhéanamh maidir le víosa an duine lena mbaineann a eisiúint nó a dhiúltú.

I gcomhréir le hAirteagal 59(1) de Rialachán 2018/XX [*maidir le hidir-inoibritheacht*] ní bheidh feidhm ag an mír seo ach amháin ó thús oibríochtaí an bhrathadóira ilchéannachtaí.";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Fíoróidh [...] ***an t-údarás víosa***, trí bhíthin úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a fuarthas ó EES, nach mbeidh de thoradh an fhanachta atá beartaithe fad uasta aon fhanachta a údaráidh ar chríoch na mBallstát sáraithe ag an iarratasóir, beag beann ar thréimhsí féideartha fanachta arna n-údarú faoi víosa fadfhanachta náisiúnta nó faoi chead cónaithe arna eisiúint ag Ballstát eile.";

(4) cuirtear an tAirteagal 21a seo a leanas isteach:

"Airteagal 21a

Táscairí riosca sonracha

1. ***Tacófar*** le measúnú ar an tslándáil nó ar inimirce neamhdhleathach nó ar ardrioscaí eipidéime [...] leis na nithe seo a leanas:
 - (a) staitisticí arna ngineadh ag EES lena léirítear rátaí neamhghnácha rófhantóirí agus diúltuithe cead isteach i ndáil le grúpa sonracha taistealaithe a bhfuil víosa acu;
 - (b) staitisticí arna ngineadh ag VIS i gcomhréir le hAirteagal 45a ***de Rialachán VIS*** lena léirítear rátaí neamhghnácha diúltuithe iarratas ar víosa mar gheall ar bhaol imirce neamhrialta, baol slándála nó baol don tsláinte phoiblí a bhaineann le grúpa sonracha taistealaithe;

- (c) staitisticí arna ngineadh ag VIS i gcomhréir le hAirteagal 45a *de Rialachán VIS* agus ag EES lena léirítear comhghaolta idir faisnéis arna bailiú tríd an bhfoirm iarratais agus rófhanacht nó diúltuithe cead isteach;
 - (d) faisnéis, dar bunús eilimintí fíorasacha agus eilimintí bunaithe ar fhianaise, arna soláthar ag na Ballstáit i dtaobh táscairí riosca sonracha maidir le slándáil nó bagairtí sonracha slándála a shainaithin an Ballstát sin;
 - (e) faisnéis, dar bunús eilimintí fíorasacha agus eilimintí bunaithe ar fhianaise, arna soláthar ag na Ballstáit maidir le rátaí neamhghnácha rófhantóirí nó diúltuithe cead isteach i gcás grúpa sonracha taistealaithe i leith an Bhallstáit sin;
 - (f) faisnéis arna soláthar ag na Ballstáit maidir le hardrioscaí sonracha eipidéime chomh maith le faisnéis um fhaireachas eipidéimeolaíochta agus measúnuithe riosca arna soláthar ag an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) agus ráigeanna galair arna dtuairisciú ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS).
2. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme, lena sonrúfar na rioscaí dá dtagraítear i mír 1. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 52(2).
3. Ar bhonn na rioscaí sonracha arna gcinneadh i gcomhréir le mír 2, bunófar táscairí riosca sonracha a bheidh comhdhéanta de shonraí éagsúla lena n-áirítear ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:
- (a) aoisghrúpa, inscne, náisiúntacht;
 - (b) tír chónaithe agus cathair chónaithe;
 - (c) Ballstát/Ballstáit cinn scribe;
 - (d) Ballstát an chéad dul isteach;
 - (e) cuspóir an taistil;
 - (f) slí bheatha reatha.
4. Beidh na táscairí riosca sonracha spriocdhírthe agus comhréireach. Ní bheidh, i gcás ar bith, na táscairí sin bunaithe ar inscne nó aois duine agus orthu sin amháin. Ní bhunófar iad, i gcás ar bith, ar fhaisnéis maidir le cine an duine, an dath craicinn atá air, a mhianach eitneach nó sóisialta, a airíonna géiniteacha, an teanga atá aige, na tuairimí polaitiúla nó aon tuairimí eile atá aige, an reiligiún nó creideamh fealsúnach atá aige, an ball de cheardchumann é, an ball de mhionlach náisiúnta é, an mhaoin atá aige, an áit ar rugadh é, an bhfuil míchumas air nó an claonadh atá ann ó thaobh gnéis de.
5. Glacfaidh an Coimisiún na táscairí riosca sonracha trí ghníomh cur chun feidhme. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 52(2).

6. Úsáidfidh na húdaráis víosaí na táscairí riosca sonracha nuair a dhéanfaidh siad a mheas an bhfuil baol na hinimirce neamhdhleathaí, baol do shlándáil aon cheann de na Ballstáit nó ardriosca eipidéime i gcomhréir le hAirteagal 21(1) ag roinnt leis an iarratasóir.
7. Déanfaidh an Coimisiún na rioscaí sonracha agus na táscairí riosca sonracha a athbhreithniú go tráthrialta.";
- (5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 46:

*"Airteagal 46
Staidreamh a thiomsú*

Faoin 1 Márta gach bliain, foilseoidh an Coimisiún tiomsú de na staitisticí bliantúla seo a leanas maidir le víosaí in aghaidh na consalachta agus an phointe trasnaithe teorann i gcás ina ndéanfaidh na Ballstáit astu féin iarratais ar víosa a phróiseáil:

- (a) líon na víosaí idirthurais aerfoirt a ndearnadh iarratas orthu, a eisíodh agus a diúltaíodh;
- (b) líon na víosaí aonfhoirmeachta dul isteach aonuaire, agus líon na víosaí dul isteach iolracha a ndearnadh iarratas orthu, a eisíodh (arna n-imdhealú de réir a bhfaid bailíochta: *sé mhí nó níos lú*, bliain amháin, dhá bhliain, trí bliana, ceithre bliana agus cúig bliana) agus a diúltaíodh;
- (c) líon na víosaí a eisíodh a bhfuil bailíocht chríochach theoranta acu.

Tiomsófar na staitisticí sin ar bhonn tuarascálacha arna nginiúint ag lárstóras sonraí VIS i gcomhréir le hAirteagal 45a [...] de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.";

- (6) [...] *Leasaítear* Airteagal 57 *mar a leanas*: [...]

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Dhá bhliain tar éis d'fhorálacha uile an Rialacháin seo teacht chun bheith infheidhme, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar a chur i bhfeidhm ar fáil. Cuimseofar sa mheastóireacht fhoriomlán sin scrúdú ar na torthaí a baineadh amach maidir leis na cuspóirí agus ar chur chun feidhme fhorálacha an Rialacháin seo."

(b) scriostar mír 3 agus mír 4.

Airteagal 4
Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 2017/2226

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2017/2226 mar a leanas:

(-1) in Airteagal 8(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

"(e) i gcás ina ndéantar céannacht an tsealbhóra víosa a fhíorú trí bhíthin a mhéarlorg nó íomhá den aghaidh, fíorófar céannacht an tsealbhóra víosa ag na teorainneacha ag a n-oibrítear EES trí mhéarloirg nó íomhá d'aghaidh an tsealbhóra víosa a chur i gcomparáid leis na méarloirg arna dtairfeadh nó an íomhá den aghaidh arna glacadh beo agus arna tairfeadh in VIS i gcomhréir le hAirteagal 23 den Rialachán seo agus le hAirteagal 18(6) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008. Ní úsáidfeadh ach íomhánna den aghaidh atá ar tairfeadh a thugann le fios gur glacadh an íomhá den aghaidh beo tráth curtha isteach an iarratais chun comparáid a dhéanamh le VIS."

(1) cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 9(2):

"Le EES, cuirfeadh ar fáil an fheidhmiúlacht chun an liosta sin a bhainistiú go lárnach. Leagfar síos i ngníomhartha cur chun feidhme na rialacha mionsonraithe maidir leis an bhfeidhmiúlacht sin a bhainistiú. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 68(2) den Rialachán seo.";

(2) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi phointe (b) d'Airteagal 26(1) den Choinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, bainfidh iompróirí úsáid as an tseirbhís gréasáin chun a fhíorú an bhfuil víosa [...] bailí, lena n-áirítear ar úsáideadh cheana an líon uaireanta dul isteach údraithe nó ar bhain an sealbhóir amach fad uasta an fhanachta údraithe nó, de réir mar a bheidh, an bhfuil an víosa bailí i leith chríoch calafoirt cinn scríbe an taistil sin⁴⁵. Cuirfidh iompróirí na sonraí a liostaítear faoi phointe (a), faoi phointe (b) agus faoi phointe (c) d'Airteagal 16(1) den Rialachán seo ar fáil. Ar an mbonn sin, tabharfaidh an tseirbhís gréasáin freagra "CGL/NÍL SÉ CGL" do na hiompróirí. Féadfaidh iompróirí pé faisnéis a sheoltar a stóráil mar aon leis an bhfreagra a gheofar i gcomhréir leis an dlí is infheidhme. Bunóidh iompróirí scéim fíordheimhniithe lena áirithiú gur ag an bhfoireann údraithe amháin a bheidh rochtain ar an tseirbhís gréasáin. Ní bheidh sé indéanta an freagra "CGL/NÍL SÉ CGL" a mheas ina chinneadh cead isteach a údarú nó a dhiúltú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/399.";

(2a) Leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. I gcás inar gá comhad aonair a chruthú nó íomhá den aghaidh dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 16(1) agus i bpointe (b) d'Airteagal 17(1) agus d'Airteagal 18(2) a nuashonrú, glacfar an íomhá den aghaidh beo."

(b) scriostar mír 5;

⁴⁵ Bhí scríosadh "gearrfhanachta" in easnamh in 15505/18, ach beartaíodh roimhe sin go scríosfaí é (cf. 15504/18).

(2b) in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d) de mhír 1:

"(d) an íomhá den aghaidh dá dtagraítear in Airteagal 15, ach amháin i gcás ina ndéanfar íomhá den aghaidh a glacadh beo a thairfeadh in VIS."

(2c) in Airteagal 18, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) de mhír 2:

"(a) i dtaca le náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir ceanglas víosa a bheith acu, an íomhá den aghaidh dá dtagraítear in Airteagal 15 den Rialachán seo;"

(2d) in Airteagal 23, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhomhír 3 de mhír 2:

"Más amhlaidh go léiríonn an cuardach in EES leis na sonraí a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo go bhfuil sonraí faoin náisiúnach tríú tír ar tairfeadh in EES, déanfaidh na húdaráis teorann íomhá bheo d'aghaidh an náisiúnaigh tríú tír a chur i gcomparáid leis an íomhá den aghaidh dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 16(1) agus i bpointe (b) d'Airteagal 17(1) den Rialachán seo nó déanfaidh na húdaráis teorann, i dtaca le náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaith ó víosaí a bheith acu, méarloirg a fhíorú trína seiceáil in EES agus i dtaca le náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir ceanglas víosa, déanfaidh siad na méarloirg nó an íomhá den aghaidh a glacadh beo a fhíorú trína seiceáil go díreach in VIS i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008. Chun méarloirg nó íomhá den aghaidh a glacadh beo sealbhóirí víosa a fhíorú in VIS, féadfaidh na húdaráis teorann an cuardach a sheoladh in VIS go díreach ó EES mar a fhoráiltear in Airteagal 18(6) den Rialachán sin."

(2e) in Airteagal 27, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhomhír 2 de mhír 1:

"I gcás ina léiríonn an cuardach le sonraí méarlorg nó le sonraí méarlorg in éineacht leis an íomhá den aghaidh nach bhfuil sonraí faoin náisiúnach tríú tír sin ar tairfeadh in EES, tabharfar rochtain ar shonraí VIS chun sainaitheint a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008. Ag teorainneacha ag a n-oibrítear EES, déanfaidh na húdaráis inniúla VIS a rochtain i gcomhréir le hAirteagal 18 nó le hAirteagal 19a de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008. Féadfar cuardaigh in EES agus VIS a sheoladh go comhuaineach."

(3) in Airteagal 35(4), scriostar an fhoclaíocht "trí bhíthin bhonneagar VIS".

Airteagal 5

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/399

Leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 mar seo a leanas:

(1) in Airteagal 8(3), cuirtear isteach an pointe (ba) seo a leanas:

"(ba) má bhíonn víosa fadfhanachta nó cead cónaithe ina sheilbh ag náisiúnach tríú tír, is éard a bheidh sna seiceálacha críochnúla ar dhul isteach go bhfíorófar céannacht an tsealbhóra víosa fadfhanachta nó cead cónaithe agus barántúlacht **agus bailíocht** na víosa fadfhanachta nó an cheada cónaithe, trí bhíthin an Córas Faisnéise Víosaí (VIS) a cheadú i gcomhréir le hAirteagal 22g de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008;

I[...] gcásanna ina dteipfidh ar an bhfíorú a dhéanfar ar chéannacht an tsealbhóra doiciméid nó ar an bhfíorú a dhéanfar ar an doiciméad i gcomhréir le hAirteagal 22g den Rialachán sin, de réir mar is infheidhme, nó i gcás ina mbeidh amhras maidir le céannacht an tsealbhóra doiciméid, maidir le barántúlacht an doiciméid agus/nó an doiciméid taistil, déanfaidh foireann chuí-údaraithe na n-údarás inniúil sin an slis doiciméid a fhíorú.";

(2) in Airteagal 8(3), scriostar pointí (c) go (f);

(3) ***In Airteagal 8(3), cuirtear "Airteagal 20" in ionad "Airteagal 13".***

Airteagal 7

Leasuithe ar Rialachán (AE) XXX maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh (teorainneacha agus víosaí) [an Rialachán maidir le hidir-inoibritheacht]

Leasaítear Rialachán (AE) XXX maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh (teorainneacha agus víosaí) [an Rialachán maidir le hidir-inoibritheacht] mar a leanas:

(1) in Airteagal 13(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(5), 9(6), Airteagal 22a[...] (*I*[...])(*j*[...]) agus (*k*[...]) [...] de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008;"

(2) In Airteagal 18(1) cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (b):

"(b) na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(a) *go dtí*[...] (*cc*), Airteagal 9 (5) agus (6), Airteagal 22a[...] (*I*[...])(*d*[...]) go dtí (*g*[...]), (*j*[...]) agus (*k*[...]) [...] de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008;"

(3) in Airteagal 26(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 6(1) [...] de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 nuair a chruthaítear nó nuair a nuashonraítear comhad iarratais [...] in VIS i gcomhréir le [...] Rialachán (CE) Uimh. 767/2008;"

(4) Leasaítear Airteagal 27 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) go ndéantar comhad iarratais [...] a chruthú nó a nuashonrú in VIS i gcomhréir le [...] Rialachán (CE) Uimh. 767/2008;"

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) sloinne (ainm teaghlaigh); céadainm (céadainmneacha); dáta breithe, inscne agus náisiúntacht (náisiúntachtaí) dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(a), in Airteagal 22a[...] (*I*[...])(*d*[...]) [...] de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008;"

(4) in Airteagal 29(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 6(1) [...] de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 i leith amais a tionscnaíodh nuair a chruthaítear nó nuair a nuashonraítear comhad iarratais [...] in VIS i gcomhréir le [...] Rialachán (CE) Uimh. 767/2008;"

Airteagal 8
Aisghairm Chinneadh 2008/633/CGB

Aisghairtear Cinneadh 2008/633/CGB. Déanfar tagairtí do Chinneadh 2008/633 a fhorléiriú mar thagairtí do Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn 2.

Airteagal 9
Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tíocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh lena socrófar an dáta a chuirfidh VIS tús le hoibríochtaí de bhun an Rialacháin seo, tar éis a fhíorú gur comhlíonadh na coinníollacha seo a leanas:

(a) gur chuir an t-údarás bainistíochta in iúl don Choimisiún go bhfuil na gníomhaíochtaí tástála maidir le CS-VIS curtha i gcrích go rathúil; agus

(b) gur chuir na Ballstáit in iúl don Choimisiún go bhfuil na socrúithe riachtanacha de chineál teicniúil agus dlíthiúil déanta acu chun sonraí a phróiseáil de bhun an Rialacháin seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

An tUachtarán